Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**12413/25 ADD 8**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0183 (NLE)**

**POLCOM 200**
**SERVICES 37**
**FDI 32**
**COLAC 117**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 338 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 338 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 338 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2025
COM(2025) 338 final

ANNEX 6

# IARSCRÍBHINN

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile**

**IARSCRÍBHINN 10-A**

AN tAONTAS EORPACH

LIOSTA GEALLTANAS MAIDIR LE SOLÁTHAR TRASTEORANN SEIRBHÍSÍ I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAIL 10.3 AGUS 10.4

1. Léirítear sa liosta gealltanas thíos na hearnálacha seirbhíse a léirscaoiltear de bhun Airteagail 10.3 agus 10.4 agus sonraítear leis, trí bhíthin forchoimeádas, na teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh agus maidir le cóir náisiúnta a bhfuil feidhm acu i dtaca le seirbhísí agus soláthróirí seirbhíse Stáit Sínithe MERCOSUR sna hearnálacha sin. Tá dhá cholún sa liosta thíos ina bhfuil na heilimintí seo a leanas, faoi seach:

   (a) an earnáil nó an fho-earnáil ina dtugann an tAontas Eorpach an gealltanas, agus raon feidhme an léirscaoilte a bhfuil feidhm ag na forchoimeádais maidir leis; agus

   (b) tuairisc ar na forchoimeádais is infheidhme.

2. Ní thugann an tAontas Eorpach aon ghealltanas maidir le soláthar trasteorann seirbhísí in earnálacha nó i bhfo-earnálacha a chumhdaítear leis an gComhaontú seo agus nach luaitear san Iarscríbhinn seo.

3. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, agus earnálacha agus fo-earnálacha aonair á sainaithint:

   (a)Ciallaíonn 'ALT' an tAicmiú Lárnach Táirgí sealadach mar a shainmhínítear in Airteagal 1.3(c); agus

   (b) Ciallaíonn 'ALT leagan 1.0' an tAicmiú Lárnach Táirgí mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, ALT leagan 1.0, 1998.

4. Ní áirítear ar an liosta san Iarscríbhinn sin bearta maidir le ceanglais agus nósanna imeachta um cháiliú, caighdeáin theicniúla agus ceanglais agus nósanna imeachta um cheadúnú nach teorannú iad de réir bhrí Airteagal 10.3 nó Airteagal 10.4 faoi seach. Na bearta sin (mar shampla, an gá ceadúnas a fháil, oibleagáidí seirbhíse uilíche, an gá aitheantas a fháil do cháilíochtaí in earnálacha rialaithe agus an gá pas a fháil i scrúduithe sonracha, lena n-áirítear scrúduithe teanga), fiú mura liostaítear iad, tá feidhm acu in aon chás maidir le seirbhísí agus soláthróirí seirbhíse de chuid Stát Sínithe MERCOSUR.

5. Tá an liosta thíos gan dochar d'indéantacht an tsoláthair trasteorann seirbhísí mar a shainmhínítear i bpointe (b) d'Airteagal 10.2 in earnálacha agus i bhfo-earnálacha seirbhíse áirithe agus gan dochar do mhonaplachtaí poiblí agus cearta eisiacha a bheith ann mar a thuairiscítear sa liosta gealltanas maidir le bunaíocht.

6. Tugann an tAontas Eorpach gealltanais i ndáil le rochtain ar an margadh mar a leagtar amach in Airteagal 10.3, arna ndifreáil ag a Bhallstáit, más infheidhme.

7. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcás an Aontais Eorpaigh, ní bheidh ceanglas i gceist le hoibleagáid cóir náisiúnta a thabhairt do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha de Stát Sínithe MEROCSUR, an chóir a thugtar i mBallstát den Aontas Eorpach, de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nó de bhun aon bheart arna ghlacadh de bhun an Chonartha sin, lena n-áirítear cur chun feidhme an Chonartha nó na mbeart sin i mBallstáit an Aontais Eorpaigh, a leathnú chun iad seo a leanas a chumhdach:

(a) daoine nádúrtha nó cónaitheoirí de Bhallstát den Aontas Eorpach; nó

(b) daoine dlítheanacha atá comhdhéanta nó eagraithe faoi dhlí Ballstáit eile den Aontas Eorpach nó faoi dhlí an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu i gceann dá Bhallstáit.

Deonaítear an chóir náisiúnta sin do dhaoine dlítheanacha atá comhdhéanta nó eagraithe faoi dhlí Ballstáit nó faoi dhlí an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu i mBallstát den Aontas Eorpach, lena n-áirítear iad siúd atá faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine nádúrtha nó dlítheanacha de Stát Sínithe MERCOSUR.

8. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas sna liostaí thíos:

– AE An tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh
– LEE An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
– AT An Ostair
– BE An Bheilg
– BG An Bhulgáir
– CY An Chipir
– CZ An tSeicia
– DE An Ghearmáin
– DK An Danmhairg
– EE An Eastóin
– EL An Ghréig
– ES An Spáinn
– FI An Fhionlainn
– FR An Fhrainc
– HR An Chróit
– HU An Ungáir

– IE Éire
– IT An Iodáil
– LT An Liotuáin
– LU Lucsamburg
– LV An Laitvia
– MT Málta
– NL An Ísiltír
– ECFE An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta
– PL An Pholainn
– PT An Phortaingéil
– RO An Rómáin
– SE An tSualainn
– SI An tSlóivéin
– SK Poblacht na Slóvaice

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Gach earnáil | Réadmhaoin<br>I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>I ngach ceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh seachas AT, BG, CY, CZ, DE, DK, EL, FI, HU, IE, IT, LT, MT, PL, RO, SI, SK: Ceann ar bith.<br>In AT: Éadáil, ceannach, fáil ar cíos nó léasú réadmhaoine ag daoine nádúrtha eachtracha agus ag daoine dlítheanacha eachtracha, tá gá le húdarú ina leith ó na húdaráis réigiúnacha inniúla ('Länder') lena mbreithneofar an ndéantar difear do leasanna tábhachtacha eacnamaíocha, sóisialta nó cultúrtha.<br>In BG: Is féidir le daoine dlítheanacha eachtracha agus saoránaigh eachtracha a bhfuil buanchónaí orthu ar an gcoigríoch úinéireacht a fháil ar fhoirgnimh agus ar chearta teoranta maoine[1] i leith réadmhaoine faoi réir chead na hAireachta Airgeadais. Níl feidhm ag an gceanglas ceada maidir le daoine a rinne infheistíochtaí in BG.<br>Saoránaigh eachtracha ar a bhfuil buanchónaí thar lear, daoine dlítheanacha eachtracha agus cuideachtaí ina n-áirithítear le rannpháirtíocht eachtrach tromlach ó thaobh glacadh le cinntí de, nó ina gcuirtear bac ar chinntí a ghlacadh, féadfaidh siad cearta chun maoine réadaigh a éadáil i limistéir gheografacha shonracha arna sainiú ag Comhairle na n Airí faoi réir cead a fháil.<br>In CY: Neamhcheangailte.<br>In CZ: Is féidir le daoine nádúrtha eachtracha agus daoine dlítheanacha eachtracha a bhfuil buanchónaí orthu in CZ talamh talmhaíochta agus foraoise a fháil. Tá feidhm ag rialacha sonracha maidir leis an talamh talmhaíochta agus foraoise atá faoi úinéireacht stáit. |

1 Aithnítear le dlí maoine na Bulgáire na cearta teoranta maoine seo a leanas: an ceart úsáide, an ceart tógála, an ceart chun forstruchtúr agus éasúintí a thógáil.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In DK: Tá feidhm ag teorainneacha ar cheannach réadmhaoine ag eintitis fhisiceacha agus dhlítheanacha neamhchónaitheacha. Tá feidhm ag teorainneacha ar cheannach eastáit talmhaíochta ag eintitis fhisiceacha agus dhlítheanacha eachtracha.<br><br>In DE: Féadfaidh feidhm a bheith ag coinníollacha áirithe cómhalartachta.<br><br>In EL: De réir Dhlí Uimh. 1892/90, is gá do shaoránach cead a fháil ón Aire Cosanta chun talamh a fháil i limistéir atá cóngarach do theorainneacha.<br><br>In FI (Oileáin Åland): Srianta ar an gceart daoine nádúrtha nach bhfuil saoránacht réigiúnach acu in Åland, agus daoine dlítheanacha, réadmhaoin a éadáil in Oileáin Åland agus seilbh a choinneáil uirthi gan cead a fháil ó údaráis inniúla Oileáin Åland. Tá feidhm ag srianta ar an gceart bunaíochta agus ar an gceart chun seirbhísí a sholáthar ag daoine nádúrtha nach bhfuil saoránacht réigiúnach acu in Åland nó ag aon duine dlítheanach gan cead ó údaráis inniúla Oileáin Åland.<br><br>In HU: Neamhcheangailte i ndáil le héadáil maoine atá faoi úinéireacht stáit. Tá feidhm ag teorainneacha ar éadáil talún agus réadmhaoine ag infheisteoirí coigríche[1].<br><br>In IE: Is gá toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ó Choimisiún na Talún chun go bhfaighidh cuideachtaí intíre nó eachtracha nó náisiúnaigh eachtracha aon leas i dtalamh na hÉireann. Más le haghaidh úsáid thionsclaíoch (seachas an tionscal talmhaíochta) an talamh sin, tarscaoiltear an ceanglas sin faoi réir deimhniú chuige sin ón Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Níl feidhm ag an gceanglas sin maidir le talamh laistigh de theorainneacha cathracha agus bailte. |

1 A mhéid a bhaineann le hearnálacha seirbhísí, ní théann na teorainneacha sin thar na teorainneacha a léirítear i ngealltanais an Chomhaontaithe Ghinearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS) atá ann cheana.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In IT: Tá ceannach réadmhaoine ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha eachtracha faoi réir coinníoll cómhalartachta.<br><br>In LT: Neamhcheangailte i ndáil le héadáil talún.<br><br>In MT: Tá feidhm ag ceanglais dhlíthe agus rialacháin Mhálta maidir le héadáil réadmhaoine.<br><br>In PL: Ní mór d'eachtrannaigh (daoine nádúrtha nó dlítheanacha) cead a fháil chun réadmhaoin a fháil, go díreach nó go hindíreach. Neamhcheangailte i ndáil le héadáil maoine faoi úinéireacht stáit (mar shampla, na rialacháin lena rialaítear an próiseas príobháidithe).<br><br>In RO: Daoine nádúrtha nach bhfuil saoránacht Rómánach acu ná cónaí orthu sa Rómáin, ná daoine dlítheanacha nach bhfuil náisiúntacht Rómánach ná a gceanncheathrú sa Rómáin acu, ní fhéadfaidh siad úinéireacht a fháil ar dháileachtaí talún de chineál ar bith trí ghníomhartha *inter vivos*.<br><br>In SI: Daoine dlítheanacha atá bunaithe in SI agus a bhfuil rannpháirteachas caipitiúil eachtrach iontu, féadfaidh siad réadmhaoin a fháil ar chríoch SI. Brainsí[1] arna mbunú ag daoine eachtracha in SI, féadfaidh siad réadmhaoin a fháil, seachas talamh, i gcás ina mbeidh gá leis an réadmhaoin sin chun na gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar ina leith a bunaíodh iad a dhéanamh agus sa chás sin amháin.<br><br>In SK: Tá feidhm ag teorainneacha ar éadáil réadmhaoine ag eintitis nádúrtha agus dhlítheanacha eachtracha. Féadfaidh eintitis eachtracha réadmhaoin a fháil trí eintitis dhlítheanacha Slóvacacha a bhunú nó trí rannpháirtíocht a ghlacadh i gcomhfhiontair. Neamhcheangailte i ndáil le talamh, lena n-áirítear acmhainní nádúrtha, lochanna, aibhneacha agus bóithre poiblí. |

[1] De réir an Dlí maidir le Cuideachtaí Tráchtála, ní mheastar gur duine dlítheanach é brainse atá bunaithe in SI, ach a mhéid a bhaineann lena oibriú, tá a chóir cothrom le cóir fochuideachta, rud atá i gcomhréir le hAirteagal XXVIII mír (g) de GATS.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 1. Seirbhísí gnó | |
| A. Seirbhísí gairmiúla | |
| a) Seirbhísí dlí<br>(ALT 861)[1]<br>cé is moite de sheirbhísí comhairleacha dlí agus de sheirbhísí doiciméadachta agus deimhniúcháin dlí a sholáthraíonn gairmithe dlí a gcuirtear feidhmeanna poiblí de chúram orthu, amhail nótairí, 'huissiers de justice' nó 'officiers publics et ministériels' eile. | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>In AT, EL, LT, MT, PL, SK: Tá glaoch iomlán chun an Bharra, atá ina cheangal chun dlí intíre (an Aontais agus Ballstáit) a chleachtadh, faoi réir ceanglas náisiúntachta. In SK, in éineacht le ceanglas cónaithe in SK.<br>In FI: Tá glaoch iomlán chun an Bharra, atá ina cheangal le haghaidh seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla, faoi réir ceanglas náisiúntachta, mar aon le ceanglas cónaithe. |

1 Áirítear orthu sin seirbhísí comhairleacha dlí, seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla, seirbhísí eadrána, comhréitigh nó idirghabhála dlí, agus seirbhísí doiciméadachta agus deimhniúcháin dlí. Ní údaraítear soláthar seirbhísí dlí ach amháin i leith an dlí idirnáisiúnta phoiblí, i leith dhlí an Aontais agus i leith dhlí aon dlínse ina bhfuil an soláthróir seirbhíse nó a phearsanra cáilithe chun cleachtadh mar dhlíodóir, agus, amhail soláthar seirbhísí eile, tá sé faoi réir ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnúcháin is infheidhme i mBallstáit an Aontais Eorpaigh. I gcás dlíodóirí a sholáthraíonn seirbhísí dlí i leith an dlí idirnáisiúnta phoiblí agus an dlí eachtraigh, is é a d'fhéadfadh a bheith sna ceanglais agus sna nósanna imeachta ceadúnúcháin sin*,* mar shampla*,* comhlíonadh cód áitiúil eitice, úsáid teidil baile (mura bhfuarthas aitheantas don teideal óstach), ceanglais árachais, clárú simplí le Barra na tíre óstaí nó cead isteach simplithe i mBarra na tíre óstaí trí thástáil inniúlachta agus sainchónaí dlíthiúil nó gairmiúil sa tír óstach. I bprionsabal, is dlíodóir lánch- háilithe a glaodh chun an Bharra i mBallstát den Aontas Eorpach ag gníomhú i gcáil phearsanta dó a dhéanfaidh seirbhísí dlí i leith dhlí an Aontais Eorpaigh, nó is trí dhlíodóir den sórt sin a dhéanfar na seirbhísí sin agus, i bprionsabal, is dlíodóir lánchháilithe a glaodh chun an Bharra i mBallstát den Aontas Eorpach ag gníomhú i gcáil phearsanta dó a dhéanfaidh seirbhísí dlí i leith dhlí an Bhallstáit sin den Aontas Eorpach, nó is trí dhlíodóir den sórt sin a dhéanfar na seirbhísí sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh glaoch iomlán chun an Bharra i mBallstát ábhartha den Aontas Eorpach ina cheanglas chun ionadaíocht a dhéanamh os comhair na gcúirteanna agus údaráis inniúla eile san Aontas Eorpach ós rud é go mbaineann sé le cleachtadh dhlí nós imeachta an Aontais agus cleachtadh an dlí nós imeachta náisiúnta. I roinnt Ballstáit den Aontas Eorpach, áfach, ceadaítear do dhlíodóirí eachtracha nach bhfuil cead isteach iomlán sa Bharra acu ionadaíocht a dhéanamh in imeachtaí sibhialta ar náisiúnach den Stát ina bhfuil an dlíodóir i dteideal cleachtadh é duine de na páirtithe nó ar leis an Stát é an páirtí sin.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In CY: Tá feidhm ag ceanglais náisiúntachta agus cónaithe. Tá glaoch iomlán chun an Bharra ina cheanglas chun seirbhísí dlí a sholáthar in CY. Tá glaoch iomlán chun an Bharra faoi réir ceanglas náisiúntachta, in éineacht le ceanglas cónaithe. Ní fhéadfaidh ach abhcóidí atá cláraithe leis an mBarra a bheith ina gcomhpháirtithe, ina scairshealbhóirí nó ina mbaill den bhord stiúrthóirí i gcuideachta dlí in CY.<br><br>In BE: Tá glaoch iomlán chun an Bharra, atá ina cheanglas le haghaidh seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla, faoi réir ceanglas náisiúntachta. Is féidir díolúintí a dheonú faoi choinníollacha sonracha (mar shampla, ceanglas cónaithe agus coinníoll na cómhalartachta). Tá feidhm ag cuótaí maidir le hionadaíocht os comhair '*Cour de cassation*' i gcásanna neamh-choiriúla.<br><br>In BG: Ní féidir le dlíodóirí eachtracha seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla a sholáthar do náisiúnach dá dtír dhúchais ach amháin faoi réir cómhalartachta agus comhair le dlíodóir Bulgárach. Le haghaidh seirbhísí idirghabhála dlí, tá buanchónaí ina cheangal.<br><br>In CZ: Tá glaoch iomlán chun an Bharra ina cheanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Beidh feidhm ag ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil neamh-idirdhealaitheach. Chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí náisiúnta (dlí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna, tá náisiúntacht LEE nó na hEilvéise agus cónaí in CZ ina gceanglas.<br><br>In DK: Ní cheadaítear ach do dhlíodóirí a bhfuil ceadúnas Danmhargach acu chun dlí a chleachtadh seirbhísí dlí a dhéanamh faoin teideal 'Advokat'. Déantar ionadaíocht os comhair na gcúirteanna a fhorchoimeád go príomha do dhlíodóirí a bhfuil ceadúnas Danmhargach acu chun dlí a chleachtadh. Daoine eile seachas dlíodóirí a bhfuil ceadúnas Danmhargach acu chun dlí a chleachtadh, féadfaidh siad seirbhísí dlí a dhéanamh i gcomhréir le hAcht na Danmhairge um Sheirbhísí Dlí, ach ní cheadaítear dóibh an teideal 'Advokat' a úsáid. Chun go bhfaighidh duine ceadúnas chun dlí a chleachtadh, ní mór céim baitsiléara agus máistir sa dlí ón Danmhairg a bheith aige agus ní mór 3 bliana a bheith caite aige ag obair mar aturnae cúnta. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In ES: Tá glaoch iomlán chun an Bharra ina cheangal chun seirbhísí dlí a chleachtadh i dtaobh dhlí an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Tá náisiúntacht LEE nó na hEilvéise ina ceanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí náisiúnta (dlí an Aontais agus na mBallstát), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Féadfaidh na húdaráis inniúla tarscaoileadh náisiúntachta a dheonú. Beidh feidhm ag ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil neamh-idirdhealaitheach. Tá náisiúntacht LEE nó na hEilvéise ina ceanglas chun seirbhísí gníomhaireachta maoine tionsclaíche a chleachtadh.<br><br>In FR: Tá glaoch iomlán chun an Bharra ina cheanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i dtaobh dhlí na Fraince, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Tá cónaitheacht (láithreacht tráchtála) ina cheanglas chun glaoch iomlán chun an Bharra a fháil. Chun seirbhísí dlí a sholáthar i dtaobh an dlí náisiúnta (dlí an Aontais agus na mBallstát), d'fhéadfadh go mbeadh láithreacht tráchtála ina ceangal chun ceann de na foirmeacha dlí a thógáil atá ceadaithe faoin dlí náisiúnta ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Féadfar cineálacha áirithe d'fhoirm dlí a fhorchoimeád go heisiach do dhlíodóirí arna nglao chun an bharra, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach freisin. Tá ionadaíocht os comhair '*Cour de Cassation*' agus '*Conseil d'Etat*' faoi réir cuótaí. I ngnólacht dlí a sholáthraíonn seirbhísí i ndáil le dlí na Fraince nó dlí an Aontais, féadfaidh scairshealbhaíocht agus cearta vótála a bheith faoi réir srianta cainníochtúla a bhaineann le gníomhaíocht ghairmiúil na gcomhpháirtithe.<br><br>In FI: Ní mór cónaí a bheith ar ghníomhaire paitinne in LEE chun go mbeadh sé taifeadta i gClár na nGníomhairí Paitinne, rud atá riachtanach chun an ghairm a chleachtadh.<br><br>In HR: Neamhcheangailte i ndáil le cleachtadh dhlí na Cróite.<br><br>In HU: Tá glaoch iomlán chun an Bharra faoi réir ceanglas náisiúntachta, in éineacht le ceanglas cónaithe. I gcás dlíodóirí eachtracha, tá raon feidhme na ngníomhaíochtaí dlí teoranta do chomhairle dlí a sholáthar. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In IE: Tá glaoch iomlán chun an Bharra ina cheanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i dtaobh dhlí na hÉireann, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Tá cónaitheacht (láithreacht tráchtála) ina cheanglas chun glaoch iomlán chun an Bharra a fháil. Tá dlíodóirí in IE roinnte in dhá (2) chatagóir ar leithligh: aturnaetha agus abhcóidí. Is é Dlí-Chumann na hÉireann an comhlacht reachtúil do ghairm an dí a rialaíonn glacadh aturnaetha in IE. Rialaíonn Cumann Onórach Óstaí an Rí glacadh abhcóidí in IE.<br><br>In LV: Tá feidhm ag ceanglas náisiúntachta maidir le haturnaetha faoi mhionn, dá bhforchoimeádtar ionadaíocht dhlíthiúil in imeachtaí coiriúla.<br><br>In PT: Tá aitheantas ar cháilíochtaí chun dlí na Portaingéile a chleachtadh faoi réir coinníoll cómhalartachta. Tá feidhm ag ceanglas náisiúntachta maidir le rochtain ar ghairm na nótairí ar a dtugtar 'solicitadores' agus maidir le gníomhairí maoine tionsclaíche.<br><br>In SI: I dtaca le hionadaíocht a dhéanamh ar chliaint os comhair na cúirte i leith íocaíochta, tá sé sin faoi choinníoll láithreachta tráchtála in SI. Dlíodóir eachtrach a bhfuil sé de cheart aige an dlí a chleachtadh i dtír eachtrach, féadfaidh sé seirbhísí dlí a sholáthar nó an dlí a chleachtadh faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 34a d'Acht na nAturnaetha, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníoll na cómhalartachta iarbhír. Is é an Aireacht Dlí agus Cirt a fhíoraíonn go bhfuil coinníoll na cómhalartachta á chomhlíonadh. Tá láithreacht tráchtála d'aturnaetha ceaptha ag Comhlachas Barra na Slóivéine srianta do dhílseánacht aonair, gnólacht dlí faoi dhliteanas teoranta (comhpháirtíocht) nó do ghnólacht dlí faoi dhliteanas neamhtheoranta (comhpháirtíocht) amháin. Srianfar gníomhaíochtaí gnólachta dlí do chleachtadh an dlí. Ní fhéadfaidh ach aturnaetha a bheith ina gcomhpháirtithe i ngnólacht dlí.<br><br>In SE: Tá glaoch iomlán chun an Bharra, nach bhfuil ina cheanglas ach amháin chun an teideal Sualannach 'advokat' a úsáid, faoi réir ceanglas cónaithe. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| b) 1. Seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta<br><br>(ALT 86212 seachas seirbhísí iniúchóireachta, 86213, 86219 agus 86220) | I gcás Mhodh 1<br><br>In HU, IT, MT, RO, SI, CY: Neamhcheangailte.<br><br>In AT: Tá ionadaíocht os comhair údaráis inniúla faoi réir ceanglas náisiúntachta.<br><br>In FR: Tá soláthar ag soláthraí seirbhísí eachtrach mar choinníoll do chinneadh ag an Aire Eacnamaíochta, Airgeadais agus Tionscail, i gcomhaontú leis an Aire Gnóthaí Eachtracha.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| b) 2. Seirbhísí iniúchóireachta<br><br>(ALT 86211 agus 86212 cé is moite de sheirbhísí cuntasaíochta) | I gcás Mhodh 1<br><br>In BE, BG, CY, DE, ES, FI, FR, EL, HU, IE, IT, LU, MT, NL, PT, RO, SI: Neamhcheangailte.<br><br>In AT: Ceanglas náisiúntachta maidir le hionadaíocht os comhair údaráis inniúla agus maidir le hiniúchtaí a dhéanamh dá bhforáiltear i ndlíthe sonracha de chuid na hOstaire (mar shampla, dlí na gcuideachtaí comhstoic, dlí an stocmhalartáin agus an dlí baincéireachta).<br><br>In HR: Féadfaidh comhlachtaí iniúchóireachta eachtracha seirbhísí iniúchóireachta a sholáthar ar chríoch na Cróite áit a bhfuil brainse bunaithe acu.<br><br>In SE: Ní fhéadfaidh ach iniúchóirí atá faofa in SE, iniúchóirí údaraithe agus comhlachtaí iniúchóireachta cláraithe seirbhísí um iniúchadh reachtúil a chur ar fáil in eintitis dhlíthiúla áirithe, lena n-áirítear i ngach cuideachta faoi dhliteanas teoranta, agus daoine nádúrtha chomh maith. Ní fhéadfaidh ach iniúchóirí atá faofa in SE, agus comhlachtaí cuntasaíochta poiblí cláraithe, bheith ina scairshealbhóirí i gcuideachtaí a chleachtann iniúchóireacht cháilithe (le haghaidh cuspóirí oifigiúla) nó comhpháirtíochtaí a dhéanamh leo. Tá cónaí in LEE ina cheanglas chun údarú nó formheas a fháil. Ní fhéadfaidh ach iniúchóirí atá faofa nó údaraithe in SE na teidil ‘iniúchóir faofa’ agus ‘iniúchóir údaraithe’ a úsáid. Iniúchóirí ar chomhlachais eacnamaíocha chomhoibritheacha agus ar fhiontair áirithe eile nach cuntasóirí údaraithe ná formheasta iad, ní mór cónaí a bheith orthu in LEE. Féadfaidh an t-údarás inniúil díolúintí ón gceanglas sin a dheonú.<br><br>In LT: Ní mór tuarascáil iniúchóra a ullmhú i dteannta le hiniúchóir atá creidiúnaithe chun cleachtadh in LT.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith.<br><br>CY: Neamhcheangailte. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| c) Seirbhísí comhairleacha cánachais<br><br>(ALT 863)[1] | I gcás Mhodh 1<br><br>In AT: Tá feidhm ag ceanglas náisiúntachta maidir le hionadaíocht os comhair údaráis inniúla.<br><br>In CY: Tá údarú faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Is é an príomhchritéar an staid fostaíochta san fho-earnáil.<br><br>In BG, CY, MT, RO, SI: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |
| d) Seirbhísí ailtireachta;<br><br>agus<br><br>e) Seirbhísí pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha<br><br>(ALT 8671 agus 8674) | I gcás Mhodh 1<br><br>In AT: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le seirbhísí ar seirbhísí pleanála go huile agus go hiomlán iad.<br><br>In BE, BG, CY, CZ, EL, IT, MT, PL, PT, SI: Neamhcheangailte.<br><br>In HU, RO: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí ailtireachta tírdhreacha.<br><br>In HR: Féadfaidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha seirbhísí ailtireachta a sholáthar ach formheas a fháil ó Chomhlachas Ailtirí na Cróite. Ní mór do dhuine nádúrtha nó dlítheanach údaraithe in HR dearadh nó tionscadal arna fhorbairt ar an gcoigríoch a bhailíochtú maidir lena chomhlíontacht le dlí na Cróite. Neamhcheangailte i ndáil le pleanáil uirbeach.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |

1 Ní áirítear orthu sin seirbhísí comhairleacha dlí ná seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla maidir le cúrsaí cánach, atá le fáil faoi 1.A.a) Seirbhísí dlí.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| f) Seirbhísí innealtóireachta; agus<br>g) Seirbhísí innealtóireachta comhtháite<br>(ALT 8672 agus 8673) | I gcás Mhodh 1<br>In AT, SI: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le seirbhísí ar seirbhísí pleanála go huile agus go hiomlán iad.<br>In BG, CY, EL, IT, MT, PT: Neamhcheangailte.<br>In HR: Féadfaidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha seirbhísí innealtóireachta a sholáthar ach formheas a fháil ó Chomhlachas Innealtóirí na Cróite. Ní mór do dhuine nádúrtha nó dlítheanach údaraithe in HR dearadh nó tionscadal arna fhorbairt ar an gcoigríoch a bhailíochtú maidir lena chomhlíontacht le dlí na Cróite.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |
| h) Seirbhísí leighis (síceolaithe san áireamh) agus seirbhísí fiaclóireachta<br>(ALT 9312 agus cuid de 85201) | I gcás Mhodh 1<br>In AT, BE, BG, CY, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, IE, IT, LU, MT, NL, PT, RO, SK: Neamhcheangailte.<br>In SI: Gach duine a sholáthraíonn seirbhísí go díreach d'othair nó a chuireann cóir leighis ar othair, ní mór ceadúnas agus údarú ón Aireacht Sláinte nó ón gCumann Liachta a bheith aige chun seirbhísí leighis a sholáthar. Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí míochaine sóisialta, seirbhísí sláintíochta, seirbhísí eipidéimeolaíocha, seirbhísí leighis nó éiceolaíocha, soláthar fola, ullmhóidí fola, trasphlanduithe agus scrúduithe iarbháis.<br>In CZ: Is ag daoine nádúrtha, agus acu sin amháin, atá rochtain.<br>In HR: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le teilileigheas.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| i) Seirbhísí tréidliachta<br>(ALT 932) | I gcás Mhodh 1<br>In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FR, HU, IE, IT, LV, MT, NL, PT, RO, SI, SK: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |
| j) 1. Seirbhísí cnáimhseachais<br>(cuid de ALT 93191)<br>j) 2. Seirbhísí a sholáthraíonn altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine<br>(cuid de ALT 93191) | I gcás Mhodh 1<br>In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FR, HU, IE, IT, LV, LT, LU, MT, NL, PT, RO, SI, SK: Neamhcheangailte.<br>In FI, PL: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le haltraí.<br>In HR: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le teilileigheas.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| k) Miondíol earraí cógaisíochta agus miondíol earraí leighis agus ortaipéideacha<br>(ALT 63211)<br>agus seirbhísí eile a sholáthraíonn cógaiseoirí[1] | I gcás Mhodh 1<br>In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EL, ES, FI, FR, HU, IE, IT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SK, SI: Neamhcheangailte.<br>In LV: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le postdíol.<br>In LT: Is gá údarú a fháil ó na húdaráis inniúla. Tá toirmeasc ar phostdíol earraí cógaisíochta.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |
| B. An ríomhaireacht agus seirbhísí a bhaineann leis an ríomhaireacht<br>(ALT 84) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>Ceann ar bith. |

1 Tá soláthar cógaisíochta don phobal i gcoitinne, amhail soláthar seirbhísí eile, faoi réir ceanglais agus nósanna imeachta um cheadúnú agus um cháiliú is infheidhme i mBallstáit an Aontais Eorpaigh. Mar riail ghinearálta, forchoimeádtar an ghníomhaíocht sin do chógaiseoirí. I roinnt Ballstáit den Aontas Eorpach, ní fhorchoimeádtar do chógaiseoirí ach soláthar drugaí ar oideas.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. Seirbhísí taighde agus forbartha (T&F) | |
| Seirbhísí T&F maidir leis na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí<br>(ALT 852 gan seirbhísí síceolaithe a áireamh)[1] | Ceann ar bith. |
| Seirbhísí T&F maidir leis na heolaíochtaí nádúrtha<br>(ALT 851)<br>Seirbhísí idirdhisciplíneacha T&F<br>(ALT 853) | AE: Le haghaidh seirbhísí R&D a mhaoinítear go poiblí, ní fhéadfar cearta ná údaruithe eisiacha a dheonú ach do náisiúnaigh de chuid Bhallstát an Aontais agus do dhaoine dlítheanacha de chuid an Aontais atá i gceist a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas. |
| D. Seirbhísí Maoine Réadaigh[2] | |
| a) A bhaineann le maoin an duine féin nó le maoin léasaithe<br>(ALT 821) | I gcás Mhodh 1<br>In BG, CY, CZ, EE, HU, IE, LV, LT, MT, PL, RO, SK, SI: Neamhcheangailte.<br>In HR: Tá láithreacht tráchtála ina ceanglas.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |

1 Cuid de ALT 85201, atá le fáil faoi 1.A.h) Seirbhísí leighis (síceolaithe san áireamh) agus seirbhísí fiaclóireachta.

2 Is le gairm an ghníomhaire eastáit a bhaineann an tseirbhís lena mbaineann agus ní dhéanann sí difear d’aon cheart ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha, ná d’aon srian orthu, réadmhaoin a cheannach.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (b) Ar bhonn táille nó conartha<br>(ALT 822) | I gcás Mhodh 1<br>In BG, CY, CZ, EE, HU, IE, LV, LT, MT, PL, RO, SK, SI: Neamhcheangailte.<br>In HR: Tá láithreacht tráchtála ina ceanglas.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |
| E. Seirbhísí cíosa/léasaithe gan oibreoirí | |
| a) A bhaineann le longa<br>(ALT 83103) | I gcás Mhodh 1<br>In BG, CY, HU, MT, RO: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |
| b) A bhaineann le haerárthaí<br>(ALT 83104) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>AE: Le haghaidh aerárthach a fháil ar cíos nó a léasú gan chriú (léas tirim), tá aerárthaí atá in úsáid ag aeriompróir de chuid an Aontais faoi réir na gceanglas is infheidhme maidir le clárú aerárthaí. Beidh comhaontú léasa thirim a bhfuil iompróir de chuid an Aontais mar pháirtí ann faoi réir ceanglais i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta maidir le sábháilteacht eitlíochta, amhail formheas roimh ré agus coinníollacha eile is infheidhme maidir le húsáid a bhaint as aerárthaí cláraithe tríú tíortha. Chun bheith cláraithe, féadfar go mbeadh sé ina cheangal go mbeadh aerárthach faoi úinéireacht daoine nádúrtha a chomhlíonann critéir náisiúntachta sonracha nó ag fiontair a chomhlíonann critéir shonracha maidir le húinéireacht caipitil agus rialú. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| c) A bhaineann le trealamh iompair eile<br><br>(ALT 83101, 83102 agus 83105) | I gcás Mhodh 1<br><br>In BG, CY, HU, LV, MT, PL, RO, SI: Neamhcheangailte.<br><br>In SE: Tá sé mar oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí cíosa nó léasaithe do ghluaisteáin nó d'fheithiclí easbhóthair ('terrängmotorfordon') áirithe gan tiománaí, a ligtear ar cíos nó a léasaítear ar feadh níos lú ná aon (1) bhliain amháin, duine a cheapadh le bheith freagrach as cinntiú, mar shampla, go ndéantar an gnó i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme agus go gcloítear leis na rialacha ar shábháilteacht tráchta. Ní mór don duine atá freagrach a bheith ina chónaí in SE.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |
| d) A bhaineann le hinnealra agus trealamh eile<br><br>(ALT 83106, 83107, 83108, agus 83109) | I gcás Mhodh 1<br><br>In BG, CY, CZ, HU, MT, PL, RO, SK: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |
| e) A bhaineann le hearraí pearsanta agus tí<br><br>(ALT 832) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br><br>In BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EL, ES, FI, FR, HU, IE, IT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI, SK: Neamhcheangailte.<br><br>In EE: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le seirbhísí léasaithe nó cíosa a bhaineann le físchaiséid réamhthaifeadta ar le haghaidh a n-úsáide i dtrealamh siamsaíochta sa bhaile iad. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| f) Trealamh teileachumarsáide a fháil ar cíos<br>(ALT 7541) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>Ceann ar bith. |
| F. Seirbhísí gnó eile | |
| a) Fógraíocht<br>(ALT 871) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>Ceann ar bith. |
| b) Taighde margaidh agus Pobalbhreitheanna<br>(ALT 864) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>Ceann ar bith. |
| c) Seirbhísí comhairliúcháin bainistíochta<br>(ALT 865) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>Ceann ar bith. |
| d) Seirbhísí a bhaineann le comhairliúchán bainistíochta<br>(ALT 866) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>In HU: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí eadrána agus comhréitigh (ALT 86602). |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| e) Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla<br>(ALT 8676) | I gcás Mhodh 1<br>In IT: Neamhcheangailte i ndáil le gairm na mbitheolaithe agus na n-anailíseoirí ceimiceacha.<br>In HR: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí a bhaineann le deimhnithe éigeantacha agus doiciméid oifigiúla chomhchosúla a eisiúint.<br>In BG, CY, CZ, MT, PL, RO, SE, SK: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodh 2<br>In BG, CY, CZ, MT, PL, RO, SK, SE: Neamhcheangailte.<br>In HR: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí a bhaineann le deimhnithe éigeantacha agus doiciméid oifigiúla chomhchosúla a eisiúint. |
| f) Seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann le talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht<br>(cuid de ALT 881) | I gcás Mhodh 1<br>In IT: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí a fhorchoimeádtar d'agranamaithe ('periti agrari').<br>In RO, SI: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| g) Seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann le hiascaireacht<br><br>(cuid de ALT 882) | I gcás Mhodh 1<br><br>In LT, LV, MT, RO, SI: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |
| (h) Seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann le monaraíocht<br><br>(cuid de ALT 884, agus cuid de 885) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br><br>Ceann ar bith. |
| i) Seirbhísí maidir le socrúchán agus sholáthar baill foirne | |
| i) 1. Cuardach feidhmiúcháin<br><br>(ALT 87201) | I gcás Mhodh 1<br><br>In AT, BG, CY, CZ, DE, EE, ES, FI, HR, IE, LT LV, MT, PL, PT, RO, SK, SE, SI: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>In AT, BG, CY, CZ, EE, FI, HR, LV, LT, MT, PL, RO, SK, SI: Neamhcheangailte. |
| i) 2. Seirbhísí socrúcháin<br><br>(ALT 87202) | I gcás Mhodh 1<br><br>In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI, SK: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>In AT, BG, CY, CZ, EE, FI, HR, LT, LV, MT, PL, RO, SI, SK: Neamhcheangailte. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| i) 3. Seirbhísí baill foirne tacaíochta oifige a sholáthar<br><br>(ALT 87203) | I gcás Mhodh 1<br><br>In AT, BG, CY, CZ, DE, EE, FI, FR, HR, IT, IE, LT, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI, SK: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>In AT, BG, CY, CZ, EE, FI, HR, LT, LV, MT, PL, RO, SK, SI: Neamhcheangailte. |
| i) 4. Seirbhísí soláthair do bhaill foirne tí, d'oibrithe tráchtála nó tionscail eile, foireann altranais agus eile<br><br>(ALTanna 87204, 87205, 87206, 87209) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br><br>I ngach ceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh seachas HU: Neamhcheangailte.<br><br>In HU: Ceann ar bith. |
| j) 1. Seirbhísí imscrúdaithe<br><br>(ALT 87301) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br><br>In BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IE, IT, LT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SI, SK: Neamhcheangailte. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| j) 2. Seirbhísí slándála<br><br>(ALT 87302, 87303, 87304, agus 87305) | I gcás Mhodh 1<br><br>In HU: Neamhcheangailte i ndáil le ALT 87304, 87305.<br><br>In BE, BG, CY, CZ, EE, ES, FI, FR, HR, IT, LT, LV, MT, PT, PL, RO, SI, SK: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>In HU: Neamhcheangailte i ndáil le ALT 87304, 87305.<br><br>In BG, CY, CZ, EE, HR, LT, LV, MT, PL, RO, SI, SK: Neamhcheangailte. |
| k) Seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla<br><br>(ALT 8675) | I gcás Mhodh 1<br><br>In BE, BG, CY, DE, DK, EL, ES, FR, IE, IT, LU, MT, NL, PL, PT, RO: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí taiscéalaíochta (in FR: agus i ndáil le seirbhísí sirtheoireachta).<br><br>In SI: Taiscéalaíocht agus saothrú acmhainní mianraí, lena n-áirítear seirbhísí mianadóireachta rialaithe, tá siad faoi réir bunaíocht sna háiteanna a leanas nó saoránacht dá gcuid: LEE, Cónaidhm na hEilvéise, Comhalta de chuid ECFE, nó tríú tír ar choinníoll na cómhalartachta ábhartha. Is í an Aireacht atá freagrach as mianadóireacht a fhíoraíonn go bhfuil coinníoll na cómhalartachta á chomhlíonadh.<br><br>In HR: Ní fhéadfar seirbhísí bunúsacha um chomhairleoireacht gheolaíoch, gheodaiteach agus mianadóireachta chomh maith le seirbhísí comhairleoireachta gaolmhara a bhaineann le cosaint an chomhshaoil ar chríoch HR a dhéanamh ach trí mheán daoine dlítheanacha intíre nó i gcomhpháirt leo.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| l) 1. Cothabháil agus deisiú soithí<br><br>(cuid de ALT 8868) | I gcás Mhodh 1<br><br>I gcás soithí muiriompair: In BE, BG, CY, DE, DK, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LT, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás soithí iompair d’uiscebhealaí inmheánacha: I ngach ceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh seachas EE, HU, LV: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |
| l) 2. Cothabháil agus deisiú trealaimh iompair iarnróid<br><br>(cuid de ALT 8868) | I gcás Mhodh 1<br><br>In AT, BE, BG, DE, CY, CZ, DK, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI, SK: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |
| l) 3. Cothabháil agus deisiú mótarfheithiclí, gluaisrothar, mótar sneachta agus trealamh iompar bóthair<br><br>(ALT 6112, 6122, cuid de 8867 agus cuid de 8868) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br><br>Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| l) 4. Cothabháil agus deisiú aerárthaí agus páirteanna díobh<br>(cuid de ALT 8868) | I gcás Mhodh 1<br>In BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LT, LU, MT, NL, PT, RO, SE, SI, SK: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |
| l) 5. Seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin táirgí miotail, innealra (neamh-oifige), trealaimh (neamh-iompair agus neamh-oifige) agus earraí pearsanta agus tí[1]<br>(ALT 633, 7545, 8861, 8862, 8864, 8865 agus 8866) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>Ceann ar bith. |

1 Tá seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin trealaimh iompair (ALT 6112, 6122, 8867 agus 8868) le fáil faoi 1. F. l) 1. Cothabháil agus deisiú soithí go 1. F. 1) 4 Cothabháil agus deisiú aerárthaí agus páirteanna díobh. Tagann seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin innealra agus trealamh oifige lena n-áirítear ríomhairí (ALT 845) faoi 1.B. Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| m) Seirbhísí glantacháin foirgneamh<br><br>(ALT 874) | I gcás Mhodh 1<br><br>In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI, SK: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |
| n) Seirbhísí fótagrafaíochta<br><br>(ALT 875) | I gcás Mhodh 1<br><br>In BG, EE, MT, PL: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí aerfótagrafaíochta.<br><br>In HR, LV: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí fótagrafaíochta speisialaithe (ALT 87504).<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |
| o) Seirbhísí pacáistithe<br><br>(ALT 876) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br><br>Ceann ar bith. |
| (p) Priontáil agus foilsitheoireacht<br><br>(ALT 88442) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br><br>In SE: Tá feidhm ag ceanglas cónaithe maidir le foilsitheoir agus úinéir cuideachta foilsitheoireachta nó priontála. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| q) Seirbhísí coinbhinsiúin<br><br>(cuid de ALT 87909) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br><br>Ceann ar bith. |
| r) 1. Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta<br><br>(ALT 87905) | I gcás Mhodh 1<br><br>In FI: Tá cónaitheacht in LEE ina ceangal d'aistritheoirí deimhnithe.<br><br>In PL: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí ateangairí faoi mhionn.<br><br>In HU, SK: Neamhcheangailte i ndáil le haistriúchán agus ateangaireacht oifigiúil.<br><br>In HR: Neamhcheangailte i ndáil le doiciméid oifigiúla.<br><br>In CY: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |
| r) 2. Dearadh intí agus seirbhísí deartha speisialtachta eile<br><br>(ALT 87907) | I gcás Mhodh 1<br><br>In DE: Na rialacha intíre maidir le táillí agus díolaíochtaí, tá feidhm acu maidir le gach seirbhís a dhéantar ón gcoigríoch.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| r) 3. Seirbhísí gníomhaireachta bailiúcháin<br>(ALT 87902) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>In BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IE, IT, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SI, SE: Neamhcheangailte. |
| r) 4. Seirbhísí tuairiscithe creidmheasa<br>(ALT 87901) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>In BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IE, IT, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SI, SE: Neamhcheangailte. |
| r) 5. Seirbhísí cóipeála<br>(ALT 87904)[1] | I gcás Mhodh 1<br>In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IE, IT, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SI, SE: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |

1 Ní áirítear orthu sin seirbhísí priontála, a thagann faoi réim ALT 88442 agus atá le fáil faoi 1.F. p.) Clódóireacht agus foilsitheoireacht.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| r) 6. Seirbhísí sainchomhairleoireachta teileachumarsáide<br><br>(ALT 7544) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br><br>Ceann ar bith. |
| r) 7. Seirbhísí freagartha teileafóin<br><br>(ALT 87903) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br><br>Ceann ar bith. |
| s) Díolacháin agus margaíocht<br><br>t) Seirbhísí córais áirithinte ar ríomhairí | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br><br>AE: I gcás nach dtugann soláthraithe seirbhísí córais áirithinte ar ríomhairí atá ag oibriú lasmuigh den Aontas cóir d'aeriompróirí an Aontais atá coibhéiseach (i.e neamh-idirdhealaitheach) leis an gcóir a thugtar san Aontas, nó i gcás nach dtugann aeriompróirí nach de chuid an Aontais iad cóir do sholáthraithe seirbhísí córais áirithinte ar ríomhairí an Aontais atá coibhéiseach leis an gcóir a thugtar san Aontas, féadfar bearta a ghlacadh le go dtabharfadh na soláthraithe seirbhísí córais áirithinte ar ríomhairí atá ag oibriú san Aontas cóir choibhéiseach do na haeriompróirí nach de chuid an Aontais iad nó do na soláthraithe seirbhísí córais áirithinte ar ríomhairí nach de chuid an Aontais iad faoi seach. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 2. Seirbhísí cumarsáide | |
| A. Seirbhísí poist agus cúiréireachta<br><br>(Seirbhísí a bhaineann le láimhseáil[1] ítimí poist[2] de réir an liosta fo-earnálacha seo a leanas, bíodh ceann scríbe intíre nó ceann scríbe eachtrach acu: (i) Láimhseáil teachtaireachtaí i scríbhinn a bhfuil seoladh orthu, ar teachtaireachtaí iad atá ar aon chineál meáin fhisicigh[3], lena n-áirítear seirbhís poist hibrideach agus post díreach; (ii) Láimhseáil beart agus pacáistí a bhfuil seoladh orthu[4]; (iii) Láimhseáil táirgí preasa a bhfuil seoladh orthu[5]; (iv) Láimhseáil ítimí dá dtagraítear in (i) go (iii) thuas mar phost cláraithe nó post faoi árachas; (v) Seirbhísí mearsheachadta[6] le haghaidh ítimí dá dtagraítear in (i) go (iii) thuas;<br>(vi) Láimhseáil ítimí nach bhfuil seoladh orthu; agus (vii) Malartú doiciméad[7]. | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br><br>Ceann ar bith (ar choinníoll go mbeidh an léirscaoileadh uathrialach atá ann cheana ina cheangal inchomparáide ag Stáit Sínithe MERCOSUR). |

1 Tagraíonn ‘láimhseáil’ do ghníomhaíochtaí amhail imréiteach, sórtáil, iompar agus seachadadh.

2 Tagraíonn ‘ítim phoist’ d’ítimí a láimhseáiltear trí aon chineál oibreora tráchtála, bíodh sé ina oibreoir poiblí nó príobháideach.

3 Mar shampla, litreacha agus cártaí poist.

4 Tá leabhair agus catalóga san áireamh leis seo.

5 Irisí, nuachtáin agus tréimhseacháin.

6 Féadfaidh a bheith san áireamh le seirbhísí mearsheachadta, anuas ar luas agus iontaofacht mhéadaithe, eilimintí a bhfuil luach breise ag gabháil leo, amhail bailiú ón bpointe tionscnaimh, seachadadh pearsanta chuig an seolaí, rianú táirge, an deis chun an ceann scríbe nó an seoladh a athrú agus an mhír ar an mbealach agus deimhniú fála.

7 Modhanna a sholáthar, lena n-áirítear áitreabh *ad hoc* chomh maith le hiompar ag tríú páirtí a sholáthar, lena gcumasaítear féinseachadadh trí mhalartú frithpháirteach ítimí poist idir úsáideoirí a íocann síntiús leis an tseirbhís sin. Tagraíonn ‘ítim phoist’ d’ítimí a láimhseáiltear trí aon chineál oibreora tráchtála, bíodh sé ina oibreoir poiblí nó príobháideach.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Eisiatar fo-earnálacha (i), (iv) agus (v), áfach, má thagann siad faoi raon feidhme na seirbhísí a fhéadfar a fhorchoimeád d'ítimí comhfhreagrais ar lú a bpraghas ná 5 (cúig) oiread na buntaraife poiblí, má tá meáchan níos lú ná 50 gram iontu[1], agus don tseirbhís poist chláraithe a úsáidtear le linn nósanna imeachta breithiúnacha nó riaracháin.)<br>(cuid de ALT 751, cuid de 71235[2] agus cuid de 73210[3]) | |

1 Ciallaíonn 'ítimí comhfhreagrais': teachtaireacht i scríbhinn ar aon chineál meáin fhisicigh atá le hiompar agus le seachadadh chuig an seoladh a léiríonn an seoltóir ar an ítim féin nó ar an gclúdach atá uirthi. Ní mheastar gur ítimí comhfhreagrais iad leabhair, catalóga, nuachtáin ná tréimhseacháin.

2 Ítimí poist agus cúiréireachta a iompar ar bhonn féinchuntais d'aon mhodh talún.

3 Post a iompar ar bhonn féinchuntais d'aer.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. Seirbhísí teileachumarsáide<br>Ní áirítear ar sheirbhísí teileachumarsáide seirbhísí a sholáthraíonn ábhar a tharchuirtear, nó seirbhísí a bhfuil smacht eagarthóireachta acu ar an ábhar sin. | |
| a) Na seirbhísí uile ina ndéantar comharthaí leictreamaighnéadacha a tharchur agus a ghlacadh ar aon mhodh leictreamaighnéadach[1], gan craolachán a áireamh[2] | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>Ceann ar bith. |
| 3. Seirbhísí Foirgníochta agus Seirbhísí a Bhaineann le hInnealtóireacht<br>(ALT 511, 512, 513, 514, 515, 516, 517 agus 518) | I gcás Mhodh 1<br>LT: Is gá údarú a fháil.<br>CY: Tá feidhm ag coinníollacha sonracha agus is gá údarú a fháil.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |

1 Ní áirítear ar na seirbhísí sin faisnéis ná próiseáil sonraí ar líne (lena n-áirítear próiseáil idirbheart) (cuid de ALT 843) atá le fáil faoi 1.B. Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara.

2 Sainmhínítear ‘craolachán’ mar radachumarsáid a bhfuil a tarchur beartaithe lena glacadh go díreach ag an bpobal i gcoitinne, agus féadfar tarchur fuaime agus tarchur teilifíse a áireamh ann.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 4. Seirbhísí dáileacháin<br>(gan dáileadh arm, muinisean, pléascán agus ábhar cogaidh eile a áireamh)<br>A. Seirbhísí gníomhairí ar coimisiún<br>a) Seirbhísí gníomhairí ar coimisiún i ndáil le mótarfheithiclí, gluaisrothair agus mótair shneachta agus páirteanna agus gabhálais díobh<br>(cuid de ALT 61111, cuid de 6113 agus cuid de 6121)<br>b) Seirbhísí eile gníomhairí ar coimisiún<br>(ALT 621) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>I ngach ceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh seachas AT, FI, HR, SE, SI: Neamhcheangailte i ndáil le dáileadh táirgí ceimiceacha agus miotal lómhar agus cloch lómhar.<br>In AT: Neamhcheangailte i ndáil le dáileadh earraí piriteicniúla, earraí inadhainte agus deiseanna pléasctha agus substaintí tocsaineacha.<br>In AT, BG: Neamhcheangailte i ndáil le dáileadh táirgí le haghaidh úsáid mhíochaine amhail feistí leighis agus máinliachta, táirgí cógaisíochta, substaintí nó réada míochaine.<br>In HR: Neamhcheangailte i ndáil le dáileadh táirgí tobac. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. Seirbhísí trádála mórdhíola<br><br>a) Seirbhísí trádála mórdhíola mótarfheithiclí, gluaisrothar agus mótar sneachta agus páirteanna agus gabhálas díobh<br><br>(cuid de ALT 61111, cuid de 6113 agus cuid de 6121)<br><br>b) Seirbhísí trádála mórdhíola trealaimh teirminéil teileachumarsáide<br><br>(cuid de ALT 7542)<br><br>c) Seirbhísí trádála mórdhíola eile<br><br>(ALT 622 gan seirbhísí trádála mórdhíola táirgí fuinnimh a áireamh[1]) | I gcás Mhodh 1<br><br>In AT, BG, FR, PL, RO: Neamhcheangailte i ndáil le tobac agus táirgí tobac a dháileadh.<br><br>In IT: I gás seirbhísí mórdhíola, monaplacht stáit ar thobac.<br><br>In BG, FI, PL, RO: Neamhcheangailte i ndáil le dáileadh deochanna alcólacha.<br><br>In SE: Neamhcheangailte i ndáil le himdháileadh miondíola deochanna alcólacha.<br><br>In CY, CZ, FI, FR, RO, SI, SK: Neamhcheangailte i ndáil le dáileadh cógaisíochta.<br><br>In BG, HU, PL: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí bróicéirí tráchtearraí.<br><br>In FR: I gcás seirbhísí gníomhairí ar coimisiún, neamhcheangailte i ndáil le trádálaithe agus bróicéirí a bhíonn ag obair in 17 margadh leasa náisiúnta ar tháirgí bia úra.<br><br>In MT: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí gníomhairí ar coimisiún.<br><br>In BE, BG, CY, DE, DK, EL, ES, FR, IE, IT, LU, MT, NL, PL, PT, SK: I gcás seirbhísí trádála miondíola, neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le postdíol.<br><br>In LT: Tá dáileadh piriteicnice faoi réir ceadúnaithe. Ní fhéadann daoine dlítheanacha atá bunaithe san Aontas ceadúnas a fháil.<br><br>In ES: Monaplacht stáit ar thrádáil miondíola nó soláthar tobac. |

1 Tá na seirbhísí sin, ar a n-áirítear ALT 62271, le fáil in 14.D Seirbhísí trádála mórdhíola breoslaí soladacha, leachtacha agus gásacha agus táirgí gaolmhara agus seirbhísí trádála mórdhíola leictreachais, gaile agus uisce the.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. Seirbhísí trádála miondíola[1]<br>Seirbhísí trádála miondíola mótarfheithiclí, gluaisrothar, mótar sneachta agus páirteanna agus gabhálas díobh<br>(ALT 61112, cuid de 6113 agus cuid de 6121)<br>Seirbhísí trádála miondíola trealaimh teirminéil teileachumarsáide<br>(cuid de ALT 7542)<br>Seirbhísí miondíola bia<br>(ALT 631) | |

[1] Ní áirítear orthu sin seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin, atá le fáil i bhforchoimeádais 1.B Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara agus 1.F.l) 1. Cothabháil agus deisiú soithí go 1. F. 1) 4 Cothabháil agus deisiú aerárthaí agus páirteanna díobh.
Ní áirítear orthu sin seirbhísí miondíola táirgí fuinnimh atá le fáil in 14.E Seirbhísí miondíola breosla d’fheithiclí agus 14.F Miondíol ola breosla, gáis bhuidéalaithe, guail agus adhmaid agus seirbhísí miondíola leictreachais, gáis (neamhbhuidéalaithe), gaile agus uisce the.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| Seirbhísí miondíola earraí (neamhfhuinnimh) eile, seachas miondíol earraí cógaisíochta, míochaine agus ortaipéideacha[1]<br>(ALT 632 gan 63211 (seachas i gcás HU) agus 63297 a áireamh)<br>D. Saincheadú<br>(ALT 8929) | |

1 Tá miondíol earraí cógaisíochta, míochaine agus ortaipéideacha le fáil faoi Sheirbhísí gairmiúla in 1.A.k) Trádáil miondíola cógaisíochta agus trádáil miondíola earraí míochaine agus ortaipéideacha agus seirbhísí eile a sholáthraíonn cógaiseoirí. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, is é ‘ceann ar bith’ gealltanas na hUngáire maidir le modh 1 in ALT 63211 faoi sheirbhísí dáileacháin, ach tá sé ‘neamhcheangailte’ i ndáil le ALT 63211 mar a ghealltar faoi sheirbhísí gairmiúla.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 5. Seirbhísí oideachais (seirbhísí a chistítear go príobháideach amháin) | |
| A. Seirbhísí bunoideachais<br>(ALT 921) | I gcás Mhodh 1<br>In BG, CY, FI, FR, HR, IT, MT, RO, SE, SI: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodh 2<br>In CY, FI, HR, MT, RO, SE, SI: Neamhcheangailte. |
| B. Seirbhísí meánoideachais<br>(ALT 922) | I gcás Mhodh 1<br>In BG, CY, FI, FR, HR, IT, MT, RO, SE: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodh 2<br>In CY, FI, MT, RO, SE: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>In LV: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí oideachais a bhaineann le seirbhísí oideachais theicniúil agus gairmoideachais de chineál meánscoile do mhic léinn faoi mhíchumas (ALT 9224). |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. Seirbhísí ardoideachais<br>(ALT 923) | I gcás Mhodh 1<br>In AT, BG, CY, FI, MT, RO, SE: Neamhcheangailte.<br>In FR: Tá náisiúntacht Fhrancach nó náisiúntacht eile de chuid an Aontais ina ceanglas chun múineadh in institiúid oideachais a chistítear go príobháideach. Mar sin féin, féadfaidh náisiúnaigh eachtracha údarú a fháil ó na húdaráis inniúla ábhartha chun múineadh in institiúidí ardoideachais. Féadfaidh náisiúnaigh eachtracha údarú a fháil freisin ó na húdaráis inniúla ábhartha chun institiúidí oideachais ardleibhéil a bhunú agus a oibriú nó a bhainistiú. Deonaítear údarú den sórt sin ar bhonn roghnach.<br>In IT: Ceanglas náisiúntachta maidir le soláthraithe seirbhíse a údarú chun dioplómaí atá aitheanta ag an Stát a eisiúint.<br>I gcás Mhodh 2<br>In AT, BG, CY, FI, MT, RO, SE: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>In CZ, SK: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí ardoideachais, seachas seirbhísí oideachais theicniúil agus gairmoideachais iar-mheánscoile (ALT 92310). |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| D. Seirbhísí oideachais aosaigh<br>(ALT 924) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>In CY, FI, MT, RO, SE: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodh 1<br>In AT: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí oideachais aosaigh trí bhíthin craolachán raidió nó teilifíse. |
| E. Seirbhísí oideachais eile<br>(ALT 929) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>In AT, BE, BG, CY, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HU, IE, IT, LT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodh 1<br>In HR: Ceann ar bith i gcás oideachas comhfhreagrais nó oideachas trí theileachumarsáid. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 6. Seirbhísí comhshaoil<br>A. Seirbhísí fuíolluisce<br>(ALT 9401)[1]<br>B. Bainistiú dramhaíola soladaí nó guaisí, gan iompar trasteorann dramhaíola guaisí san áireamh<br>a) Seirbhísí diúscartha dramhaíola<br>(ALT 9402)<br>(b) Seirbhísí sláintíochta agus seirbhísí comhchosúla<br>(ALT 9403)<br>C. Aer comhthimpeallach agus an aeráid a chosaint<br>(ALT 9404)[2] | I gcás Mhodh 1<br>AE: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le seirbhísí sainchomhairleoireachta.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |

[1] Comhfhreagraíonn sé do sheirbhísí séarachais.
[2] Comhfhreagraíonn sé do sheirbhísí glantacháin gás sceite.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| D. Feabhsú agus glantachán ithreach agus uiscí<br><br>a) Cóireáil, feabhsú ithreach agus uisce éillithe nó thruaillithe<br><br>(cuid de ALT 94060)[1]<br><br>E. Laghdú torainn agus creathaidh<br><br>(ALT 9405)<br><br>F. Cosaint na bithéagsúlachta agus an tírdhreacha<br><br>a) Seirbhísí cosanta dúlra agus tírdhreacha<br><br>(cuid de ALT 9406)<br><br>G. Seirbhísí comhshaoil agus coimhdeacha eile<br><br>(ALT 94090) | |

1 Comhfhreagraíonn sé do chodanna de sheirbhísí cosanta dúlra agus tírdhreacha.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 7. Seirbhísí airgeadais | |
| A. Árachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br><br>In AT, BE, CZ, DE, DK, EL, ES, FI, FR, HU, IE, IT, LU, NL, PL, PT, RO, SK, SE, SI: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí árachais dhírigh, ach amháin i ndáil le hárachas rioscaí a bhaineann leis an méid seo a leanas:<br><br>(a)loingseoireacht mhuirí, eitlíocht tráchtála agus lainseáil spásárthaí agus lasta (lena n-áirítear satailítí), faoi árachas lena gcumhdaítear aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas: na hearraí atá á n-iompar, an fheithicil a iompraíonn na hearraí agus aon dliteanas a eascraíonn as sin; nó<br><br>(b) earraí faoi bhealach go hidirnáisiúnta.<br><br>In AT: Tá toirmeasc ar ghníomhaíocht fhógraíochta agus idirghabháil thar ceann fochuideachta nach bhfuil bunaithe san Aontas ná ag brainse nach bhfuil bunaithe in AT (seachas athárachas agus aisghéilleadh). Ní féidir ach le fochuideachta atá bunaithe san Aontas nó le brainse atá bunaithe in AT aerárachas éigeantach a fhrithghealladh, cé is moite d’árachas aeriompair tráchtála idirnáisiúnta.<br><br>In DK: Ní féidir ach le gnólachtaí atá bunaithe san Aontas árachas aeriompair éigeantach a fhrithghealladh. Cé is moite de chuideachtaí árachais atá ceadúnaithe faoi dhlí na Danmhairge nó ag údaráis inniúla na Danmhairge, ní fhéadfaidh aon daoine ná aon chuideachta (cuideachtaí árachais san áireamh), chun críoch gnó in DK, cuidiú le hárachas díreach a shocrú do dhaoine atá ina gcónaí in DK, do longa de chuid na Danmhairge ná do mhaoin in DK. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In DE: Ní féidir ach le fochuideachta atá bunaithe san Aontas nó le brainse atá bunaithe in DE polasaithe aerárachais éigeantaigh a fhrithghealladh. Má tá brainse arna bhunú in DE ag cuideachta árachais eachtrach, ní fhéadfaidh sí conarthaí árachais a bhaineann le hiompar idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích in DE ach amháin tríd an mbrainse atá bunaithe in DE.<br>In FR: Ní fhéadfaidh ach comhlachtaí árachais atá bunaithe san Aontas Eorpach árachas rioscaí a bhaineann le hiompar de thalamh a fhrithghealladh.<br>In PL: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le hathárachas, aisghéilleadh agus árachas earraí i dtrádáil idirnáisiúnta.<br>In PT: Ní féidir ach le gnólachtaí atá bunaithe san Aontas Eorpach árachas aeriompair agus muiriompair a fhrithghealladh, lena gcumhdaítear earraí, aerárthaí, cabhail agus dliteanas. Ní féidir ach le daoine nó cuideachtaí atá bunaithe san Aontas Eorpach gníomhú mar idirghabhálaithe do ghnó árachais den sórt sin in PT.<br>In RO: Ní cheadaítear athárachas ar an margadh idirnáisiúnta ach amháin mura féidir an riosca faoi athárachas a chur ar mhargadh na Rómáine.<br>SK: Ní fhéadfaidh ach cuideachtaí árachais atá bunaithe san Aontas nó oifig brainse na gcuideachtaí árachais nach bhfuil bunaithe san Aontas Eorpach, atá údaraithe in SK, árachas aeriompair agus muiriompair, lena gcumhdaítear an t-aerárthach nó an soitheach agus an fhreagracht, a fhrithghealladh. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | I gcás Mhodh 1<br><br>In AT, BE, CZ, DE, DK, EL, ES, FI, FR, HU, IE, IT, LU, NL, PT, RO, SK, SE, SI: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí idirghabhála árachais dhírigh, ach amháin i ndáil le hárachas rioscaí a bhaineann leis an méid seo a leanas:<br><br>(a)loingseoireacht mhuirí, eitlíocht tráchtála agus lainseáil spásárthaí agus lasta (lena n-áirítear satailítí), faoi árachas lena gcumhdaítear aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas: na hearraí atá á n-iompar, an fheithicil a iompraíonn na hearraí agus aon dliteanas a eascraíonn as sin; nó<br><br>(b) earraí faoi bhealach go hidirnáisiúnta.<br><br>In BG: Neamhcheangailte i ndáil le hárachas díreach, ach amháin i ndáil le seirbhísí a sholáthraíonn soláthróirí eachtracha do dhaoine eachtracha ar chríoch BG. Ní féidir le cuideachtaí árachais eachtracha árachas iompair a fhrithghealladh go díreach, ar árachas iompair é lena gcumhdaítear earraí, árachas feithiclí dá réir agus árachas dliteanais maidir le rioscaí atá suite in BG. Ní fhéadfaidh cuideachta árachais eachtrach conarthaí árachais a thabhairt i gcrích ach amháin trí bhrainse san Aontas. Neamhcheangailte i ndáil le scéimeanna árachais taiscí agus scéimeanna cúitimh comhchosúla, chomh maith le scéimeanna árachais éigeantaigh.<br><br>In CY, LV, MT: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí árachais dhírigh ach amháin i ndáil le hárachas rioscaí a bhaineann leis an méid seo a leanas:<br><br>(a)loingseoireacht mhuirí, eitlíocht tráchtála agus lainseáil spásárthaí agus lasta (lena n-áirítear satailítí), faoi árachas lena gcumhdaítear aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas: na hearraí atá á n-iompar, an fheithicil a iompraíonn na hearraí agus aon dliteanas a eascraíonn as sin; nó<br><br>(b) earraí faoi bhealach go hidirnáisiúnta. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In LT: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí árachais dhírigh, ach amháin i ndáil le hárachas rioscaí a bhaineann leis an méid seo a leanas:<br>(a) loingseoireacht mhuirí, eitlíocht tráchtála agus lainseáil spásárthaí agus lasta (lena n-áirítear satailítí), faoi árachas lena gcumhdaítear aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas: na hearraí atá á n-iompar, an fheithicil a iompraíonn na hearraí agus aon dliteanas a eascraíonn as sin; nó<br>(b) earraí faoi bhealach idirnáisiúnta, ach amháin má bhaineann siad le hiompar de thalamh i gcás ina mbeidh an riosca suite in LT.<br>In BG, LT, LV, PL: Neamhcheangailte i ndáil le hidirghabháil árachais.<br>In FI: Ní fhéadfaidh ach árachóirí ag a bhfuil ceannoifig san Aontas nó ag a bhfuil brainse in FI seirbhísí árachais dhírigh, lena n-áirítear comhárachas, a thairiscint. Tá soláthar seirbhísí bróicéara árachais faoi réir buanáit ghnó san Aontas Eorpach. Leathchuid (½) ar a laghad de chomhaltaí an bhoird stiúrthóirí agus an bhoird maoirseachta, chomh maith le stiúrthóir bainistíochta cuideachta árachais a sholáthraíonn árachas pinsin reachtúil, beidh a n-áit chónaithe acu in LEE, ach amháin má tá díolúine deonaithe dóibh ag na húdaráis inniúla. Beidh buanáit chónaithe ag iniúchóir amháin (1) ar a laghad in LEE. Ní mór don ghníomhaire ginearálta cuideachta árachais de chuid Stáit Sínithe MERCOSUR a áit chónaithe a bheith aige in FI, mura bhfuil ceannoifig na cuideachta san Aontas Eorpach. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In HR: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí árachais dhírigh agus seirbhísí idirghabhála árachais dhírigh, seachas:<br><br>(a)i ndáil le hárachas saoil a sholáthar do dhaoine eachtracha a bhfuil cónaí orthu in HR;<br><br>(b) i ndáil le hárachas neamhshaoil HR seachas dliteanas gluaisteán a sholáthar do dhaoine eachtracha a bhfuil cónaí orthu in HR; agus<br><br>(c) i ndáil le hárachas neamhshaoil a sholáthar le haghaidh rioscaí muirí, eitlíochta agus iompair.<br><br>In HU: Níl cead ag cuideachtaí árachais nach bhfuil bunaithe san Aontas Eorpach árachas díreach a sholáthar i gcríoch HU ach amháin trí oifig brainse atá cláraithe in HU.<br><br>In IT: Neamhcheangailte i ndáil le gairm na hachtúireachta. Ní fhéadfaidh ach cuideachtaí árachais atá bunaithe san Aontas árachas iompair earraí, árachas feithiclí iontu féin agus árachas dliteanais maidir le rioscaí atá suite in IT a fhrithghealladh. Níl feidhm ag an bhforchoimeádas sin maidir le hiompar idirnáisiúnta lena mbaineann allmhairí isteach in IT.<br><br>In SE: Níl soláthar árachais dhírigh ceadaithe ach trí sholáthraí seirbhíse árachais atá údaraithe in SE, ar choinníoll go mbaineann an soláthraí seirbhíse eachtrach agus an chuideachta árachais Shualannach leis an ngrúpa céanna cuideachtaí nó go bhfuil comhaontú comhair i bhfeidhm eatarthu.<br><br>In ES: Tá cónaí nó taithí 2 bhliain ina ceanglas chun gairm na hachtúireachta a chleachtadh. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | I gcás Mhodh 2<br>In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EL, ES, FI, FR, HU, IE, IT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SE, SI: Neamhcheangailte i ndáil le hidirghabháil.<br>In BG: I gcás árachas díreach, ní fhéadfaidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha den Bhulgáir, ná daoine eachtracha a dhéanann gníomhaíocht ghnó ar chríoch BG, conarthaí árachais a thabhairt i gcrích ach amháin le soláthróirí atá ceadúnaithe chun gníomhaíocht árachais a dhéanamh in BG i ndáil lena ngníomhaíocht in BG. Is in BG a íocfar cúiteamh árachais a eascraíonn as na conarthaí sin. Neamhcheangailte i ndáil le scéimeanna árachais taiscí agus scéimeanna cúitimh comhchosúla, chomh maith le scéimeanna árachais éigeantaigh.<br>In HR: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí árachais dhírigh agus seirbhísí idirghabhála árachais dhírigh, seachas:<br>(a)maidir le hárachas saoil, i ndáil le cumas daoine eachtracha a bhfuil cónaí orthu in HR árachas saoil a fháil;<br>(b)maidir le hárachas neamhshaoil, i ndáil le cumas daoine eachtracha a bhfuil cónaí orthu in HR árachas neamhshaoil a fháil seachas dliteanas gluaisteán agus i ndáil le hárachas riosca pearsanta nó maoine nach bhfuil ar fáil in HR; cuideachtaí a cheannaíonn árachas ar an gcoigríoch i dtaca le hoibreacha infheistíochta ar an gcoigríoch, lena n-áirítear an trealamh le haghaidh na n-oibreacha sin; i ndáil le tabhairt ar ais iasachtaí eachtracha a áirithiú (árachas comhthaobhachta); árachas pearsanta agus maoine fiontar faoi lánúinéireacht agus comhfhiontar a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch i dtír eachtrach, má tá sé i gcomhréir le rialacháin na tíre sin nó má cheanglaítear é trína chlárú; longa atá á dtógáil agus a n-ollchóiriú má shonraítear é sa chonradh arna thabhairt i gcrích leis an gcliant eachtrach (ceannaitheoir); agus |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | (c) i ndáil le hárachas neamhshaoil a sholáthar le haghaidh rioscaí muirí, eitlíochta agus iompair.<br>In IT: Ní fhéadfaidh ach cuideachtaí árachais atá bunaithe san Aontas árachas iompair earraí, árachas feithiclí iontu féin agus árachas dliteanais maidir le rioscaí atá suite in IT a fhrithghealladh. Níl feidhm ag an bhforchoimeádas sin maidir le hiompar idirnáisiúnta lena mbaineann allmhairí isteach in IT. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile (seachas árachas) | I gcás Mhodh 1<br><br>In AT, BE, BG, CZ, DE, DK, EL, ES, FI, FR, HU, IE, IT, LU, NL, PL, PT, SE, SK: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le faisnéis airgeadais agus próiseáil sonraí airgeadais a sholáthar agus i ndáil le seirbhísí comhairleacha agus seirbhísí cúnta eile, gan idirghabháil a áireamh.<br><br>In BE: Tá bunaíocht in BE ina ceanglas chun seirbhísí comhairleacha infheistíochta a sholáthar.<br><br>In BG: Féadfaidh feidhm a bheith ag teorainneacha agus coinníollacha a bhaineann le húsáid líonra teileachumarsáide.<br><br>In CY: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le trádáil urrús inaistrithe, i ndáil le faisnéis airgeadais agus próiseáil sonraí airgeadais a sholáthar agus i ndáil le seirbhísí comhairleacha agus seirbhísí cúnta eile, gan idirghabháil a áireamh.<br><br>In EE: Chun glacadh le taiscí, ceanglaítear údarú a fháil ó Údarás Maoirseachta Airgeadais na hEastóine agus clárú faoi dhlí na hEastóine mar chuideachta comhstoic, fochuideachta nó brainse.<br><br>Ceanglaítear cuideachta bainistíochta speisialaithe a bhunú chun gníomhaíochtaí bainistithe cistí infheistíochta a dhéanamh agus ní fhéadfaidh ach gnólachtaí a bhfuil a n-oifig chláraithe san Aontas Eorpach acu gníomhú mar thaisclanna le haghaidh sócmhainní cistí infheistíochta.<br><br>In HR: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le hiasachtú, léasú airgeadais, seirbhísí íocaíochta agus tarchuir airgid, ráthaíochtaí agus gealltanais, bróicéireacht airgid, soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais agus seirbhísí comhairleacha airgeadais agus seirbhísí cúnta airgeadais eile, gan idirghabháil a áireamh. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In LT: Ceanglaítear cuideachta bainistíochta speisialaithe a bhunú chun gníomhaíochtaí bainistithe iontaobhas aonad agus cuideachtaí infheistíochta a dhéanamh agus ní fhéadfaidh ach gnólachtaí a bhfuil a n-oifig chláraithe san Aontas Eorpach acu gníomhú mar thaisclanna le haghaidh sócmhainní cistí infheistíochta.<br><br>In IE: Chun seirbhísí infheistíochta nó comhairle infheistíochta a sholáthar, ceanglaítear (a) údarú in IE, lena gceanglaítear de ghnáth go mbeadh an t-eintiteas corpraithe nó ina chomhpháirtíocht nó ina thrádálaí aonair, agus ceannoifig nó oifig chláraithe in IE aige i ngach cás (d'fhéadfadh sé nach mbeadh gá le húdarú i gcásanna áirithe, mar shampla, mura bhfuil aon láithreacht tráchtála ag soláthróir seirbhíse eachtrach in IE agus mura soláthraítear an tseirbhís do dhaoine aonair príobháideacha); nó (b) údarú i mBallstát eile den Aontas Eorpach i gcomhréir le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE, IO L 173, 12.6.2014, lch. 349.<br><br>In IT: Neamhcheangailte i ndáil le díoltóirí airgeadais ar a dtugtar 'promotori di servizi finanziari'.<br><br>In LV: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le rannpháirtíocht in eisiúint gach cineáil urrús, i ndáil le faisnéis airgeadais agus próiseáil sonraí airgeadais a sholáthar agus i ndáil le seirbhísí comhairleacha agus seirbhísí cúnta eile, gan idirghabháil a áireamh. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In LT: Tá láithreacht tráchtála ina ceanglas chun cistí pinsin a bhainistiú.<br>In MT: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le glacadh le taiscí, i ndáil le gach cineál iasachta, i ndáil le faisnéis airgeadais agus próiseáil sonraí airgeadais a sholáthar agus i ndáil le seirbhísí comhairleacha agus seirbhísí cúnta eile, gan idirghabháil a áireamh.<br>In PL: Chun faisnéis airgeadais agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara a sholáthar agus a aistriú, tá feidhm ag an gceanglas go n-úsáidtear an líonra teileachumarsáide poiblí nó líonra oibreora údaraithe eile.<br>In RO: Neamhcheangailte i ndáil le léasú airgeadais, trádáil ionstraimí margaidh airgid, malairt eachtrach, táirgí díorthacha, ionstraimí ráta malairte agus ráta úis, urrúis inaistrithe agus ionstraimí soshannta agus sócmhainní airgeadais eile, i ndáil le rannpháirtíocht in eisiúint gach cineáil urrús, i ndáil le bainistiú sócmhainní agus i ndáil le seirbhísí socraíochta agus imréitigh le haghaidh sócmhainní airgeadais. Ní cheadaítear íocaíochtaí agus seirbhísí tarchurtha airgid ach amháin trí bhanc atá bunaithe in RO. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In SI:<br><br>(a)Rannpháirtíocht in eisiúint bannaí státchiste, bainistiú cistí pinsin: Neamhcheangailte.<br><br>(b)Neamhcheangailte seachas i ndáil leis an méid seo: gach cineál iasachta; glacadh le ráthaíochtaí agus gealltanais ó institiúidí creidmheasa eachtracha ag eintitis dhlítheanacha náisiúnta agus ag dílseánaigh aonair; faisnéis airgeadais a sholáthar agus a aistriú, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara ag soláthróirí seirbhísí eile airgeadais; agus seirbhísí comhairleacha airgeadais agus seirbhísí cúnta airgeadais eile a bhaineann le seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile.<br><br>Ní mór comhaltaí Stocmhalartán na Slóivéine a bheith corpraithe in SI nó a bheith ina mbrainsí de ghnólachtaí infheistíochta coigríche nó de bhainc.<br><br>Féadfar scéim pinsin a sholáthar trí chiste frithpháirteach pinsin (nach eintiteas dlítheanach é agus mar sin a dhéantar a bhainistiú ag cuideachta árachais, banc nó cuideachta pinsin), cuideachta pinsin nó cuideachta árachais. Ina theannta sin, d’fhéadfadh soláthraithe scéime pinsin scéim pinsin a sholáthar a bhunaítear i gcomhréir leis na rialacháin is infheidhme i mBallstát de chuid an Aontais Eorpaigh. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | I gcás Mhodh 2<br>In BG: Féadfaidh feidhm a bheith ag teorainneacha agus coinníollacha a bhaineann le húsáid líonra teileachumarsáide.<br>In PL: Chun faisnéis airgeadais agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara a sholáthar agus a aistriú, tá feidhm ag ceanglas go n-úsáidtear an líonra teileachumarsáide poiblí nó líonra oibreora údaraithe eile. |
| 8. Seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta<br>(seirbhísí a chistítear go príobháideach amháin) | AE: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí nó seirbhísí atá ina gcuid de phlean scoir poiblí nó de chóras reachtúil slándála sóisialta. |
| A. Seirbhísí ospidéil<br>(ALT 9311)<br>C. Saoráidí cónaitheacha sláinte seachas seirbhísí ospidéil<br>(ALT 93193) | I gcás Mhodh 1<br>In AT, BE, BG, DE, CY, CZ, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI, SK: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| D. Seirbhísí sóisialta<br>(ALT 933) | I gcás Mhodh 1<br>In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, HR, HU, IE, IT, LU, MT, PL, PT, RO, SE, SI, SK: Neamhcheangailte.<br>In FR: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí sóisialta seachas seirbhísí a bhaineann le tithe téarnaimh agus aíochta agus árais seanóirí.<br>I gcás Mhodh 2<br>In BE: Neamhcheangailte ach amháin i ndáil le tithe téarnaimh agus aíochta agus árais seanóirí. |
| 9. Seirbhísí turasóireachta agus seirbhísí a bhaineann le taisteal | |
| A. Óstáin, bialanna agus Lónadóireacht<br>(ALT 641, 642 agus 643)<br>gan lónadóireacht i seirbhísí aeriompair a áireamh[1] | I gcás Mhodh 1<br>In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EL, ES, FR, IE, IT, LT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SE, SI: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le lónadóireacht.<br>In HR: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |

1 Tá lónadóireacht i seirbhísí aeriompair le fáil i Seirbhísí cúnta iompair faoi 12.E.a.) Seirbhísí ar an talamh (lena n-áirítear seirbhísí lónadóireachta).

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. Seirbhísí gníomhaireachtaí taistil agus tionscnóirí turais<br><br>(lena n-áirítear bainisteoirí turais)<br><br>(ALT 7471) | I gcás Mhodh 1<br><br>In BG, CY, HU: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |
| C. Seirbhísí treoraithe do thurasóirí<br><br>(ALT 7472) | I gcás Mhodh 1<br><br>In BG, CY, CZ, HU, IT, LT, MT, PL, SI, SK: Neamhcheangailte.<br><br>In FR: Náisiúntacht Ballstáit den Aontas Eorpach chun seirbhísí treoraithe turasóireachta a sholáthar ar a chríoch.<br><br>In ES: Tá feidhm ag an gceanglas náisiúntachta.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 10. Seirbhísí áineasa, cultúrtha agus spóirt (seachas seirbhísí closamhairc) | |
| A. Seirbhísí siamsaíochta (lena n-áirítear seirbhísí amharclainne, bannaí beo, sorcais agus dioscó)<br><br>(ALT 9619) | I gcás Mhodh 1<br><br>In BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IE, IT, LT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SI, SK: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>In CY, CZ, FI, HR, MT, PL, RO, SI, SK: Neamhcheangailte.<br><br>In BG: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le seirbhísí siamsaíochta arna gcur ar fáil ag léiritheoirí amharclainne, grúpaí amhránaíochta, bannaí agus ceolfhoirne (ALT 96191); seirbhísí a sholáthraíonn údair, cumadóirí, dealbhóirí, siamsóirí agus ealaíontóirí aonair eile (ALT 96192); agus seirbhísí coimhdeacha amharclainne (ALT 96193).<br><br>In EE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí siamsaíochta eile (ALT 96199) ach amháin i ndáil le seirbhísí pictiúrlainne.<br><br>In LT, LV: Neamhcheangailte ach amháin i ndáil le seirbhísí oibrithe pictiúrlainne (cuid de ALT 96199). |
| B. Seirbhísí gníomhaireachtaí preasa agus nuachta<br><br>(ALT 962) | I gcás Mhodh 1<br><br>In BG, CY, CZ, HU, LT, PL, RO, SK: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>In BG, CY, CZ, HU, LT, MT, PL, RO, SI, SK: Neamhcheangailte. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. Seirbhísí leabharlainne, cartlainne, músaeim agus seirbhísí cultúrtha eile<br><br>(ALT 963) | I gcás Mhodh 1<br><br>In BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IE, IT, LT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI, SK: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>In BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IE, IT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI, SK: Neamhcheangailte. |
| D. Seirbhísí spóirt<br><br>(ALT 9641) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br><br>In AT: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí scoile sciála agus seirbhísí treoraithe sléibhe.<br><br>In BG, CZ, HR, LV, MT, PL, RO, SK: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 1<br><br>In CY, EE: Neamhcheangailte. |
| E. Seirbhísí áineasa páirceanna agus trá<br><br>(ALT 96491) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br><br>Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 11. Seirbhísí iompair | |
| A. Muiriompair<br>a) Iompar idirnáisiúnta paisinéirí<br>(ALT 7211 seachas iompar cabatáiste náisiúnta[1]).<br>b) Iompar idirnáisiúnta lasta<br>(ALT 7212 seachas iompar cabatáiste náisiúnta[2]) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>AE: Ceann ar bith. |

[1] Gan dochar do raon feidhme na ngníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a mheas a bheith ina gcabatáiste faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha, ní áirítear sa liosta sin iompar cabatáiste náisiúnta, a nglactar leis go gcumhdaítear leis iompar paisinéirí nó earraí idir calafort nó pointe atá suite i mBallstát den Aontas Eorpach agus calafort nó pointe eile atá suite sa Bhallstát céanna den Aontas Eorpach, lena n-áirítear ar a scairbh ilchríochach dá bhforáiltear in UNCLOS, agus trácht a thosaíonn agus a chríochnaíonn sa chalafort nó sa phointe céanna atá suite i mBallstát den Aontas Eorpach.

[2] Gan dochar do raon feidhme na ngníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a mheas a bheith ina gcabatáiste faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha, ní áirítear sa liosta sin iompar cabatáiste náisiúnta, a nglactar leis go gcumhdaítear leis iompar paisinéirí nó earraí idir calafort nó pointe atá suite i mBallstát den Aontas Eorpach agus calafort nó pointe eile atá suite sa Bhallstát céanna den Aontas Eorpach, lena n-áirítear ar a scairbh ilchríochach dá bhforáiltear in UNCLOS, agus trácht a thosaíonn agus a chríochnaíonn sa chalafort nó sa phointe céanna atá suite i mBallstát den Aontas Eorpach.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| D. Iompar de bhóthar<br>a) Iompar paisinéirí<br>(ALT 7121 agus 7122)<br>b) Iompar lasta<br>(ALT 7123, seachas ítimí poist agus cúiréireachta a iompar ar bhonn féinchuntais[1]) | I gcás Mhodh 1<br>AE: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |
| E. Iompar píblíne earraí seachas breosla[2]<br>(ALT 7139) | I gcás Mhodh 1<br>AE: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodh 2<br>In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, IE, IT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SE, SI: Neamhcheangailte. |

1 Cuid de ALT 71235, atá le fáil i Seirbhísí cumarsáide faoi 2.A. Seirbhísí poist agus cúiréireachta.
2 Tá iompar píblíne breoslaí le fáil i Seirbhísí fuinnimh faoi 14.B.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 12. Seirbhísí cúnta iompair[1] | |
| A. Seirbhísí cúnta muiriompair<br>a) Seirbhísí láimhseála lasta mhuirí<br>b) Seirbhísí stórála agus ollstórála<br>(cuid de ALT 742)<br>c) Seirbhísí imréitigh custaim<br>d) Seirbhísí stáisiúin coimeádán agus iosta<br>e) Seirbhísí gníomhaireachta muirí<br>f) Seirbhísí seolta lasta mhuirí<br>g) Soithí a ligean ar cíos le criú<br>(ALT 7213) | I gcás Mhodh 1<br>AE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí láimhseála lasta mhuirí agus seirbhísí brú agus tarraingthe.<br>AE: Ceann ar bith, seachas cónaí a bheith ina cheanglas le haghaidh seirbhísí imréitigh custaim.<br>In AT, BG, CY, CZ, DE, EE, HU, LT, MT, PL, RO, SE, SI, SK: Neamhcheangailte i ndáil le soithí a ligean ar cíos le criú.<br>In HR: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le seirbhísí gníomhaireachta iompair lasta.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |

[1] Ní áirítear orthu sin seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin trealaimh iompair, atá le fáil i Seirbhísí gnó faoi 1.F.l) 1. Cothabháil agus deisiú soithí go 1. F. 1) 4 Cothabháil agus deisiú aerárthaí agus páirteanna díobh.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| h) Seirbhísí brú agus tarraingthe<br>(ALT 7214)<br>i) Seirbhísí tacaíochta muiriompair<br>(cuid de ALT 745)<br>j) Seirbhísí tacaíochta agus cúnta eile<br>(cuid de ALT 749) | |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. Seirbhísí cúnta iompair d’iarnród<br>a) Seirbhísí láimhseála lasta<br>(cuid de ALT 741)<br>b) Seirbhísí stórála agus stórais<br>(cuid de ALT 742)<br>c) Seirbhísí ghníomhaireacht iompair lasta<br>(cuid de ALT 748)<br>d) Seirbhísí brú agus tarraingthe<br>(ALT 7113)<br>e) Seirbhísí tacaíochta le haghaidh seirbhísí iompair iarnróid<br>(ALT 743)<br>f) Seirbhísí tacaíochta agus cúnta eile<br>(cuid de ALT 749) | I gcás Mhodh 1<br>AE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí brú agus tarraingthe.<br>In HR: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le seirbhísí gníomhaireachta iompair lasta.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| D. Seirbhísí cúnta iompair de bhóthar<br>a) Seirbhísí láimhseála lasta<br>(cuid de ALT 741)<br>b) Seirbhísí stórála agus stórais<br>(cuid de ALT 742)<br>c) Seirbhísí ghníomhaireacht iompair lasta<br>(cuid de ALT 748)<br>d) Feithiclí bóthair tráchtála a ligean ar cíos le hoibreoirí<br>(ALT 7124)<br>e) Seirbhísí tacaíochta le haghaidh iompar de bhóthar<br>(ALT 744)<br>f) Seirbhísí tacaíochta agus cúnta eile<br>(cuid de ALT 749) | I gcás Mhodh 1<br>In AT, BG, CY, CZ, EE, HU, LT, LV, MT, PL, RO, SE, SI, SK: Neamhcheangailte i ndáil le feithiclí tráchtála bóthair a ligean ar cíos le hoibreoirí.<br>In HR: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le seirbhísí gníomhaireachta iompair lasta agus seirbhísí tacaíochta le haghaidh iompar de bhóthar.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| E. Seirbhísí cúnta do sheirbhísí aeriompair | |
| a) Seirbhísí ar an talamh (lena n-áirítear seirbhísí lónadóireachta) | I gcás Mhodh 1<br>AE: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le lónadóireacht.<br>I gcás Mhodh 2<br>In BG, CY, CZ, HR, HU, MT, PL, RO, SI, SK: Neamhcheangailte. |
| b) Seirbhísí stórála agus stórais<br>(cuid de ALT 742) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>Ceann ar bith. |
| c) Seirbhísí ghníomhaireacht iompair lasta<br>(cuid de ALT 748) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>Ceann ar bith. |
| F. Seirbhísí cúnta iompair earraí seachas breosla trí phíblíne[1]<br>a) Seirbhísí stórála agus stórais earraí seachas breosla a iompraítear trí phíblínte<br>(cuid de ALT 742) | I gcás Mhodh 1<br>In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI, SK: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |

[1] Tá seirbhísí cúnta iompair breoslaí trí phíblíne le fáil i Seirbhísí fuinnimh faoi 14.C Seirbhísí stórála agus stórais breoslaí a iompraítear trí phíblínte.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 13. Seirbhísí iompair eile | |
| Seirbhís iompair traschórais a sholáthar | I ngach ceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh seachas AT, BG, CY, CZ, EE, HU, LT, LV, MT, PL, RO, SE, SI, SK: Ceann ar bith, gan dochar do na teorainneacha atá inscríofa sa liosta seo a dhéanann difear d’aon mhodh iompair ar leith.<br>In AT, BG, CY, CZ, EE, HR, HU, LT, LV, MT, PL, RO, SE, SI, SK: Neamhcheangailte. |
| 14. Seirbhísí fuinnimh | |
| A. Seirbhísí a bhaineann leis an mianadóireacht<br>(ALT 883)[1] | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br>Ceann ar bith.<br>In SI: Taiscéalaíocht agus saothrú acmhainní mianraí, lena n-áirítear seirbhísí mianadóireachta rialaithe, tá siad faoi réir bunaíocht sna háiteanna a leanas nó saoránacht dá gcuid: LEE, Cónaidhm na hEilvéise, Comhalta de chuid ECFE, nó tríú tír ar choinníoll na cómhalartachta ábhartha. Is í an Aireacht atá freagrach as mianadóireacht a fhíoraíonn go bhfuil coinníoll na cómhalartachta á chomhlíonadh.<br>In SK: Maidir leis an mianadóireacht, gníomhaíochtaí a bhaineann leis an mianadóireacht agus gníomhaíocht gheolaíoch, tá corprú ina cheanglais (gan bhrainsí). |

[1] Áirítear orthu sin na seirbhísí seo a leanas arna ndéanamh ar bhonn táille nó conartha: seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin a bhaineann le mianadóireacht, ullmhú láithreáin ar talamh, suiteáil rige ar talamh, druileáil, seirbhísí béalmhíreanna druileála, seirbhísí cásála agus feadánra, innealtóireacht láibe agus soláthar láibe, rialú ábhar soladach, iascaireacht agus oibríochtaí speisialta poill, geolaíocht veilsíte agus rialú druileála, tógáil croíleacán, tástáil toibreacha, seirbhísí sreanglíne, soláthar agus oibriú sreabhán (sáile) tar éis críochnú, soláthar agus suiteáil gaireas tar éis críochnú, stroighniú (brúchaidéalú), seirbhísí spreagtha (fracáil, aigéadú agus brúchaidéalú), seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin toibreacha agus líonadh agus tréigean toibreacha.
Ní áirítear orthu sin rochtain dhíreach ar acmhainní nádúrtha ná saothrú na n-acmhainní sin.
Ní áirítear orthu sin obair ullmhaithe láithreáin le haghaidh mianadóireacht acmhainní seachas ola agus gás (ALT 5115), atá le fáil faoi 3. Seirbhísí foirgníochta agus seirbhísí a bhaineann le hinnealtóireacht.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. Iompar breoslaí trí phíblíne<br><br>(ALT 7131) | I gcás Mhodh 1<br><br>AE: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, IE, IT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI, SK: Neamhcheangailte. |
| C. Seirbhísí stórála agus trádstórála breoslaí arna n-iompar trí phíblínte<br><br>(cuid de ALT 742) | I gcás Mhodh 1<br><br>In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI, SK: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |
| D. Seirbhísí trádála mórdhíola breoslaí soladacha, leachtacha agus gásacha agus táirgí gaolmhara<br><br>(ALT 62271)<br><br>agus seirbhísí trádála mórdhíola leictreachais, gaile agus uisce the | I gcás Mhodh 1<br><br>AE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí trádála mórdhíola leictreachais, gaile agus uisce the.<br><br>In SK: Neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach (tá corprú ina cheanglas) i gcás breoslaí leachtacha agus gásacha.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| E. Seirbhísí trádála miondíola breosla d'fheithiclí<br><br>(ALT 613) | I gcás Mhodh 1<br><br>AE: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |
| F. Miondíol ola breosla, gáis bhuidéalaithe, guail agus adhmaid<br><br>(ALT 63297)<br><br>agus seirbhísí miondíola leictreachais, gáis (neamhbhuidéalaithe), gaile agus uisce the | I gcás Mhodh 1<br><br>AE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí trádála miondíola leictreachais, gáis (neamhbhuidéalaithe), gaile agus uisce the.<br><br>In BE, BG, CY, CZ, DE, DK, EL, ES, FR, IE, IT, LU, MT, NL, PL, PT, SK: I gcás miondíol ola breosla, gáis bhuidéalaithe, guail agus adhmaid, neamhcheangailte ach amháin i ndáil le postdíol (ceann ar bith i ndáil le postdíol).<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |
| G. Seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh<br><br>(ALT 887) | I gcás Mhodh 1<br><br>AE: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le seirbhísí sainchomhairleoireachta (ceann ar bith i ndáil le seirbhísí sainchomhairleoireachta).<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 15. Seirbhísí eile nach bhfuil san áireamh aon áit eile | |
| a) Seirbhísí níocháin, glantacháin agus ruaimnithe<br>(ALT 9701) | I gcás Mhodh 1<br>AE: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |
| b) Seirbhísí gruagaireachta<br>(ALT 97021) | I gcás Mhodh 1<br>AE: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |
| c) Seirbhísí cóireála cosmaidí, lámh-mhaisithe agus cosmhaisithe<br>(ALT 97022) | I gcás Mhodh 1<br>AE: Neamhcheangailte.<br>I gcás Mhodh 2<br>Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| d) Seirbhísí eile cóireála áilleachta nach n-aicmítear in áit ar bith eile<br><br>(ALT 97029) | I gcás Mhodh 1<br><br>AE: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |
| e) Seirbhísí spá agus suathaireacht neamhtheiripeach, a mhéid a sholáthraítear iad mar sheirbhísí scíthe folláine coirp seachas chun críoch leighis nó athshlánaithe[1]<br><br>(ALT leagan 1.0 97230) | I gcás Mhodh 1<br><br>AE: Neamhcheangailte.<br><br>I gcás Mhodh 2<br><br>Ceann ar bith. |
| g) Seirbhísí nasctha teileachumarsáide<br><br>(ALT 7543) | I gcás Mhodhanna 1 agus 2<br><br>Ceann ar bith. |

________________

[1] Tá suathaireacht theiripeach agus seirbhísí leighis theirmigh le fáil faoi 1.A.h. Seirbhísí leighis (lena n-áirítear síceolaithe) agus fiaclóireachta agus 1.A.j) 2. Seirbhísí a sholáthraíonn altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine. Tá seirbhísí a sholáthraíonn altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine agus seirbhísí sláinte le fáil in 8.A Seirbhísí ospidéil agus 8.C Saoráidí sláinte cónaithe seachas seirbhísí ospidéil.

**IARSCRÍBHINN 10-B**

AN tAONTAS EORPACH

LIOSTA GEALLTANTAS MAIDIR LE BUNAÍOCHT
I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAIL 10.3 AGUS 10.4

1. Leis an liosta gealltanas san Iarscríbhinn seo léirítear na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a léirscaoiltear de bhun Airteagail 10.3 agus 10.4 agus sonraítear na teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh agus maidir le cóir náisiúnta a bhfuil feidhm acu i dtaca le fiontair agus infheisteoirí de chuid MERCOSUR sna gníomhaíochtaí sin trí bhíthin forchoimeádas. Tá dhá cholún ina bhfuil na heilimintí seo a leanas, faoi seach, sa liosta san Iarscríbhinn seo:

(a)an earnáil nó an fho-earnáil ina dtugann an tAontas Eorpach an gealltanas, agus raon feidhme an léirscaoilte a bhfuil feidhm ag na forchoimeádais maidir leis; agus

(b) tuairisc ar na forchoimeádais is infheidhme.

2. Ní dhéantar aon ghealltanas maidir le bunaíocht in earnálacha nó i bhfo-earnálacha a chumhdaítear leis an gComhaontú seo agus nach luaitear sa liosta san Iarscríbhinn seo.

3. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, agus earnálacha agus fo-earnálacha aonair á sainaithint:

(a)Ciallaíonn ‘ALT’ an tAicmiú Lárnach Táirgí sealadach mar a shainmhínítear in Airteagal 1.3(c);

(b) Ciallaíonn 'ALT leagan 1.0' an tAicmiú Lárnach Táirgí mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, ALT leagan 1.0, 1998; agus

(c) Ciallaíonn 'ISIC leagan 3.1' an Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch mar atá leagtha amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M Uimh. 4, ISIC REV 3.1, 2002.

4. Ní áirítear sa liosta san Iarscríbhinn seo bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta um cháiliú, caighdeáin theicniúla agus ceanglais agus nósanna imeachta um cheadúnú murab é atá iontu teorainn ar rochtain ar an margadh nó ar chóir náisiúnta de réir bhrí Airteagal 10.3 nó Airteagal 10.4 faoi seach. Na bearta sin (mar shampla, an gá ceadúnas a fháil, oibleagáidí seirbhíse uilíche, an gá aitheantas a fháil do cháilíochtaí in earnálacha rialaithe, an gá pas a fháil i scrúduithe sonracha, lena n-áirítear scrúduithe teanga, agus ceanglas neamh-idirdhealaitheach nach bhféadfar gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh i gcriosanna cosanta comhshaoil nó i réimsí a bhfuil leas stairiúil nó ealaíonta ar leith ag baint leo), fiú mura liostaítear iad, tá feidhm acu in aon chás maidir le fiontair agus infheisteoirí de chuid Stát Sínithe MERCOSUR.

5. Tugann an tAontas Eorpach gealltanais i ndáil le rochtain ar an margadh mar a leagtar amach in Airteagal 10.3(1), arna ndifreáil ag a Bhallstáit, más infheidhme.

6. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcás an Aontais Eorpaigh, ní bheidh ceanglas i gceist le hoibleagáid cóir náisiúnta a thabhairt do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha de Stát Sínithe MEROCSUR, an chóir a thugtar i mBallstát den Aontas Eorpach, de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nó de bhun aon bheart arna ghlacadh de bhun an Chonartha sin, lena n-áirítear cur chun feidhme an Chonartha nó na mbeart sin i mBallstáit an Aontais Eorpaigh, a leathnú chun iad seo a leanas a chumhdach:

(a)daoine nádúrtha nó cónaitheoirí de Bhallstát den Aontas Eorpach; nó

(b) daoine dlítheanacha atá comhdhéanta nó a eagraítear faoi dhlí Ballstáit eile den Aontas Eorpach nó an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu i mBallstát den Aontas Eorpach.

Deonaítear an chóir náisiúnta sin do dhaoine dlítheanacha atá comhdhéanta nó eagraithe faoi dhlí Ballstáit den Aontas Eorpach nó faoi dhlí an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu i mBallstát den Aontas Eorpach, lena n-áirítear iad siúd atá faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine nádúrtha nó dlítheanacha de Stát Sínitheoir MERCOSUR.

7. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas sa liosta atá san Iarscríbhinn seo:

– AE An tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh
– LEE An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
– AT An Ostair
– BE An Bheilg
– BG An Bhulgáir
– CY An Chipir
– CZ An tSeicia
– DE An Ghearmáin
– DK An Danmhairg
– EE An Eastóin
– EL An Ghréig
– ES An Spáinn
– FI An Fhionlainn
– FR An Fhrainc
– HR An Chróit

– HU An Ungáir
– IE Éire
– IT An Iodáil
– LV An Laitvia
– LT An Liotuáin
– LU Lucsamburg
– MT Málta
– NL an Ísiltír
– PL An Pholainn
– PT An Phortaingéil
– RO An Rómáin
– SK Poblacht na Slóvaice
– SI An tSlóivéin
– SE An tSualainn

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| GACH EARNÁIL | Réadmhaoin<br><br>I ngach ceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh seachas AT, BG, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, FI, HU, IE, IT, LV, LT, MT, PL, RO, SI, SK, ES: Ceann ar bith.<br><br>In AT: Éadáil, ceannach agus fáil ar cíos nó léasú réadmhaoine ag daoine nádúrtha eachtracha agus ag daoine dlítheanacha eachtracha, tá gá le húdarú ina leith ó na húdaráis réigiúnacha inniúla (‘Länder’) lena mbreithneofar an ndéantar difear do leasanna tábhachtacha eacnamaíocha, sóisialta nó cultúrtha.<br><br>In BG: Ní féidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha eachtracha (lena n-áirítear brainsí díobh) úinéireacht talún a fháil. Daoine dlítheanacha Bulgáracha lena ngabhann rannpháirtíocht eachtrach, ní fhéadfaidh siad úinéireacht a fháil ar thalamh talmhaíochta. Is féidir le daoine dlítheanacha eachtracha agus saoránaigh eachtracha a bhfuil buanchónaí orthu ar an gcoigríoch úinéireacht a fháil ar fhoirgnimh agus ar chearta teoranta maoine[1] i leith réadmhaoine, faoi réir chead na hAireachta Airgeadais. Níl feidhm ag an gceanglas ceada maidir le daoine a rinne infheistíochtaí sa Bhulgáir. Féadann saoránaigh eachtracha ar a bhfuil buanchónaí thar lear, daoine dlítheanacha eachtracha agus fiontair ina gcinntíonn rannpháirtíocht eachtrach tromlach ó thaobh glacadh le cinntí nó ina gcuirtear bac ar chinntí a ghlacadh, cearta chun maoine réadaigh a éadáil i limistéir gheografacha shonracha atá sainithe ag Comhairle na n Airí faoi réir cead a fháil. |

1 Aithnítear le dlí maoine na Bulgáire na cearta teoranta maoine seo a leanas: an ceart úsáide, an ceart tógála, an ceart chun forstruchtúr agus éasúintí a thógáil.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In CY: Neamhcheangailte.<br><br>In CZ: Is féidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha eachtracha a bhfuil buanchónaí orthu sa tSeicia talamh talmhaíochta agus foraoise a fháil. Baineann rialacha sonracha leis an talamh talmhaíochta agus foraoise atá in úinéireacht an stáit.<br><br>In DE: Féadfaidh feidhm a bheith ag coinníollacha áirithe cómhalartachta.<br><br>In DK: Teorainneacha ar cheannach réadmhaoine ag eintitis fhisiceacha agus dhlítheanacha neamhchónaitheacha. Teorainneacha ar cheannach eastáit talmhaíochta ag eintitis fhisiceacha agus dhlítheanacha eachtracha.<br><br>In EE: Neamhcheangailte i ndáil le héadáil talún talmhaíochta agus foraoise[1].<br><br>In EL: De réir Dhlí Uimh. 1892/90, is gá do shaoránach cead a fháil ón Aire Cosanta chun talamh a fháil i limistéir atá cóngarach do theorainneacha.<br><br>In FI: (Oileáin Åland): Srianta ar an gceart atá ag daoine nádúrtha nach bhfuil saoránacht réigiúnach acu in Åland, agus ag daoine dlítheanacha, réadmhaoin a éadáil in Oileáin Åland agus seilbh a choinneáil uirthi gan cead a fháil ó údaráis inniúla Oileáin Åland. Srianta ar an gceart bunaíochta agus ar an gceart chun seirbhísí a sholáthar ag daoine nádúrtha nach bhfuil saoránacht réigiúnach acu in Åland, nó ag aon duine dlítheanach, gan cead ó údaráis inniúla Oileáin Åland. |

1 A mhéid a bhaineann le hearnálacha seirbhísí, ní théann na teorainneacha sin thar na teorainneacha a léirítear i ngealltanais GATS atá ann cheana.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In HR: Neamhcheangailte i ndáil le héadáil réadmhaoine ag soláthróirí seirbhíse nach bhfuil bunaithe ná corpraithe sa Chróit. Ceadaítear éadáil réadmhaoine a bhfuil gá léi chun go mbeidh seirbhísí á soláthar ag cuideachtaí atá bunaithe agus corpraithe mar dhaoine dlítheanacha sa Chróit. Is gá do bhrainsí cead a fháil ón Aireacht Dlí agus Cirt chun an réadmhaoin a éadáil a bhfuil gá léi chun seirbhísí a sholáthar. Ní fhéadfaidh eachtrannaigh talamh talmhaíochta a fháil.<br><br>In HU: Teorainneacha ar éadáil talún agus réadmhaoine ag infheisteoirí coigríche[1].<br><br>In IE: Is gá toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ó Choimisiún na Talún chun go bhfaighidh cuideachtaí intíre nó eachtracha nó náisiúnaigh eachtracha aon leas i dtalamh na hÉireann. I gcás gur le haghaidh úsáid thionsclaíoch (seachas an tionscal talmhaíochta) an talamh sin, tarscaoiltear an ceanglas sin faoi réir deimhniú chuige sin ón Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Níl feidhm ag an dlí sin maidir le talamh laistigh de theorainneacha cathracha agus bailte.<br><br>In IT: Tá ceannach réadmhaoine ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha eachtracha faoi réir coinníoll cómhalartachta.<br><br>In LV: Tá éadáil talún neamhcheangailte; ceadaítear léas talún nach faide ná 99 mbliana (naoi mbliana is nócha). |

1 A mhéid a bhaineann le hearnálacha seirbhísí, ní théann na teorainneacha sin thar na teorainneacha a léirítear i ngealltanais GATS atá ann cheana.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In LT: Tá éadáil talún neamhcheangailte[1].<br><br>In MT: Beidh feidhm i gcónaí ag ceanglais dhlíthe agus rialacháin Mhálta maidir le héadáil réadmhaoine.<br><br>In PL: Is gá cead a bheith ag eachtrannaigh (daoine nádúrtha nó dlítheanacha eachtracha) chun réadmhaoin a fháil, go díreach nó indíreach. Tá éadáil maoine faoi úinéireacht stáit neamhcheangailte (mar shampla, na rialacháin lena rialaítear an próiseas príobháidithe).<br><br>In RO: Ní féidir le daoine nádúrtha nach bhfuil saoránacht Rómánach acu ná cónaí orthu sa Rómáin, ná daoine dlítheanacha nach bhfuil náisiúntacht Rómánach ná a gceanncheathrú sa Rómáin acu, úinéireacht a fháil ar aon chineál dáileachtaí talún, trí ghníomhartha *inter vivos*.<br><br>In SI: Daoine dlítheanacha atá bunaithe sa tSlóivéin agus a bhfuil rannpháirteachas caipitiúil eachtrannach iontu, féadfaidh siad réadmhaoin a fháil ar chríoch na Slóivéine. Brainsí[2] arna mbunú ag daoine eachtracha sa tSlóivéin, féadfaidh siad réadmhaoin a fháil, seachas talamh, i gcás ina mbeidh gá leis an réadmhaoin sin chun na gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar ina leith a bunaíodh iad a dhéanamh agus sa chás sin amháin. |

[1] A mhéid a bhaineann le hearnálacha seirbhísí, ní théann na teorainneacha sin thar na teorainneacha a léirítear i ngealltanais GATS atá ann cheana.

[2] De réir an Dlí maidir le Cuideachtaí Tráchtála, ní mheastar gur duine dlítheanach é brainse atá bunaithe sa tSlóivéin, ach a mhéid a bhaineann lena oibriú, tá a chóir cothrom le cóir fochuideachta, rud atá i gcomhréir le hAirteagal XXVIII mír (g) de GATS.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In SK: Teorainneacha ar éadáil réadmhaoine ag eintitis fhisiceacha agus dhlítheanacha eachtracha. Féadfaidh eintitis eachtracha réadmhaoin a éadáil trí eintitis dhlítheanacha Shlóvacacha a bhunú nó trí rannpháirtíocht i gcomhfhiontair. Neamhcheangailte i ndáil le talamh, lena n-áirítear mar shampla acmhainní nádúrtha, lochanna, aibhneacha, bóithre poiblí.<br>In ES: tá údarú riaracháin ó Chomhairle Airí na Spáinne ina cheangal le haghaidh infheistíocht eachtrach i ngníomhaíochtaí a bhaineann go díreach le hinfheistíochtaí maoine réadaigh le haghaidh misean taidhleoireachta ag Stát nach ball den AE é, mura bhfuil comhaontú cómhalartach léirscaoilte i bhfeidhm. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| GACH EARNÁIL | Fóntais phoiblí<br><br>AE: Seirbhísí a mheastar a bheith ina bhfóntais phoiblí ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal áitiúil, féadfaidh siad a bheith faoi réir monaplachtaí poiblí nó faoi réir cearta eisiacha a dheonaítear d'oibreoirí príobháideacha[1] [2]. |

1 Tá fóntais phoiblí ann in earnálacha amhail seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla, seirbhísí taighde agus forbartha maidir leis na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí, seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla, seirbhísí comhshaoil, seirbhísí sláinte, seirbhísí iompair agus seirbhísí cúnta do gach modh iompair. Is minic a dheonaítear cearta eisiacha i leith na seirbhísí sin d'oibreoirí príobháideacha, mar shampla, oibreoirí a bhfuil lamhháltais acu ó údaráis phoiblí, faoi réir oibleagáidí sonracha maidir le seirbhísí. Liostú mionsonraithe uileghabhálach earnáilsonrach, níl sé sin praiticiúil de bhrí gur minic a bhíonn fóntais phoiblí ann ar an leibhéal fo-lárnach freisin.

2 Níl feidhm ag an teorainn sin maidir leis an teileachumarsáid ná le seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| GACH EARNÁIL | Cineálacha bunaíochta<br><br>AE: An chóir a thugtar d'fhochuideachtaí (daoine dlítheanacha de Stát Sínithe MERCOSUR) arna mbunú i gcomhréir le dlí Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu laistigh den Aontas, ní leathnaítear í chuig brainsí ná gníomhaireachtaí arna mbunú i mBallstáit an Aontais Eorpaigh ag daoine dlítheanacha de Stát Sínithe MERCOSUR[1].<br><br>In BG: Soláthróirí seirbhíse eachtracha, lena n-áirítear comhfhiontair, ní fhéadfar iad a bhunú i bhfoirm cuideachta faoi dhliteanas teoranta nó cuideachta comhstoic mura bhfuil beirt scairshealbhóirí ar a laghad acu. Tá bunú brainsí faoi réir údaraithe. Neamhcheangailte i ndáil le hoifigí ionadaíocha. Ní fhéadfaidh oifigí ionadaíocha gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch. I gcás fiontair inar mó ná 30 % an sciar poiblí (stáit nó bardasach) den chaipiteal cothromais, ní mór údarú a fháil chun na scaireanna sin a aistriú chuig tríú páirtithe.<br><br>In CY: tá glaoch iomlán chun an Bharra ina cheanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí intíre (dlí an Aontais Eorpaigh agus dlí Bhallstáit an Aontais Eorpaigh), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Tá cónaitheacht (láithreacht tráchtála) agus náisiúntacht an Aontais ina cheanglas chun glaoch iomlán chun an Bharra a fháil. Ní fhéadfaidh ach abhcóidí atá cláraithe leis an mBarra bheith ina gcomhpháirtithe, ina sciarshealbhóirí nó ina mbaill den Bhord Stiúrthóirí i gcuideachta dlí sa Chipir. |

[1] I gcomhréir le hAirteagal 54 CFAE, meastar gur daoine dlítheanacha den Aontas iad na fochuideachtaí sin. A mhéid atá nasc leanúnach éifeachtach acu le geilleagar an Aontais, is tairbhithe iad de mhargadh inmheánach an Aontais, lena n-áirítear, i measc nithe eile, an tsaoirse chun seirbhísí a bhunú agus a sholáthar i mBallstáit uile an Aontais Eorpaigh.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In EE: Beidh cónaí san Aontas ar an leathchuid ar a laghad de chomhaltaí an bhoird bainistíochta.<br><br>In FI: Náisiúnach de Stát Sínithe MERCOSUR a dhéanann trádáil mar chomhpháirtí i gcomhpháirtíocht theoranta nó ghinearálta de chuid na Fionlainne, is gá cead trádála a bheith aige agus ní mór buanchónaí a bheith air san Aontas. I gcás gach earnála seachas seirbhísí teileachumarsáide, tá náisiúntacht agus cónaí ina gceanglas ar an leathchuid ar a laghad de ghnáthchomhaltaí agus de leaschomhaltaí an bhoird stiúrthóirí agus ina gceanglas ar an stiúrthóir bainistíochta; féadfar díolúintí a dheonú do chuideachtaí áirithe, áfach. I gcás seirbhísí teileachumarsáide, tá buanchónaí ina cheanglas ar an leathchuid de na bunaitheoirí agus de chomhaltaí an bhoird stiúrthóirí agus ina cheanglas ar an stiúrthóir bainistíochta. Más duine dlítheanach é an bunaitheoir, tá an duine dlítheanach sin faoi réir ceanglas cónaithe freisin. Má tá sé beartaithe ag eagraíocht de Stát Sínithe MERCOSUR gnó nó trádáil a dhéanamh trí bhrainse a bhunú san Fhionlainn, is gá cead trádála a bheith aici. Cead chun gníomhú mar bhunaitheoir cuideachta teoranta, tá sé ina cheanglas ar eagraíocht de Stát Sínithe MERCOSUR nó ar dhuine nádúrtha nach saoránach den Aontas é.<br><br>In FR: Is gá údarú sonrach a bheith ag stiúrthóir bainistíochta gníomhaíochta tionsclaíche, tráchtála nó ceardaíochta, mura bhfuil cead cónaithe aige.<br><br>In HU: Ba cheart an bhunaíocht a bheith i bhfoirm cuideachta faoi dhliteanas teoranta, cuideachta comhstoic nó oifig ionadaíochta. Níl iontráil tosaigh mar bhrainse ceadaithe ach le haghaidh seirbhísí airgeadais. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| | In IT: Tá rochtain ar ghníomhaíochtaí tionsclaíocha, tráchtála agus ceardaíochta faoi réir cead cónaithe agus údarú sonrach chun na gníomhaíochtaí a shaothrú.<br><br>In BG, PL: Ní fhéadfaidh raon feidhme oibríochtaí de chuid oifige ionadaíche a chuimsiú ach fógraíocht na máthairchuideachta eachtraí.<br><br>In PL: Cé is moite de sheirbhísí airgeadais, neamhcheangailte i ndáil le brainsí. Ní féidir le hinfheisteoirí de Stát Sínithe MERCOSUR gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch agus an ghníomhaíocht sin a dhéanamh ach amháin i bhfoirm comhpháirtíochta teoranta, comhpháirtíochta teoranta comhstoic, cuideachta faoi dhliteanas teoranta agus cuideachta comhstoic (i gcás seirbhísí dlí, ach amháin i bhfoirm comhpháirtíochta cláraithe agus comhpháirtíochta teoranta). Féadfaidh soláthróirí seirbhíse eachtracha oifigí ionadaíocha a bhunú a bhfuil a suíomh sa Pholainn. Ní fhéadfar a chuimsiú le raon feidhme gníomhaíochta oifige ionadaíche ach gníomhaíocht a dhéanamh chun soláthróirí seirbhíse eachtracha a fhógairt agus a chur chun cinn.<br><br>In RO: An riarthóir aonair nó cathaoirleach an bhoird riaracháin chomh maith leis an leathchuid den líon iomlán riarthóirí ag na cuideachtaí tráchtála, beidh siad ina saoránaigh Rómánacha mura sonraítear a mhalairt i gconradh na cuideachta nó ina reachtanna. Saoránaigh den Rómáin a bheidh i dtromlach iniúchóirí na gcuideachtaí tráchtála agus i dtromlach a n-ionadaithe. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In SE: Déanfaidh cuideachta eachtrach, nach bhfuil eintiteas dlítheanach bunaithe aici sa tSualainn nó atá ag déanamh a gnó trí ghníomhaire tráchtála, déanfaidh sí a cuid oibríochtaí tráchtála trí bhrainse, atá cláraithe sa tSualainn, ag a bhfuil bainistíocht neamhspleách agus cuntais ar leithligh. Ní mór cónaí a bheith ar stiúrthóir bainistíochta agus leas-stiúrthóir bainistíochta an bhrainse, má cheaptar iad, in LEE. Ní mór do dhuine nádúrtha nach bhfuil cónaí air in LEE, a dhéanann oibríochtaí tráchtála sa tSualainn, ionadaí cónaitheach a cheapadh agus a chlárú a bheidh freagrach as na hoibríochtaí sa tSualainn. Coinneofar cuntais ar leithligh le haghaidh na n-oibríochtaí sa tSualainn. I gcásanna aonair féadfaidh an t-údarás inniúil díolúintí a dheonú ó na ceanglais maidir le brainse agus cónaitheacht. Tionscadail tógála a mhaireann níos lú ná aon (1) bhliain amháin, arna ndéanamh ag cuideachta atá lonnaithe lasmuigh de LEE nó ag duine nádúrtha a bhfuil cónaí air lasmuigh de LEE, díolmhaítear iad ó na ceanglais maidir le brainse a bhunú nó ionadaí cónaitheach a cheapadh. Maidir le cuideachta faoi dhliteanas teoranta sa tSualainn a bhunú, féadfaidh duine nádúrtha a bhfuil cónaí air in LEE, duine dlítheanach de chuid na Sualainne nó duine dlítheanach a bunaíodh i gcomhréir leis an dlí i stát laistigh de LEE agus ag a bhfuil a oifig chláraithe, a cheanncheathrú nó a phríomháit gnó laistigh den LEE, an chuideachta sin a bhunú. Ní fhéadfaidh comhpháirtíocht a bheith ina bunaitheoir ach amháin má tá cónaí in LEE ar gach úinéir ag a bhfuil dliteanas pearsanta neamhtheoranta. Féadfaidh bunaitheoirí lasmuigh de LEE iarratas a dhéanamh ar chead ón údarás inniúil. I gcás cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta agus comhlachais eacnamaíocha chomhoibritheacha, ní mór cónaí in LEE a bheith ar 50 % (caoga faoin gcéad) ar a laghad den bhord stiúrthóirí, 50 % (caoga faoin gcéad) ar a laghad de bhaill an bhoird ionaid, an stiúrthóir bainistíochta, an leas-stiúrthóir bainistíochta agus ar a laghad duine amháin de na daoine atá údaraithe chun síniú thar ceann na cuideachta, más ann dóibh. Féadfaidh an t-údarás inniúil díolúintí ón gceanglas sin a dheonú. Mura bhfuil cónaí sa tSualainn ar aon duine d'ionadaithe na cuideachta nó an chumainn, ní mór don bhord duine a bhfuil cónaí air sa tSualainn a cheapadh agus a chlárú, ar duine é atá údaraithe chun gníomhú mar sheoladh le haghaidh seirbheála thar ceann na cuideachta nó an chumainn. Tá feidhm ag coinníollacha comhfhreagracha maidir le gach cineál eile eintitis dhlítheanaigh a bhunú. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In SK: Duine nádúrtha de Stát Sínithe MERCOSUR a bhfuil a ainm le clárú sa Chlár Tráchtála mar dhuine atá údaraithe chun gníomhú thar ceann an fhiontraí, ceanglaítear air iarratas ar chead cónaithe i bPoblacht na Slóvaice a chur isteach. |
| GACH EARNÁIL | Infheistíocht<br>AE: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí nó seirbhísí atá ina gcuid de phlean scoir poiblí nó de chóras reachtúil slándála sóisialta.<br>In BG: I gcás fiontair inar mó ná 30 % an sciar poiblí (stáit nó bardasach) den chaipiteal cothromais, ní mór údarú a fháil chun na scaireanna sin a aistriú chuig tríú páirtithe. Tá gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le saothrú nó úsáid réadmhaoine stáit nó poiblí faoi réir lamháltas arna ndeonú faoi fhorálacha Acht na Lamháltas. Ní féidir le hinfheisteoirí coigríche a bheith rannpháirteach i bpríobháidiú. Infheisteoirí coigríche agus daoine dlítheanacha Bulgáracha lena ngabhann rannpháirtíocht eachtrach urlámhais, is gá dóibh cead a fháil le haghaidh na nithe seo a leanas: (a) sirtheoireacht, forbairt nó eastóscadh acmhainní nádúrtha as na farraigí teorann, as an scairbh ilchríochach nó as an limistéar eacnamaíoch eisiach; agus b) leas cothromais urlámhais a fháil i gcuideachtaí atá ag gabháil d’aon cheann de na gníomhaíochtaí a shonraítear faoi ‘a)’. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| | In CY: I gcás eintitis lena ngabhann rannpháirtíocht eachtrach, ní mór caipiteal i gcomhréir lena gceanglais airgeadais a bheith íoctha acu agus ní mór do neamhchónaitheoirí a ranníocaíocht a mhaoiniú trí allmhairiú malairte eachtraí. Más mó ná 24 % an rannpháirtíocht neamhchónaitheach, ba cheart aon mhaoiniú breise le haghaidh ceanglais caipitil oibre nó aon mhaoiniú breise eile a thiomsú ó fhoinsí áitiúla agus eachtracha i gcomhréir le rannpháirtíocht cónaitheoirí agus neamhchónaitheoirí i gcothromas an eintitis. I gcás brainsí de chuideachtaí eachtracha, ní mór an caipiteal uile le haghaidh na hinfheistíochta tosaigh teacht ó fhoinsí eachtracha. Ní cheadaítear iasachtaí a fháil ó fhoinsí áitiúla ach amháin tar éis chur chun feidhme tosaigh an tionscadail, chun ceanglais caipitil oibre a mhaoiniú.<br><br>In FI: Éadáil scaireanna ag úinéirí eachtracha lena dtugtar dóibh níos mó ná aon trian de na cearta vótála atá ag mórchuideachta nó mórghnóthas gnó de chuid na Fionlainne (ag a bhfuil níos mó ná 1 000 fostaí, ag a bhfuil láimhdeachas is mó ná EUR 168 milliún nó ar mó ná EUR 168 milliún iomlán an chláir comhardaithe[1] acu), tá siad faoi réir deimhniú ag údaráis na Fionlainne. Ní fhéadfar an deimhniú sin a dhiúltú ach amháin dá gcuirfí leas tábhachtach náisiúnta i mbaol. Níl feidhm ag na teorainneacha sin maidir le seirbhísí teileachumarsáide. |

1 Suim iomlán na sócmhainní, nó suim iomlán na bhfiach móide caipiteal.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In FR: De bhun airteagail L151-1 agus R153-1 sec den chód airgeadaíochta agus airgeadais, tá infheistíochtaí coigríche sa Fhrainc in earnálacha a liostaítear in airteagal R153-2 den chód airgeadaíochta agus airgeadais faoi réir formheas a fháil roimh ré ón Aire Geilleagair. Forchoimeádann an Fhrainc an ceart chun teorainn a chur le rannpháirtíocht eachtrach i gcuideachtaí a dhéantar a príobháidiú a chéaduair agus sin go méid inathraithe na gcothromas arna dtairiscint don phobal, arna gcinneadh ag rialtas na Fraince ar bhonn cás ar chás.<br>In HU: Neamhcheangailte i ndáil le rannpháirtíocht eachtrach i gcuideachtaí nuaphríobháidithe.<br>In IT: Féadfar cearta eisiacha a dheonú do chuideachtaí nuaphríobháidithe nó féadfar iad a choinneáil ar bun ina leith. Féadfar cearta vótála i gcuideachtaí nuaphríobháidithe a shrianadh i gcásanna áirithe. Ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, féadfaidh éadáil bunanna móra cothromais i gcuideachtaí a oibríonn i réimsí na cosanta, na seirbhísí iompair, na teileachumarsáide agus an fhuinnimh a bheith faoi réir fhormheas na n-údarás inniúil.<br>In LT: Fiontair a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo maidir leis an tslándáil náisiúnta agus nach mór a bheith faoi úinéireacht an Stáit (an cion den chaipiteal a fhéadfaidh a bheith i seilbh daoine príobháideacha náisiúnta nó eachtracha atá i gcomhréir le leasanna slándála náisiúnta, i ndáil le hinfheistíocht i bhfiontair, in earnálacha agus i saoráidí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo maidir leis an tslándáil náisiúnta agus nósanna imeachta agus critéir chun comhréireacht infheisteoirí náisiúnta ionchasacha agus rannpháirtithe ionchasacha ar fiontair iad a chinneadh, i measc nithe eile). |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In MT: Tá scairchaipiteal íosta a bhfuil 50 % de le híoc ina cheanglas ar chuideachtaí lena ngabhann rannpháirtíocht daoine dlítheanacha nó nádúrtha neamhchónaitheacha. Tá an céatadán neamhchónaitheach den chothromas le híoc le cistí ón gcoigríoch. I dtéarmaí Roinn 17 den Acht um Rialú Malartán, maidir le daoine nach cónaitheoirí de Mhálta iad ach ar mian leo aon seirbhís a sholáthar trí láithreacht tráchtála i Málta, ní fhéadfaidh siad déanamh amhlaidh ach amháin trí chuideachta áitiúil a chlárú agus cead a fháil roimh ré ó Bhanc Ceannais Mhálta.<br><br>In PT: Féadfar rannpháirtíocht eachtrach i gcuideachtaí nuaphríobháidithe a theorannú do mhéid athraitheach den chothromas a chuirtear ar fáil don phobal, arna chinneadh ag Rialtas na Portaingéile ar bhonn cás ar chás.<br><br>In SI: I gcás seirbhísí airgeadais, is iad na húdaráis atá sonraithe i ngealltanais earnáilsonracha a eisíonn an t-údarú agus eisítear é de réir na gcoinníollacha atá sonraithe i ngealltanais earnáilsonracha. Níl aon teorainn le bunú bunaíochta nua gnó (infheistíochtaí úrnua). |
| GACH EARNÁIL | Limistéir gheografacha<br><br>In FI: In Oileáin Åland, tá teorainneacha ar an gceart bunaíochta ag daoine nádúrtha nach bhfuil saoránacht réigiúnach acu in Åland nó ag aon duine dlítheanach. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 1. TALMHAÍOCHT, SEALGAIREACHT, FORAOISEACHT | |
| A. Talmhaíocht, sealgaireacht<br><br>(ISIC rev 3.1: 011, 012, 013, 014, 015) gan seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a áireamh[1] | AE: Tá feidhm ag srianta cainníochtúla maidir le táirgeadh táirgí talmhaíochta.<br><br>In AT, HR, HU, MT, RO: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí talmhaíochta.<br><br>In CY: Ní cheadaítear d'infheisteoirí de Stát Sínithe MERCOSUR a bheith rannpháirteach ach suas le 49 %.<br><br>In FI: Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh LEE a bhfuil cónaí orthu sa limistéar tréadaíochta réinfhianna a bheith ina n-úinéirí réinfhianna agus feirmeoireacht réinfhianna a chleachtadh. Féadfar cearta eisiacha a dheonú.<br><br>In FR: Tá bunú feirmeacha agus comharchumann talmhaíochta ag infheisteoirí neamh-AE faoi réir údaraithe.<br><br>In IE: Tá bunú gníomhaíochtaí muilleoireachta plúir ag cónaitheoirí de Stát Sínithe MERCOSUR faoi réir údarú.<br><br>In SE: Ní fhéadfaidh ach daoine Sámacha bheith ina n-úinéirí ar réinfhianna agus feirmeoireacht réinfhianna a chleachtadh. |

[1] Seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann le talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht agus iascaireacht, tá siad le fáil i SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.f) agus 6.F.g).

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. Foraoiseacht agus lománaíocht<br><br>(ISIC rev 3.1: 020) gan seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a áireamh[1] | In BG: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí lománaíochta. |
| 2. IASCAIREACHT AGUS DOBHARSHAOTHRÚ<br><br>(ISIC rev. 3.1: 0501, 0502) gan seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a áireamh[2] | AE: Neamhcheangailte. |

[1] Seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann le talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht agus iascaireacht, tá siad le fáil i SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.f) agus 6.F.g).

[2] Seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann le talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht agus iascaireacht, tá siad le fáil i SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.f) agus 6.F.g).

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 3. MIANADÓIREACHT AGUS CAIRÉALACHT<br><br>A. Mianadóireacht ar ghual agus ligníte; baint móna<br><br>(ISIC rev 3.1: 10)<br><br>B. Eastóscadh peitriliam amh agus gáis nádúrtha[1]<br><br>(ISIC rev 3.1: 1110)<br><br>C. Mianadóireacht ar mhianraí miotail<br><br>(ISIC rev 3.1: 13)<br><br>D. Mianadóireacht agus cairéalú eile<br><br>(ISIC rev 3.1: 14) | AE: Neamhcheangailte i ndáil le daoine dlítheanacha atá faoi rialú daoine nádúrtha nó dlítheanacha de thír nach de chuid an Aontais í ar uaithi a thagann níos mó ná 5 % (cúig faoin gcéad) d'allmhairí ola nó gáis nádúrtha an Aontais. Neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach (tá corprú ina cheanglas).<br><br>AE: Forchoimeádas maidir le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus saothrú hidreacarbón: i gcomhréir le Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid chun hidreacarbóin a chuardach, a thaiscéaladh agus a tháirgeadh, IO L 164, 30.6.1994, lch. 3, nuair is cosúil nach bhfuil tríú tír ag deonú cóir d'eintitis de chuid an Aontais, a mhéid a bhaineann le rochtain ar na gníomhaíochtaí sin agus feidhmiú na ngníomhaíochtaí sin, atá inchomparáide leis an gcóir a dheonaíonn an tAontas d'eintitis ón tír sin, d'fhéadfadh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, Ballstát den Aontas Eorpach a údarú le húdarú a dhiúltú d'eintiteas atá á rialú go héifeachtach ag an tríú tír lena mbaineann nó ag náisiúnaigh den tír sin (cómhalartacht).<br><br>AE: Neamhcheangailte i ndáil le heastóscadh peitriliam amh agus gáis nádúrtha.<br><br>In BG, HU, LT, MT, CZ, SK, CY: Neamhcheangailte.<br><br>In ES: Forchoimeádas maidir le hinfheistíocht i mianraí straitéiseacha de thionscnamh tíortha nach Ballstáit den Aontas iad. |

[1] Ní áirítear leis sin seirbhísí a bhaineann le mianadóireacht arna ndéanamh ag olacheantair agus gáscheantair ar bhonn táille nó conartha atá le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH faoi 19.A Seirbhísí a bhaineann le mianadóireacht.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In DK: Tá an ceart chun hidreacarbóin agus acmhainneacht gheoiteirmeach a thaiscéaladh agus a tháirgeadh faoi réir lamháltais ó Aire Gnóthaí Eacnamaíocha agus Gnó na Danmhairge. Tá gá le rannpháirtíocht stáit i dtaiscéalaíocht chun hidreacarbóin a tháirgeadh. Is féidir leis an stát a cheangal ar cheadúnaí comhaontú aonadaithe a dhéanamh le ceadúnaithe eile a bhfuil lamháltas acu le haghaidh limistéar tadhlach. Oibreoir a bhfuil cónaí air lasmuigh den Danmhairg a dhéanann iarratas ar cheadúnas, ní mór oifig chláraithe a bheith aige laistigh de chríoch an Aontais.<br><br>In EL: An ceart chun taiscéalaíocht agus saothrú a dhéanamh ar gach mianra, seachas hidreacarbóin, breoslaí soladacha, mianraí radaighníomhacha agus acmhainneacht gheoiteirmeach, tá sé faoi réir lamháltais ag an nGréig, tar éis do Chomhairle na nAirí é a fhormheas.<br><br>In FR: Bunaíocht i dtionscail eastóscacha ag neamhchónaitheoir, ní mór í a bheith i bhfoirm fochuideachta Francaí nó Eorpaí, agus ní mór dá bainisteoir a bheith ina chónaí sa Fhrainc nó i mBallstáit eile den Aontas Eorpach agus a áit chónaithe a dhearbhú d’údaráis na maorachta áitiúla.<br><br>In NL: Tá gá le rannpháirtíocht stáit i dtáirgeadh hidreacarbón. Áirítear léi sin rannpháirtíocht i saoráidí táirgthe. Is féidir leis an stát a cheangal ar cheadúnaí comhaontú aonadaithe a dhéanamh le ceadúnaí eile a bhfuil lamháltas aige le haghaidh limistéar tadhlach.<br><br>In SI: Taiscéalaíocht agus saothrú acmhainní mianraí, lena n-áirítear seirbhísí mianadóireachta rialaithe, tá siad faoi réir bunaíocht sna háiteanna a leanas nó saoránacht dá gcuid: LEE, Cónaidhm na hEilvéise, Comhalta de chuid ECFE, nó tríú tír ar choinníoll na cómhalartachta ábhartha. Is í an Aireacht atá freagrach as mianadóireacht a fhíoraíonn go bhfuil coinníoll na cómhalartachta á chomhlíonadh. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 4. MONARAÍOCHT[1] | |
| A. Monarú táirgí bia agus deochanna<br><br>(ISIC rev 3.1: 15) | Ceann ar bith. |
| B. Monarú táirgí tobac<br><br>(ISIC rev 3.1: 16) | Ceann ar bith. |
| C. Monarú teicstílí<br><br>(ISIC rev 3.1: 17) | Ceann ar bith. |
| D. Monarú corpbhirt; treiscíniú agus ruaimniú fionnaidh<br><br>(ISIC rev 3.1: 18) | Ceann ar bith. |

1 Ní áirítear san earnáil sin seirbhísí comhairleacha a bhaineann le monaraíocht, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.h).

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| E. Súdaireacht agus treiscíniú leathair; monarú bagáiste, málaí láimhe, diallaiteoireachta, úmacha agus coisbhirt<br><br>(ISIC rev 3.1: 19) | Ceann ar bith. |
| F. Monarú adhmaid agus táirgí adhmaid agus coirc, seachas troscán; monarú earraí tuí agus ábhar trilseánaithe<br><br>(ISIC rev 3.1: 20) | Ceann ar bith. |
| G. Monarú páipéir agus táirgí páipéir<br><br>(ISIC rev 3.1: 21) | Ceann ar bith. |
| H. Foilsitheoireacht, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta[1]<br><br>(ISIC rev 3.1: 22, seachas foilsitheoireacht agus priontáil ar bhonn táille nó conartha[2]) | In IT: Tá náisiúntacht ina ceanglas ar úinéirí cuideachtaí foilsitheoireachta agus priontála.<br><br>In SE: Tá cónaí ina cheanglas ar fhoilsitheoir agus úinéir cuideachta foilsitheoireachta nó priontála.<br><br>In HR: Ceanglas cónaithe. |

1 Tá an earnáil teoranta do ghníomhaíochtaí monaraíochta. Ní áirítear inti gníomhaíochtaí closamhairc nó gníomhaíochtaí a léiríonn ábhar cultúrtha.

2 Tá foilsitheoireacht agus priontáil ar bhonn táille nó conartha le fáil i SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.p) Priontáil agus foilsitheoireacht.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| I. Monarú táirgí oighinn cóic<br>(ISIC rev 3.1: 231) | Ceann ar bith. |
| J. Monarú táirgí peitriliam scagtha<br>(ISIC rev 3.1: 232) | AE: Neamhcheangailte i ndáil le daoine dlítheanacha atá faoi rialú daoine nádúrtha nó dlítheanacha de thír nach de chuid an Aontais í ar uaithi a thagann níos mó ná 5 % (cúig faoin gcéad) d'allmhairí ola nó gáis nádúrtha an Aontais. Neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach (tá corprú ina cheanglas). |
| K. Monarú ceimiceán agus táirgí ceimiceacha seachas pléascáin<br>(ISIC rev 3.1: 24 gan monarú pléascán a áireamh) | Ceann ar bith. |
| L. Monarú táirgí rubair agus plaisteacha<br>(ISIC rev 3.1: 25) | Ceann ar bith. |
| M. Monarú táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile<br>(ISIC rev 3.1: 26) | Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| N. Monarú miotal bunúsach<br>(ISIC rev 3.1: 27) | Ceann ar bith. |
| O. Monarú táirgí miotail déanta, seachas innealra agus trealamh<br>(ISIC rev 3.1: 28) | Ceann ar bith. |
| P. Monarú innealra | |
| a) Monarú innealra ilchuspóirigh<br>(ISIC rev 3.1: 291) | Ceann ar bith. |
| b) Monarú innealra shainchuspóirigh seachas airm agus muinisin<br>(ISIC rev 3.1: 2921, 2922, 2923, 2924, 2925, 2926, 2929) | Ceann ar bith. |
| c) Monarú fearas tí nach n-aicmítear in áit ar bith eile<br>(ISIC rev 3.1: 293) | Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| d) Monarú innealra oifige, cuntasaíochta agus ríomhaireachta<br><br>(ISIC rev 3.1: 30) | Ceann ar bith. |
| e) Monarú innealra agus gairis leictrigh nach n-aicmítear in áit ar bith eile.<br><br>(ISIC rev 3.1: 31) | Ceann ar bith. |
| f) Monarú trealaimh agus gairis raidió, teilifíse agus cumarsáide<br><br>(ISIC rev 3.1: 32) | Ceann ar bith. |
| Q. Monarú ionstraimí leighis, beachtais agus optúla, uaireadóirí agus clog<br><br>(ISIC rev 3.1: 33) | Ceann ar bith. |
| R. Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí<br><br>(ISIC rev 3.1: 34) | Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| S. Monarú trealaimh iompair (neamh-mhíleata) eile<br><br>(ISIC rev 3.1: 35 cé is moite de mhonarú long cogaidh, eitleán cogaidh agus trealaimh iompair eile ar le haghaidh úsáid mhíleata é) | Ceann ar bith. |
| T. Monarú troscáin; monaraíocht nach n-aicmítear in áit ar bith eile<br><br>(ISIC rev 3.1: 361, 369) | Ceann ar bith. |
| U. Athchúrsáil<br><br>(ISIC rev 3.1: 37) | Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 5. TÁIRGEADH; TARCHUR AGUS DÁILEADH LEICTREACHAIS, GÁIS, GAILE AGUS UISCE THE AR BHONN FÉINCHUNTAIS<br>(GAN GINIÚINT LEICTREACHAIS BUNAITHE AR FHUINNEAMH NÚICLÉACH A ÁIREAMH) | |
| A. Táirgeadh leictreachais; tarchur agus dáileadh leictreachais ar bhonn féinchuntais<br>(cuid de ISIC rev 3.1: 4010)[1] | AE: Neamhcheangailte. |
| B. Monarú gáis; dáileadh breoslaí gásacha trí phríomhlíonra ar bhonn féinchuntais<br>(cuid de ISIC rev 3.1: 4020)[2] | AE: Neamhcheangailte. |

1 Ní áirítear leis sin oibriú córas tarchurtha agus dáileacháin leictreachais ar bhonn táille nó conartha, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH.

2 Ní áirítear leis sin iompar gáis nádúrtha agus breoslaí gásacha trí phíblínte, tarchur agus dáileadh gáis ar bhonn táille nó conartha agus díolacháin gáis nádúrtha agus breoslaí gásacha, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. Táirgeadh gaile agus uisce the; dáileadh gaile agus uisce the ar bhonn féinchuntais<br>(cuid de ISIC rev 3.1: 4030)[1] | AE: Neamhcheangailte i ndáil le daoine dlítheanacha atá faoi rialú daoine nádúrtha nó dlítheanacha de thír nach de chuid an Aontais í ar uaithi a thagann níos mó ná 5 % (cúig faoin gcéad) d'allmhairí ola nó gáis nádúrtha an Aontais. Neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach (tá corprú ina cheanglas).<br>In BG, DE, CZ, HU, LT, MT, SK: Neamhcheangailte.<br>In AT: Neamhcheangailte i ndáil le cóir náisiúnta.<br>In EL: I gcás breoslaí soladacha, mianraí radaighníomhacha agus fuinneamh geoiteirmeach, ní fhéadfar ceadúnas taiscéalaíochta a dheonú do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha neamh-AE. Tá an ceart chun saothraithe faoi réir lamhháltais ag an nGréig, tar éis do Chomhairle na nAirí é a fhormheas.<br>In FI: Forchoimeádas maidir le hinfheistíocht i bhfiontar atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh núicléach nó le hábhar núicléach. Neamhcheangailte le haghaidh gréasáin agus córais tarchurtha agus dáilte fuinnimh agus gaile agus uisce te.<br>In FR: Neamhcheangailte i ndáil le táirgeadh leictreachais.<br>In LV: Monaplacht stáit in earnáil an leictreafhuinnimh. |

[1] Ní áirítear leis sin tarchur agus dáileadh gaile agus uisce the ar bhonn táille nó conartha ná díolacháin gaile agus uisce the, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 6. SEIRBHÍSÍ GNÓ | |
| A. Seirbhísí gairmiúla | |
| a) Seirbhísí dlí<br>(ALT 861)[1]<br>cé is moite de sheirbhísí comhairleacha dlí agus de sheirbhísí doiciméadachta agus deimhniúcháin dlí a sholáthraíonn gairmithe dlí a gcuirtear feidhmeanna poiblí de chúram orthu, amhail nótairí, 'huissiers de justice' nó 'officiers publics et ministériels' eile. | In AT, ES, EL, LT, MT, PL, SK: Tá glaoch iomlán chun an Bharra, atá ina cheanglas chun dlí intíre (an Aontais agus Ballstáit den Aontas Eorpach) a chleachtadh, faoi réir ceanglas náisiúntachta. In SK mar aon le ceanglas cónaithe in SK.<br>In AT: Maidir le dlíodóirí ó Stát Sínithe MERCOSUR (nach mór a bheith láncháilithe i Stát Sínithe MERCOSUR), ní fhéadfaidh a rannpháirtíocht cothromais agus scaireanna i dtorthaí oibriúcháin aon ghnólachta dlí a bheith níos mó ná 25 % (fiche cúig faoin gcéad). Ní fhéadfaidh siad tionchar cinntitheach a imirt ar an gcinnteoireacht. |

1 Áirítear orthu sin seirbhísí comhairleacha dlí, seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla, seirbhísí eadrána, comhréitigh nó idirghabhála dlí, agus seirbhísí doiciméadachta agus deimhniúcháin dlí. Ní údaraítear soláthar seirbhísí dlí ach amháin i leith an dlí idirnáisiúnta phoiblí, i leith dhlí an Aontais agus i leith dhlí aon dlínse ina bhfuil an soláthróir seirbhíse nó a phearsanra cáilithe chun cleachtadh mar dhlíodóir, agus, amhail soláthar seirbhísí eile, tá sé faoi réir ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnúcháin is infheidhme i mBallstáit an Aontais Eorpaigh. I gcás dlíodóirí a sholáthraíonn seirbhísí dlí i leith an dlí idirnáisiúnta phoiblí agus an dlí eachtraigh, is é a d'fhéadfadh a bheith sna ceanglais agus sna nósanna imeachta sin um cheadúnú*,* i measc nithe eile*,* comhlíonadh cód áitiúil eitice, úsáid teidil baile (mura bhfuarthas aitheantas don teideal óstach), ceanglais árachais, clárú simplí le Barra na tíre óstaí nó cead isteach simplithe i mBarra na tíre óstaí trí thástáil inniúlachta agus sainchónaí dlíthiúil nó gairmiúil sa tír óstach. I bprionsabal, is dlíodóir láncháilithe a glaodh chun an Bharra i mBallstát den Aontas Eorpach ag gníomhú i gcáil phearsanta dó a dhéanfaidh seirbhísí dlí i leith dhlí an Aontais Eorpaigh, nó is trí dhlíodóir den sórt sin a dhéanfar na seirbhísí sin agus, i bprionsabal, is dlíodóir láncháilithe a glaodh chun an Bharra i mBallstát den Aontas Eorpach ag gníomhú i gcáil phearsanta dó a dhéanfaidh seirbhísí dlí i leith dhlí an Bhallstáit sin den Aontas Eorpach, nó is trí dhlíodóir den sórt sin a dhéanfar na seirbhísí sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh glaoch iomlán chun an Bharra i mBallstát ábhartha den Aontas Eorpach ina cheanglas chun ionadaíocht a dhéanamh os comhair na gcúirteanna agus údaráis inniúla eile san Aontas Eorpach ós rud é go mbaineann sé le cleachtadh dhlí nós imeachta an Aontais agus cleachtadh an dlí nós imeachta náisiúnta. I roinnt Ballstáit den Aontas Eorpach, áfach, ceadaítear do dhlíodóirí eachtracha nach bhfuil cead isteach iomlán sa Bharra acu ionadaíocht a dhéanamh in imeachtaí sibhialta ar náisiúnach den Stát ina bhfuil an dlíodóir i dteideal cleachtadh é duine de na páirtithe nó ar leis an Stát é an páirtí sin.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In BE: Tá glaoch iomlán chun an Bharra, atá ina cheanglas le haghaidh seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla, faoi réir ceanglas náisiúntachta. Is féidir díolúintí a dheonú faoi choinníollacha sonracha (ceanglas cónaithe agus coinníoll na cómhalartachta, i measc nithe eile). Tá feidhm ag cuótaí maidir le hionadaíocht os comhair '*Cour de cassation*' i gcásanna neamh-choiriúla.<br><br>In CY: Tá feidhm ag ceanglas náisiúntachta agus ceanglas cónaithe chun seirbhísí dlí a sholáthar agus tá cead isteach iomlán sa Bharra ina cheangal. Tá glaoch iomlán chun an Bharra faoi réir ceanglas náisiúntachta, in éineacht le ceanglas cónaithe. Ní fhéadfaidh ach abhcóidí atá cláraithe leis an mBarra bheith ina gcomhpháirtithe, ina sciarshealbhóirí nó ina mbaill den Bhord Stiúrthóirí i gcuideachta dlí sa Chipir.<br><br>In HR: Ní féidir ach le comhaltaí de Chomhairle Bharra na Cróite ionadaíocht a dhéanamh do pháirtithe os comhair na gcúirteanna (teideal Cróitise: 'odvjetnici'). Ceanglas saoránach um ballraíocht ar an gComhairle Bharra.<br><br>In DK: Ní fhéadfaidh ach dlíodóirí ag a bhfuil ceadúnas Danmhargach chun cleachtadh agus gnólachtaí dlí atá cláraithe sa Danmhairg scaireanna a bheith acu i ngnólacht dlí Danmhargach. Ní fhéadfaidh ach dlíodóirí ag a bhfuil ceadúnas Danmhargach chun cleachtadh suí ar an mbord nó bheith ina chuid de bhainistíocht comhlachta dlí Dhanmhargaigh. Tá scrúdú dlí Danmhargach ina cheanglas chun ceadúnas Danmhargach a fháil. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In FR: Tá glaoch iomlán chun an Bharra ina cheanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i dtaobh dhlí intíre na Fraince, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Tá cónaitheacht (láithreacht tráchtála) ina cheanglas chun glaoch iomlán chun an Bharra a fháil. Chun seirbhísí dlí a sholáthar i dtaobh an dlí náisiúnta (dlí an Aontais agus na mBallstát), d'fhéadfadh go mbeadh láithreacht tráchtála ina ceangal chun ceann de na foirmeacha dlíthiúla a thógáil atá ceadaithe faoin dlí náisiúnta ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Féadfar cineálacha áirithe foirme dlíthiúla ('association d'avocats' agus 'société en participation d'avocat') a fhorchoimeád go heisiach do dhlíodóirí a bhfuil cead isteach iomlán sa Bharra acu sa Fhrainc, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach freisin. Tá ionadaíocht os comhair '*Cour de Cassation*' agus '*Conseil d'Etat*' faoi réir cuótaí. I ngnólacht dlí a sholáthraíonn seirbhísí i ndáil le dlí na Fraince nó dlí an Aontais, féadfaidh scairshealbhaíocht agus cearta vótála a bheith faoi réir srianta cainníochtúla a bhaineann le gníomhaíocht ghairmiúil na gcomhpháirtithe.<br><br>In HU: Ba cheart go mbeadh láithreacht trádála i bhfoirm comhpháirtíochta le habhcóide Ungárach ('ügyvéd') nó oifig abhcóide ('ügyvédi iroda') nó oifig ionadaíochta.<br><br>In IE: Tá glaoch iomlán chun an Bharra ina cheanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i dtaobh dhlí intíre na hÉireann, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Tá cónaitheacht (láithreacht tráchtála) ina cheanglas chun glaoch iomlán chun an Bharra a fháil. Tá dlíodóirí in Éirinn roinnte in dhá chatagóir ar leithligh: aturnaetha agus abhcóidí. Is é Dlí-Chumann na hÉireann an comhlacht reachtúil do ghairm an dí a rialaíonn glacadh aturnaetha in Éirinn. Rialaíonn Cumann Onórach Óstaí an Rí glacadh abhcóidí in Éirinn. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In PL: Cé go mbíonn cineálacha eile foirme dlíthiúla ar fáil do dhlíodóirí AE, níl rochtain ag dlíodóirí eachtracha ach ar na foirmeacha dlíthiúla sin comhpháirtíocht chláraithe agus comhpháirtíocht theoranta.<br><br>In PT: Tá aitheantas ar cháilíochtaí chun dlí na Portaingéile a chleachtadh faoi réir coinníoll cómhalartachta. Tá náisiúntacht ina ceanglas chun rochtain a fháil ar an ngairm ar a dtugtar 'solicitadores' agus ar ghairm gníomhairí maoine tionsclaíche. Comhlachtaí dlí ar le dlíodóirí a glaodh chun Barra na Portaingéile na scaireanna uile iontu, agus na comhlachtaí sin amháin, is féidir cleachtadh sa Phortaingéil.<br><br>In SI: Ionadaíocht a dhéanamh ar chliaint os comhair na cúirte in aghaidh íocaíochta, tá sé faoi choinníoll láithreachta tráchtála sa tSlóivéin. Dlíodóir eachtrach a bhfuil sé de cheart aige an dlí a chleachtadh i dtír eachtrach, féadfaidh sé seirbhísí dlí a sholáthar nó an dlí a chleachtadh faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 34a d'Acht na nAturnaetha, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníoll na cómhalartachta iarbhír. Is é an Aireacht Dlí agus Cirt a fhíoraíonn go bhfuil coinníoll na cómhalartachta á chomhlíonadh. Tá láithreacht tráchtála d'aturnaetha ceaptha ag Comhlachas Barra na Slóivéine srianta do dhílseánacht aonair, gnólacht dlí faoi dhliteanas teoranta (comhpháirtíocht) nó do ghnólacht dlí faoi dhliteanas neamhtheoranta (comhpháirtíocht) amháin. Srianfar gníomhaíochtaí gnólachta dlí do chleachtadh an dlí. Ní fhéadfaidh ach aturnaetha a bheith ina gcomhpháirtithe i ngnólacht dlí.<br><br>In SE: Tá glaoch iomlán chun an Bharra, nach bhfuil ina cheanglas ach amháin chun an teideal Sualannach 'advokat' a úsáid, faoi réir ceanglas cónaithe. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| b) 1. Seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta<br><br>(ALT 86212 seachas ‘seirbhísí iniúchóireachta’, ALT 86213, ALT 86219 agus ALT 86220) | In AT: Maidir le cuntasóirí ó Stát Sínithe MERCOSUR (nach mór a bheith údaraithe de réir dlí Stát Sínithe MERCOSUR), ní fhéadfaidh a rannpháirtíocht cothromais agus scaireanna i dtorthaí oibriúcháin aon eintitis dhlítheanaigh Ostaraigh a bheith níos mó ná 25 %, murar comhaltaí den Chomhlacht Gairmiúil Ostarach iad.<br><br>In CY: Tá rochtain faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: staid na fostaíochta san fho-earnáil.<br><br>In DK: Chun dul isteach i gcomhpháirtíochtaí le cuntasóirí údaraithe sa Danmhairg, ní mór do chuntasóirí eachtracha cead a fháil ó Údarás Gnó na Danmhairge.<br><br>In FR: Soláthar trí SEL (‘société anonyme, à responsabilité limitée ou en commandite par actions’), AGC (‘Association de gestion et comptabilité’) nó SCP (‘société en commandite par actions’) amháin. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| b) 2. Seirbhísí iniúchóireachta<br><br>(ALT 86211 agus 86212 cé is moite de sheirbhísí cuntasaíochta) | In AT: Maidir le hiniúchóirí ó Stát Sínithe MERCOSUR (nach mór a bheith údaraithe de réir dlí Stát Sínithe MERCOSUR), ní fhéadfaidh a rannphháirtíocht cothromais agus scaireanna i dtorthaí oibriúcháin aon eintitis dhlítheanaigh Ostaraigh a bheith níos mó ná 25 %, murar comhaltaí den Chomhlacht Gairmiúil Ostarach iad.<br><br>In CY: Deonaítear ceadúnas speisialta d'iniúchóirí tríú tír, faoi réir coinníollacha áirithe.<br><br>In CZ agus SK: Forchoimeádtar 60 % ar a laghad den scairchaipiteal nó de chearta vótála do náisiúnaigh.<br><br>In DK: Chun dul isteach i gcomhpháirtíochtaí le cuntasóirí údaraithe Danmhargacha, ní mór do chuntasóirí eachtracha cead a fháil ó Ghníomhaireacht Tráchtála agus Cuideachtaí na Danmhairge.<br><br>In FI: Ceanglas cónaithe le haghaidh duine amháin ar a laghad d'iniúchóirí de chuid cuideachta faoi dhliteanas teoranta de chuid na Fionlainne agus de chuid cuideachtaí a bhfuil sé mar oibleagáid orthu iniúchadh a dhéanamh. Ní mór an t-iniúchóir a bheith ina iniúchóir ag a bhfuil ceadúnas áitiúil nó ina ghnólacht iniúchóireachta ag a bhfuil ceadúnas áitiúil.<br><br>In FR: I gcás iniúchtaí reachtúla, soláthar trí aon fhoirm chuideachta seachas SNC ('société en noms collectifs') agus SCS ('société en commandite simple').<br><br>In HR: Ceann ar bith, ach amháin nach féidir ach le daoine dlítheanacha iniúchadh a dhéanamh. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In LV: Ba cheart úinéir scaireanna nó ceann gnólachta a bheith cáilithe mar iniúchóir faoi mhionn sa Laitvia. I gcuideachta tráchtála iniúchóirí faoi mhionn, beidh níos mó ná 50 % de na scaireanna caipitil vótála faoi úinéireacht iniúchóirí faoi mhionn nó cuideachtaí tráchtála iniúchóirí faoi mhionn, ar iniúchóirí de chuid an Aontais iad.<br><br>In LT: Níor cheart níos lú ná 75 % (seachtó a cúig faoin gcéad) de scaireanna a bheith faoi úinéireacht iniúchóirí nó cuideachtaí iniúchóireachta de chuid an Aontais iad.<br><br>In PL: Ní fhéadfar gnólachtaí iniúchóireachta a bhunú ach amháin i bhfoirmeacha dlíthiúla áirithe de chuid na Polainne a bhfuil suíomh acu san Aontas.<br><br>In RO: Neamhcheangailte.<br><br>In SE: Ní fhéadfaidh ach iniúchóirí atá faofa sa tSualainn, iniúchóirí údaraithe agus comhlachtaí iniúchóireachta cláraithe seirbhísí um iniúchadh reachtúil a chur ar fáil in eintitis dhlíthiúla áirithe, lena n-áirítear i ngach cuideachta theoranta, agus daoine nádúrtha chomh maith. Ní fhéadfaidh ach iniúchóirí atá faofa sa tSualainn, agus comhlachtaí cuntasaíochta poiblí cláraithe, a bheith ina scairshealbhóirí i gcuideachtaí a chleachtann iniúchóireacht cháilithe (le haghaidh cuspóirí oifigiúla) nó comhpháirtíochtaí a dhéanamh leo. Tá cónaí in LEE ina cheanglas chun údarú nó formheas a fháil. Ní fhéadfaidh ach iniúchóirí atá faofa nó údaraithe sa tSualainn na teidil ‘iniúchóir faofa’ agus ‘iniúchóir údaraithe’ a úsáid. Iniúchóirí ar chomhlachais eacnamaíocha chomhoibritheacha agus ar fhiontair áirithe eile nach cuntasóirí údaraithe ná formheasta iad, ní mór cónaí a bheith orthu in LEE. Féadfaidh an t-údarás inniúil díolúintí ón gceanglas sin a dheonú. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In SI: Ba cheart láithreacht tráchtála a bheith i bhfoirm duine dhlítheanaigh. Féadfaidh eintiteas iniúchóireachta tríú tíre a bheith ina scairshealbhóir nó comhpháirtíochtaí a fhoirmiú i gcuideachtaí iniúchóireachta Slóivéanacha ar choinníoll, faoi dhlí na tíre ina bhfuil an t-eintiteas iniúchóireachta tríú tíre ionchorpraithe, go bhféadfaidh cuideachtaí iniúchóireachta Slóivéanacha bheith ina scairshealbhóirí nó comhpháirtíochtaí a fhoirmiú in eintiteas iniúchóireachta sa tír sin. Tá buanchónaí sa tSlóivéin ina cheangal ar chomhalta amháin ar a laghad de bhord bainistíochta cuideachta iniúchóireachta atá bunaithe sa tSlóivéin.<br><br>In ES: Tá náisiúntacht ina ceanglas ar iniúchóirí reachtúla agus ar riarthóirí, stiúrthóirí agus comhpháirtithe cuideachtaí seachas iad siúd a chumhdaítear le Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle, IO L 157, 9.6.2006, lch. 87. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| c) Seirbhísí comhairleacha cánachais<br>(ALT 863)[1] | In AT: Maidir le comhairleoirí cánach ó Stát Sínithe MERCOSUR(nach mór a bheith údaraithe de réir dlí Stát Sínithe MERCOSUR), ní fhéadfaidh a rannpháirtíocht cothromais agus scaireanna i dtorthaí oibriúcháin aon eintitis dhlítheanaigh Ostaraigh a bheith níos mó ná 25 %, murar comhaltaí den Chomhlacht Gairmiúil Ostarach iad.<br>In CY: Tá rochtain faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: staid na fostaíochta san fho-earnáil.<br>In FR: Soláthar trí SEL (‘société anonyme, à responsabilité limitée ou en commandite par actions’) nó trí SCP (‘société anonyme, à responsabilité limitée ou en commandite par actions’) amháin.<br>In BG, PL, SI, RO: Neamhcheangailte. |

1 Ní áirítear orthu sin seirbhísí comhairleacha dlí ná seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla maidir le cúrsaí cánach, atá le fáil faoi 6..A.a) Seirbhísí dlí.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| d) Seirbhísí ailtireachta<br><br>agus<br><br>e) Seirbhísí pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha<br><br>(ALT 8671 agus ALT 8674) | In BG: I gcás tionscadail a bhfuil tábhacht náisiúnta nó réigiúnach ag baint leo, ní mór d'infheisteoirí ó Stát Sínithe MERCOSUR gníomhú i gcomhpháirtíocht le hinfheisteoirí áitiúla nó mar fhochonraitheoirí infheisteoirí áitiúla.<br><br>In CY: Ceanglas náisiúntachta.<br><br>In FR: Ní fhéadfaidh ailtire bunú san Fhrainc ach chun seirbhísí ailtireachta a sholáthar agus ceann de na foirmeacha dlíthiúla á seo a leanas á úsáid (ar bhonn neamh-idirdhealaitheach): SA ('sociétés anonymes') et SARL ('sociétés anonymes, à responsabilité limitée'), EURL ('entreprise unipersonnelle à responsabilité limitée'), SCP ('en commandite par actions'), SCOP ('société coopérative et participative'), SELARL ('société d'exercice libéral à responsabilité limitée'), SELAFA ('société d'exercice libéral à forme anonyme'), SELAS ('société d'exercice libéral par actions simplifiée') nó SAS ('Société par actions simplifiée'), nó mar phearsa aonair nó mar chomhpháirtí i ngnólacht ailtireachta.<br><br>In LV: I gcás seirbhísí ailtireachta, chun ceadúnas a fháil chun dul i mbun gníomhaíochta gnó lena ngabhann raon iomlán freagrachtaí dlíthiúla agus ceart chun tionscadal a shíniú, tá 3 bliana cleachtais sa Laitvia i réimse an tionscadail agus céim ollscoile ag teastáil.<br><br>In SK: Chun na seirbhísí sin a sholáthar ag duine nádúrtha atá i láthair i gcríoch Phoblacht na Slóvaice, tá ballraíocht ar Chumann Ailtirí na Slóvaice nó Cumann Innealtóirí na Slóvaice éigeantach. Tá cónaí sa tSlóvaic ina cheangal do bhallraíocht. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| f) Seirbhísí innealtóireachta<br>agus<br>g) Seirbhísí innealtóireachta comhtháite<br>(ALT 8672 agus ALT 8673) | In BG: I gcás tionscadail a bhfuil tábhacht náisiúnta nó réigiúnach ag baint leo, ní mór d'infheisteoirí ó Stát Sínithe MERCOSUR gníomhú i gcomhpháirtíocht le hinfheisteoirí áitiúla nó mar fhochonraitheoirí infheisteoirí áitiúla.<br>In CY: Ceanglas náisiúntachta. |
| h) Seirbhísí leighis (síceolaithe san áireamh) agus seirbhísí fiaclóireachta<br>(ALT 9312 agus cuid de ALT 85201) | In CY, EE, FI, MT: Neamhcheangailte.<br>In AT: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le síceolaithe agus síciteiripeoirí.<br>In DE: Tástáil riachtanas eacnamaíoch má tá dochtúirí agus fiaclóirí údaraithe chun cóir leighis a chur ar bhaill de scéimeanna árachais phoiblí. Príomhchritéir: ganntanas dochtúirí agus fiaclóirí sa réigiún ar leith.<br>In FR: Cé go mbíonn cineálacha eile foirme dlíthiúla ar fáil d'infheisteoirí an Aontais, níl rochtain ag infheisteoirí eachtracha ach ar na foirmeacha dlíthiúla 'société d'exercice liberal' agus 'société civile professionnelle'. Tá náisiúntacht ina ceanglas. Mar sin féin, féadfaidh eachtrannaigh rochtain a fháil laistigh de chuótaí a bhunaítear go bliantúil.<br>In HR: Ní mór ceadúnas ón gcomhlachas gairmiúil a bheith ag gach duine a sholáthraíonn seirbhísí go díreach d'othair nó a chuireann cóir leighis ar othair.<br>In LV: Tá náisiúntacht ina ceanglas i gcás seirbhísí leighis agus fiaclóireachta. Tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: ganntanas dochtúirí agus fiaclóirí sa réigiún ar leith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In BG, LT: Tá an soláthar seirbhíse faoi réir údarú bunaithe ar phlean seirbhísí sláinte arna bhunú de réir riachtanas, agus an daonra agus seirbhísí leighis agus fiaclóireachta atá ann cheana á gcur san áireamh.<br>In PL: Ceanglas náisiúntachta.<br>In RO: Neamhcheangailte.<br>In SE: Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm chun a chinneadh cén líon cleachtas príobháideach atá le fóirdheonú trí chistiú poiblí.<br>In SI: Gach duine a sholáthraíonn seirbhísí go díreach d'othair nó a chuireann cóir leighis ar othair, ní mór ceadúnas agus údarú ón Aireacht Sláinte nó ón gCumann Liachta a bheith aige chun seirbhísí leighis a sholáthar. Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí míochaine sóisialta, seirbhísí sláintíochta, seirbhísí eipidéimeolaíocha, seirbhísí leighis nó éiceolaíocha; soláthar fola, ullmhóidí fola agus trasphlanduithe agus scrúduithe iarbháis. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| i) Seirbhísí tréidliachta<br><br>(ALT 932) | In AT, CY, EE, HU, MT, SI: Neamhcheangailte.<br><br>In BG: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: an daonra agus dlús na ngnólachtaí atá ann cheana. Neamhcheangailte i ndáil le gach seirbhís a bhaineann le rialuithe tréidliachta teorann, le galair eipeasótacha thógálacha agus sheadánacha a chosc, a logánú, a leigheas agus seirbhísí eile ina leith, agus leis an anailís dhiagnóiseach a bhaineann leis na galair sin, agus i ndáil le rialuithe a fheidhmítear ar tháirgí ainmhí.<br><br>In FR: Tá an ceanglas náisiúntachta teoranta do shaoránaigh AE agus LEE. Sa mhéid is go gceadaíonn MERCOSUR do shaoránaigh na Fraince seirbhísí tréidliachta a sholáthar ligfidh an Fhrainc do sholáthraithe seirbhísí MERCOSUR ansin seirbhísí tréidliachta a sholáthar faoi na coinníollacha céanna. Na foirmeacha dlíthiúla atá ar fáil do chuideachta a sholáthraíonn seirbhísí tréidliachta, tá siad teoranta do thrí chineál cuideachtaí (SEP ('société en participation'); SCP ('société en commandite par actions'); SEL ('société anonyme, à responsabilité limitée ou en commandite par actions')).<br><br>In SK: Is ag daoine nádúrtha, agus acu sin amháin, atá rochtain. Tá údarú ón riarachán tréidliachta ina cheanglas.<br><br>In SE: Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm chun a chinneadh cén líon cleachtas príobháideach atá le fóirdheonú trí chistiú poiblí.<br><br>In ES: Tá srian ar rochtain do dhaoine nádúrtha. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| j) 1. Seirbhísí cnáimhseachais<br><br>(cuid de ALT 93191) | In BG, CY, CZ, EE, FI, HU, MT, RO, SK: Neamhcheangailte.<br><br>In FR: Cé go mbíonn cineálacha eile foirme dlíthiúla ar fáil d'infheisteoirí an Aontais, níl rochtain ag infheisteoirí eachtracha ach ar na foirmeacha dlíthiúla 'société d'exercice liberal' agus 'société civile professionnelle'. Tá náisiúntacht ina ceanglas. Mar sin féin, féadfaidh eachtrannaigh rochtain a fháil laistigh de chuóta a bhunaítear go bliantúil.<br><br>In HR: Ní mór ceadúnas ón gcomhlachas gairmiúil a bheith ag gach duine a sholáthraíonn seirbhísí go díreach d'othair/a chuireann cóir leighis ar othair.<br><br>In LT: Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm. Príomhchritéir: staid na fostaíochta san fho-earnáil.<br><br>In SI: Gach duine a sholáthraíonn seirbhísí go díreach d'othair nó a chuireann cóir leighis ar othair, ní mór ceadúnas agus údarú ón Aireacht Sláinte nó ón gCumann Liachta a bheith aige chun seirbhísí leighis a sholáthar.<br><br>In SE: Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm chun a chinneadh cén líon cleachtas príobháideach atá le fóirdheonú trí chistiú poiblí. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| j) 2. Seirbhísí a sholáthraíonn altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine<br><br>(cuid de ALT 93191) | In BG, CY, CZ, EE, HU, MT, SI, SK: Neamhcheangailte.<br><br>In AT: Ní cheadaítear infheisteoirí coigríche ach amháin sna gníomhaíochtaí seo a leanas: altraí, fisiteiripeoirí, teiripeoirí saothair, logaiteiripeoirí, diaitéitigh agus saineolaithe cothúcháin.<br><br>In FI, SI: Neamhcheangailte i ndáil le fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine.<br><br>In FR: Cé go mbíonn cineálacha eile foirme dlíthiúla ar fáil d'infheisteoirí an Aontais, níl rochtain ag infheisteoirí eachtracha ach ar na foirmeacha dlíthiúla 'société d'exercice liberal' agus 'société civile professionnelle'. Tá náisiúntacht ina ceanglas. Mar sin féin, féadfaidh eachtrannaigh rochtain a fháil laistigh de chuóta a bhunaítear go bliantúil.<br><br>In HR: Ní mór ceadúnas ón gcomhlachas gairmiúil a bheith ag gach duine a sholáthraíonn seirbhísí go díreach d'othair nó a chuireann cóir leighis ar othair.<br><br>In LT: Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm. Príomhchritéir: staid na fostaíochta san fho-earnáil.<br><br>In PL: Ceanglas náisiúntachta.<br><br>In SE: Cuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm chun a chinneadh cén líon cleachtas príobháideach atá le fóirdheonú trí chistiú poiblí. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| k) Miondíol earraí cógaisíochta agus miondíol earraí leighis agus ortaipéideacha<br><br>(ALT 63211)<br><br>agus seirbhísí eile a sholáthraíonn cógaiseoirí[1] | In AT, BG, CY, CZ, EE, FI, HU, LV, MT, PL, RO, SE, SI, SK: Neamhcheangailte.<br><br>In BE, DE, DK, ES, FR, IT, HR, IE, PT: Tá údarú faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: an daonra agus dlús geografach na gcógaslann atá ann cheana.<br><br>In DE: Níl cead ach ag daoine nádúrtha seirbhísí miondíola earraí cógaisíochta agus earraí leighis sonracha a sholáthar don phobal. Ní fhéadfaidh daoine nár bhain amach pas i scrúdú cógaisíochta na Gearmáine ach ceadúnas a fháil chun dul i gceannas cógaslainne a bhí ann le linn na dtrí bliana roimhe sin. Ní féidir le náisiúnaigh de thíortha neamh-LEE ceadúnas a fháil chun cógaslann a bhunú. Tá an líon iomlán cógaslann in aghaidh an duine srianta d'aon chógaslann amháin agus do suas le trí (3) chógaslann bhrainse.<br><br>In FR: Tá náisiúntacht LEE nó na hEilvéise ina ceanglas chun cógaslann a oibriú. Féadfar cead a thabhairt do chógaiseoirí eachtracha bunú laistigh de chuótaí arna leagan síos go bliantúil. Ní mór láithreacht tráchtála a bheith i gceann de na foirmeacha dlíthiúla a cheadaítear faoin dlí náisiúnta ar bhonn neamh-idirdhealaitheach: SEL ('sociétè anonyme, à responsabilité limitée ou en commandite par actions'), SNC ('société en noms collectifs'), 'société de participations financières de profession libérale de pharmaciens d'officine' agus SARL ('sociétés anonymes, à responsabilité limitée') amháin.<br><br>In ES: is iad daoine nádúrtha amháin, ar cógaiseoirí ceadúnaithe iad, is féidir a bheith ina n-úinéirí cógaslainne agus a cheadaítear seirbhísí miondíola cógaisíochta agus earraí míochaine sonracha a sholáthar don phobal (ALT 63211). Ní fhéadfaidh aon chógaiseoir níos mó ná ceadúnas amháin a fháil. |

1 Tá soláthar cógaisíochta don phobal i gcoitinne, amhail soláthar seirbhísí eile, faoi réir ceanglais agus nósanna imeachta um cheadúnú agus um cháiliú is infheidhme i mBallstáit an Aontais Eorpaigh. Mar riail ghinearálta, forchoimeádtar an ghníomhaíocht sin do chógaiseoirí. I roinnt Ballstáit den Aontas Eorpach, ní fhorchoimeádtar do chógaiseoirí ach soláthar drugaí ar oideas.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. An ríomhaireacht agus seirbhísí a bhaineann leis an ríomhaireacht<br>(ALT 84) | Ceann ar bith. |
| C. Seirbhísí taighde agus forbartha | |
| a) Seirbhísí T&F maidir leis na heolaíochtaí nádúrtha<br>(ALT 851) | In AT, BG, EE, HU, LV, SE, SI: I gcás seirbhísí T&F, a fhaigheann cistiú poiblí nó tacaíocht Stáit in aon fhoirm agus nach meastar, dá bhrí sin, go gcistítear go príobháideach iad, ní féidir cearta ná údaruithe eisiacha a dheonú ach do náisiúnaigh de Bhallstát den Aontas Eorpach.<br>In BE, HR, CY, CZ, DE, DK, ES, FI, FR, EL, IE, IT, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK: Neamhcheangailte. |
| b) Seirbhísí T&F maidir leis na heolaíochtaí sóisialacha agus na daonnachtaí<br>(ALT 852 gan seirbhísí síceolaithe a áireamh)[1] | Ceann ar bith. |
| c) Seirbhísí idirdhisciplíneacha T&F<br>(ALT 853) | In AT, BG, EE, HU, LV, SE, SI: Le haghaidh seirbhísí T&F a mhaoinítear go poiblí, ní fhéadfar cearta eisiacha ná údaruithe a dheonú ach do náisiúnaigh Ballstáit den Aontas Eorpach agus do dhaoine dlítheanacha an Aontais a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas.<br>In BE, CY, CZ, DE, DK, ES, FI, FR, EL, IE, IT, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK: Neamhcheangailte. |

[1] Cuid de ALT 85201, atá le fáil faoi 6.A.h) Seirbhísí leighis (síceolaithe san áireamh) agus seirbhísí fiaclóireachta.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| D. Seirbhísí maoine réadaigh[1] | |
| a) A bhaineann le maoin an duine féin nó le maoin léasaithe<br><br>(ALT 821) | In BG, CY, CZ, EE, HU, LV, LT, MT, PL, RO, SK, SI: Neamhcheangailte. |
| (b) Ar bhonn táille nó conartha<br><br>(ALT 822) | In BG, CY, CZ, EE, HU, LV, LT, MT, PL, RO, SK, SI: Neamhcheangailte.<br><br>In DK: Leis an údarú do ghníomhaire eastáit údaraithe, féadfar raon feidhme na gníomhaíochta a theorannú. |
| E. Seirbhísí cíosa/léasaithe gan oibreoirí | |
| a) A bhaineann le longa<br><br>(ALT 83103) | In AT, BE, DE, DK, ES, EE, FI, FR, EL, HU, IE, IT, LT, LV LU, NL, PT, SI, SE: Neamhcheangailte i ndáil le cuideachta chláraithe a bhunú chun críche oibriúcháin le cabhlach faoi bhratach náisiúnta Stát na bunaíochta.<br><br>In LT: Ní mór longa a bheith faoi úinéireacht daoine nádúrtha de chuid na Liotuáine nó cuideachtaí atá bunaithe sa Liotuáin.<br><br>In SE: Chun bratach na Sualainne a chur ar foluain, ní mór cruthúnas ar thionchar oibriúcháin ceannasach na Sualainne i gcás leasanna úinéireachta eachtraí i longa. Ciallaíonn ‘tionchar ceannasach na Sualainne’ sciar mór go comhréireach d’úinéireacht na Sualainne ar an long, agus go bhfuil oibriú na loinge suite sa tSualainn.<br><br>In BG, CY, CZ, MT, PL, RO, SK: Neamhcheangailte. |

[1] Is le gairm an ghníomhaire eastáit a bhaineann an tseirbhís lena mbaineann agus ní dhéanann sí difear d’aon cheart ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha, ná d’aon srian orthu, réadmhaoin a cheannach.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| b) A bhaineann le haerárthaí<br>(ALT 83104) | In AT, BE, DE, DK, ES, EE, FI, FR, EL, HU, IE, IT, LT, LV LU, NL, PT, SI, SE: Le haghaidh aerárthach a fháil ar cíos nó a léasú gan chriú (léas tirim), tá aerárthaí atá in úsáid ag aeriompróir de chuid an Aontais faoi réir na gceanglas is infheidhme maidir le clárú aerárthaí. Beidh comhaontú léasa thirim a bhfuil iompróir de chuid an Aontais mar pháirtí ann faoi réir ceanglais i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta maidir le sábháilteacht eitlíochta, amhail formheas roimh ré agus coinníollacha eile is infheidhme maidir le húsáid a bhaint as aerárthaí cláraithe tríú tíortha. Chun bheith cláraithe, féadfar go mbeadh sé ina cheangal go mbeadh aerárthach faoi úinéireacht daoine nádúrtha a chomhlíonann critéir náisiúntachta sonracha nó ag fiontair a chomhlíonann critéir shonracha maidir le húinéireacht caipitil agus rialú.<br>In BG, CY, CZ, MT, PL, RO, SK: Neamhcheangailte. |
| c) A bhaineann le trealamh iompair eile<br>(ALT 83101, ALT 83102 agus ALT 83105) | In BG, CY, CZ, LV, LT, MT, PL, RO, SK: Neamhcheangailte. |
| d) A bhaineann le hinnealra agus trealamh eile<br>(ALT 83106, ALT 83107, ALT 83108 agus ALT 83109) | In BG, CY, CZ, MT, PL, RO, SK: Neamhcheangailte. |
| e) A bhaineann le hearraí pearsanta agus tí<br>(ALT 832) | In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, ES, FI, FR, EL, IE, IT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SI: Neamhcheangailte. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| f) Trealamh teileachumarsáide a fháil ar cíos<br>(ALT 7541) | Ceann ar bith. |
| F. Seirbhísí gnó eile | |
| a) Fógraíocht<br>(ALT 871) | In RO: Neamhcheangailte. |
| b) Taighde margaidh agus Pobalbhreitheanna<br>(ALT 864) | In RO, PL: Neamhcheangailte. |
| c) Seirbhísí comhairliúcháin bainistíochta<br>(ALT 865) | Ceann ar bith. |
| d) Seirbhísí a bhaineann le comhairliúchán bainistíochta<br>(ALT 866) | In HU: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí eadrána agus comhréitigh (ALT 86602).<br>In BG: Neamhcheangailte. |
| e) Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla<br>(ALT 8676) | In BG, CY, CZ, MT, PL, RO, SK: Neamhcheangailte. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| f) Seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann le talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht<br><br>(cuid de ALT 881) | In RO, SI: Neamhcheangailte.<br><br>In CZ: Neamhcheangailte seachas i ndáil le seirbhísí comhairliúcháin a bhaineann leis na modhanna chun feabhas a chur ar tháirgiúlacht, costais táirgthe a laghdú agus feabhas a chur ar cháilíocht an táirgthe i réimsí na talmhaíochta, na sealgaireachta agus na foraoiseachta. |
| g) Seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann le hiascaireacht<br><br>(cuid de ALT 882) | In CY, CZ, EE, LV, LT, MT, PL, RO, SK, SI: Neamhcheangailte. |
| (h) Seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann le monaraíocht<br><br>(cuid de ALT 884 agus cuid de ALT 885) | In AT, BE, CY, CZ, DE, DK, ES, FI, FR, EL, IE, IT, LV, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SI: Neamhcheangailte. |
| i) Seirbhísí maidir le socrúchán agus sholáthar baill foirne | |
| i) 1. Cuardach feidhmiúcháin<br><br>(ALT 87201) | In AT, BG, CY, CZ, DE, EE, FI, HR, LV, LT, MT, PL, PT, RO, SK, SI: Neamhcheangailte.<br><br>In ES: Monaplacht stáit. |
| i) 2. Seirbhísí socrúcháin<br><br>(ALT 87202) | In AT, BG, CY, CZ, DE, EE, FI, HR, LV, LT, MT, PL, PT, RO, SI, SK: Neamhcheangailte.<br><br>In BE, ES, FR, IT: Monaplacht stáit. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| i) 3. Seirbhísí baill foirne tacaíochta oifige a sholáthar<br>(ALT 87203) | In AT, BG, CY, CZ, DE, EE, FI, FR, HR, LV, LT, MT, PL, PT, RO, SK, SI: Neamhcheangailte.<br>In IT: Monaplacht stáit. |
| i) 5. Seirbhísí soláthair do bhaill foirne tí, d’oibrithe tráchtála nó tionscail eile, foireann altranais agus eile<br>(ALTanna 87204, 87205, 87206, 87209) | I ngach ceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh seachas HU: Neamhcheangailte.<br>In HU: Ceann ar bith. |
| j) 1. Seirbhísí imscrúdaithe<br>(ALT 87301) | In BE, BG, CY, CZ, DE, ES, EE, FR, EL, HR, HU, IE, IT, LV, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SI: Neamhcheangailte. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| j) 2. Seirbhísí slándála<br>(ALT 87302, ALT 87303, ALT 87304 agus ALT 87305) | In DK: Tá náisiúntacht agus cónaí ina gceanglas ar chomhaltaí an bhoird. Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí garda aerfoirt.<br>In BG, CZ, EE, LV, LT, MT, PL, RO, SI, SK: Ní fhéadfar ceadúnas a dheonú ach do náisiúnaigh agus d'eagraíochtaí cláraithe náisiúnta.<br>In ES: Tá rochtain faoi réir réamhúdarú. Agus an t-údarú á dheonú ag Comhairle na nAirí, cuirfidh sí san áireamh coinníollacha amhail inniúlacht, ionracas gairmiúil agus neamhspleáchas, agus leordhóthanacht na cosanta a thugtar do shlándáil an daonra agus don ord poiblí.<br>In FI: Ní fhéadfar ceadúnais maidir le soláthar seirbhísí slándála a dheonú ach amháin do dhaoine nádúrtha ar a bhfuil cónaí in LEE nó daoine dlítheanacha atá bunaithe in LEE.<br>In HR, CY: Neamhcheangailte. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| k) Seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla<br>(ALT 8675) | In FR: Maidir le suirbhéireacht, rochtain trí SEL (‘société anonyme, à responsabilité limitée ou en commandite par actions’), SCP (‘société en commandite par actions’), SA (‘sociétés anonymes’) agus SARL (‘sociétés anonymes, à responsabilité limitée’) amháin. Ceanglaítear ar infheisteoirí eachtracha údarú sonrach a bheith acu le haghaidh seirbhísí taiscéalaíochta agus sirtheoireachta.<br>In CY: Neamhcheangailte.<br>In SI: Taiscéalaíocht agus saothrú acmhainní mianraí, lena n-áirítear seirbhísí mianadóireachta rialaithe, tá siad faoi réir bunaíocht sna háiteanna a leanas nó saoránacht dá gcuid: LEE, Cónaidhm na hEilvéise, Comhalta de chuid ECFE, nó tríú tír ar choinníoll na cómhalartachta ábhartha. Is í an Aireacht atá freagrach as mianadóireacht a fhíoraíonn go bhfuil coinníoll na cómhalartachta á chomhlíonadh. |
| l) 1. Cothabháil agus deisiú soithí<br>(cuid de ALT 8868) | Ceann ar bith. |
| l) 2. Cothabháil agus deisiú trealaimh iompair iarnróid<br>(cuid de ALT 8868) | In LT: Monaplacht stáit.<br>In SE: Tá feidhm ag tástáil riachtanas eacnamaíoch má tá sé beartaithe ag infheisteoir a shaoráidí bonneagair críochfoirt féin a bhunú. Príomhchritéir: srianta spáis agus toillte. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| l) 3. Cothabháil agus deisiú mótarfheithiclí, gluaisrothar, mótar sneachta agus trealamh iompar bóthair<br><br>(ALT 6112, ALT 6122, cuid de ALT 8867 agus cuid de ALT 8868) | In SE: Tá feidhm ag tástáil riachtanas eacnamaíoch má tá sé beartaithe ag infheisteoir a shaoráidí bonneagair críochfoirt féin a bhunú. Príomhchritéir: srianta spáis agus toillte. |
| l) 4. Cothabháil agus deisiú aerárthaí agus páirteanna díobh<br><br>(cuid de ALT 8868) | Ceann ar bith. |
| l) 5. Seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin táirgí miotail, innealra (neamh-oifige), trealaimh (neamh-iompair agus neamh-oifige) agus earraí pearsanta agus tí[1]<br><br>(ALT 633, ALT 7545, ALT 8861, ALT 8862, ALT 8864, ALT 8865 agus ALT 8866) | Ceann ar bith. |

[1] Tá seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin trealaimh iompair (ALT 6112, 6122, 8867 agus ALT 8868) le fáil faoi 6.F.l) 1. Cothabháil agus deisiú soithí go 6.F.l) 4. Cothabháil agus deisiú aerárthaí agus páirteanna díobh.
Tagann seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin innealra agus trealamh oifige lena n-áirítear ríomhairí (ALT 845) faoi 6.B. Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| m) Seirbhísí glantacháin foirgneamh<br>(ALT 874) | Ceann ar bith. |
| n) Seirbhísí fótagrafaíochta<br>(ALT 875) | Ceann ar bith. |
| o) Seirbhísí pacáistithe<br>(ALT 876) | Ceann ar bith. |
| (p) Priontáil agus foilsitheoireacht<br>(ALT 88442) | In HR: Tá cónaí ina cheanglas ar an bhfoilsitheoir agus ar an mbord eagarthóireachta.<br>In LT, LV: Ní dheonaítear cearta bunaíochta san earnáil foilsitheoireachta ach do dhaoine dlítheanacha atá corpraithe go náisiúnta (gan bhrainsí).<br>In PL: Coinníoll náisiúntachta do phríomheagarthóir nuachtán agus irisí.<br>In SE: Tá cónaí ina cheanglas ar fhoilsitheoir agus úinéir cuideachtaí foilsitheoireachta agus priontála. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| q) Seirbhísí coinbhinsiúin<br>(cuid de ALT 87909) | Ceann ar bith. |
| r) 1. Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta<br>(ALT 87905) | In DK: Leis an údarú d'aistritheoirí agus d'ateangairí poiblí údaraithe, féadfar raon feidhme a ngníomhaíochta a theorannú.<br>In HR: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta le haghaidh chúirteanna na Cróite nó os a gcomhair.<br>In PL: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí ateangaireachta faoi mhionn.<br>In BG, HU, SK: Neamhcheangailte i ndáil le haistriúchán agus ateangaireacht oifigiúil.<br>In CY: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta. |
| r) 2. Dearadh intí agus seirbhísí deartha speisialtachta eile<br>(ALT 87907) | Ceann ar bith. |
| r) 3. Seirbhísí gníomhaireachta bailiúcháin<br>(ALT 87902) | In IT, PT: Tá náisiúntacht ina ceanglas ar infheisteoirí. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| r) 4. Seirbhísí tuairiscithe creidmheasa<br>(ALT 87901) | In BE: I gcás bainc sonraí creidmheasa do thomhaltóirí, tá náisiúntacht ina ceanglas ar infheisteoirí.<br>In IT, PT: Tá náisiúntacht ina ceanglas ar infheisteoirí. |
| r) 5. Seirbhísí cóipeála<br>(ALT 87904)[1] | Ceann ar bith. |
| r) 6. Seirbhísí sainchomhairleoireachta teileachumarsáide<br>(ALT 7544) | Ceann ar bith. |
| r) 7. Seirbhísí freagartha teileafóin<br>(ALT 87903) | Ceann ar bith. |

1 Ní áirítear orthu sin seirbhísí priontála, a thagann faoi ALT 88442 agus atá le fáil faoi 6.F.p) Priontáil agus foilsitheoireacht.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| r) Díolacháin agus margaíocht<br>r) Seirbhísí córais áirithinte ar ríomhairí | AE: I gcás nach dtugann soláthraithe seirbhísí córais áirithinte ar ríomhairí atá ag oibriú lasmuigh den Aontas cóireáil d'aeriompróirí an Aontais atá coibhéiseach (i.e neamh-idirdhealaitheach) leis an gcóireáil a thugtar san Aontas, nó i gcás nach dtugann aeriompróirí nach de chuid an Aontais iad cóireáil do sholáthraithe seirbhísí córais áirithinte ar ríomhairí an Aontais atá coibhéiseach leis an gcóireáil a thugtar san Aontas, féadfar bearta a ghlacadh le go dtabharfadh na soláthraithe seirbhísí córais áirithinte ar ríomhairí atá ag oibriú san Aontas cóireáil choibhéiseach do na haeriompróirí nach de chuid an Aontais iad nó do na soláthraithe seirbhísí córais áirithinte ar ríomhairí nach de chuid an Aontais iad faoi seach.<br>In BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach (tá corprú ina cheanglas). |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 7. SEIRBHÍSÍ CUMARSÁIDE | |
| A. Seirbhísí poist agus cúiréireachta<br><br>Seirbhísí a bhaineann le láimhseáil[1] ítimí poist[2] de réir an liosta fo-earnálacha seo a leanas, bíodh ceann scríbe intíre nó ceann scríbe eachtrach acu: (i) láimhseáil teachtaireachtaí i scríbhinn a bhfuil seoladh orthu, ar teachtaireachtaí iad atá ar aon chineál meáin fhisicigh[3], lena n-áirítear seirbhís poist hibrideach agus post díreach, (ii) láimhseáil beart agus pacáistí a bhfuil seoladh orthu[4], (iii) láimhseáil táirgí preasa a bhfuil seoladh orthu[5], (iv) láimhseáil ítimí dá dtagraítear in (i) go (iii) thuas mar phost cláraithe nó post faoi árachas, (v) seirbhísí mearsheachadta[6] le haghaidh ítimí dá dtagraítear in (i) go (iii) thuas, (vi) láimhseáil ítimí nach bhfuil seoladh orthu agus (vii) malartú doiciméad[7]. | Ceann ar bith. |

[1] Tagraíonn 'láimhseáil' do ghníomhaíochtaí amhail imréiteach, sórtáil, iompar agus seachadadh.

[2] Tagraíonn 'ítim phoist' d'ítimí a láimhseáiltear trí aon chineál oibreora tráchtála, bíodh sé ina oibreoir poiblí nó príobháideach.

[3] Mar shampla, litreacha nó cártaí poist.

[4] Tá leabhair agus catalóga san áireamh leis seo.

[5] Irisí, nuachtáin agus tréimhseacháin.

[6] Féadfaidh a bheith san áireamh le seirbhísí mearsheachadta, anuas ar luas agus iontaofacht mhéadaithe, eilimintí a bhfuil luach breise ag gabháil leo, amhail bailiú ón bpointe tionscnaimh, seachadadh pearsanta chuig an seolaí, rianú táirge, an deis chun an ceann scríbe nó an seoladh a athrú agus an mhír ar an mbealach agus deimhniú fála.

[7] Modhanna a sholáthar, lena n-áirítear áitreabh *ad hoc* chomh maith le hiompar ag tríú páirtí a sholáthar, lena gcumasaítear féinseachadadh trí mhalartú frithpháirteach ítimí poist idir úsáideoirí a íocann síntiús leis an tseirbhís sin. Tagraíonn 'ítim phoist' d'ítimí a láimhseáiltear trí aon chineál oibreora tráchtála, bíodh sé ina oibreoir poiblí nó príobháideach.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Eisiatar fo-earnálacha (i), (iv) agus (v), áfach, má thagann siad faoi raon feidhme na seirbhísí a fhéadfar a fhorchoimeád d'ítimí comhfhreagrais ar lú a bpraghas ná cúig oiread na buntaraife poiblí, má tá meáchan níos lú ná 50 gram iontu[1], agus don tseirbhís poist chláraithe a úsáidtear le linn nósanna imeachta breithiúnacha nó riaracháin.)<br>(cuid de ALT 751, cuid de ALT 71235[2] agus cuid de ALT 73210[3]) | |

1 Ciallaíonn 'ítimí comhfhreagrais': teachtaireacht i scríbhinn ar aon chineál meáin fhisicigh atá le hiompar agus le seachadadh chuig an seoladh a léiríonn an seoltóir ar an ítim féin nó ar an gclúdach atá uirthi. Ní mheastar gur ítimí comhfhreagrais iad leabhair, catalóga, nuachtáin ná tréimhseacháin.

2 Ítimí poist agus cúiréireachta a iompar ar bhonn féinchuntais d'aon mhodh talún.

3 Post a iompar ar bhonn féinchuntais d'aer.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. Seirbhísí teileachumarsáide<br>Ní áirítear ar sheirbhísí teileachumarsáide seirbhísí a sholáthraíonn ábhar a tharchuirtear, nó seirbhísí a bhfuil smacht eagarthóireachta acu ar an ábhar sin. | In CY: Tá náisiúntacht ina ceanglas maidir le seirbhísí tarchurtha craolacháin. |
| a) Na seirbhísí uile ina ndéantar comharthaí leictreamaighnéadacha a tharchur agus a ghlacadh ar aon mhodh leictreamaighnéadach[1], gan craolachán a áireamh[2] | Ceann ar bith.<br>In CY: Tá náisiúntacht ina ceanglas maidir le seirbhísí tarchurtha craolacháin. |
| 8. SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA AGUS SEIRBHÍSÍ A BHAINEANN LE hINNEALTÓIREACHT<br>(ALT 511, ALT 512, ALT 513, ALT 514, ALT 515, ALT 516, ALT 517 agus ALT 518) | In CY: Tá feidhm ag coinníollacha sonracha agus ceanglaítear ar náisiúnaigh tríú tír údarú a fháil. |

[1] Ní áirítear ar na seirbhísí sin faisnéis nó próiseáil sonraí ar líne (lena n-áirítear próiseáil idirbheart) (cuid de ALT 843) atá le fáil faoi 6.B. Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara.

[2] Sainmhínítear 'craolachán' mar radachumarsáid a bhfuil a tarchur beartaithe lena glacadh go díreach ag an bpobal i gcoitinne, agus féadfar tarchur fuaime agus tarchur teilifíse a áireamh ann.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 9. SEIRBHÍSÍ DÁILEACHÁIN<br>(gan dáileadh arm, muinisean, pléascán agus ábhar cogaidh eile a áireamh)<br>Gach fo-earnáil a luaitear thíos | In AT: Neamhcheangailte i ndáil le dáileadh earraí piriteicniúla, earraí inadhainte agus deiseanna pléasctha agus substaintí tocsaineacha. I gcás dáileadh táirgí cógaisíochta agus táirgí tobac, ní féidir cearta ná údaruithe eisiacha a dheonú ach do náisiúnaigh de Bhallstát den Aontas Eorpach agus do dhaoine dlítheanacha den Aontas a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas.<br>In FI: Neamhcheangailte i ndáil le dáileadh deochanna alcólacha agus táirgí cógaisíochta.<br>In HR: Neamhcheangailte i ndáil le dáileadh táirgí tobac. |
| A. Seirbhísí gníomhairí ar coimisiún | |
| a) Seirbhísí gníomhairí ar coimisiún i ndáil le mótarfheithiclí, gluaisrothair agus mótair shneachta agus páirteanna agus gabhálais díobh<br>(cuid de ALT 61111, cuid de ALT 6113 agus cuid de ALT 6121) | Ceann ar bith. |
| b) Seirbhísí eile gníomhairí ar coimisiún<br>(ALT 621) | Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. Seirbhísí trádála mórdhíola | |
| a) Seirbhísí trádála mórdhíola mótarfheithiclí, gluaisrothar agus mótar sneachta agus páirteanna agus gabhálas díobh<br>(cuid de ALT 61111, cuid de ALT 6113 agus cuid de ALT 6121) | Ceann ar bith. |
| b) Seirbhísí trádála mórdhíola trealaimh teirminéil teileachumarsáide<br>(cuid de ALT 7542) | Ceann ar bith. |
| c) Seirbhísí trádála mórdhíola eile<br>(ALT 622 gan seirbhísí trádála mórdhíola táirgí fuinnimh a áireamh[1]) | In FR, IT: Monaplacht stáit ar thobac.<br>In FR: Tá údarú cógaslann mórdhíola faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: an daonra agus dlús geografach na gcógaslann atá ann cheana. |

1 Tá na seirbhísí sin, ar a n-áirítear ALT 62271, le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH faoi 19.D Seirbhísí trádála mórdhíola breoslaí soladacha, leachtacha agus gásacha agus táirgí gaolmhara agus seirbhísí trádála mórdhíola leictreachais, gaile agus uisce the.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. Seirbhísí trádála miondíola[1]<br><br>Seirbhísí trádála miondíola mótarfheithiclí, gluaisrothar, mótar sneachta agus páirteanna agus gabhálas díobh<br><br>(ALT 61112, cuid de ALT 6113 agus cuid de ALT 6121)<br><br>Seirbhísí trádála miondíola trealaimh teirminéil teileachumarsáide<br><br>(cuid de ALT 7542)<br><br>Seirbhísí miondíola bia<br><br>(ALT 631)<br><br>Seirbhísí miondíola earraí (neamhfhuinnimh) eile, seachas miondíol earraí cógaisíochta, míochaine agus ortaipéideacha[2]<br><br>(ALT 632 gan ALT 63211 agus 63297 a áireamh) | In ES, FR, IT: Monaplacht stáit ar thobac.<br><br>In FR: Tá náisiúntacht ina ceanglas ar thobacadóirí ('buraliste').<br><br>In BE, BG, DK, FR, IT, MT, PT: Tá údarú do shiopaí ilrannacha (do shiopaí ilrannacha móra agus dóibh sin amháin i gcás FR agus PT) faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: líon na siopaí atá ann faoi láthair agus an tionchar orthu, dlús daonra, scaipeadh geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus fostaíocht nua a chruthú.<br><br>In IE, SE: Neamhcheangailte i ndáil le miondíol deochanna alcólacha. |

1 Ní áirítear orthu sin seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.B. Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara agus 6.F.l).
Ní áirítear orthu seo seirbhísí miondíola táirgí fuinnimh atá le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH faoi 19.E. Seirbhísí trádála miondíola breosla d'fheithiclí agus 19. F. Miondíol ola breosla, gáis bhuidéalaithe, guail agus adhmaid agus seirbhísí miondíola leictreachais, gáis (neamhbhuidéalaithe), gaile agus uisce the.

2 Tá trádáil miondíola earraí cógaisíochta, míochaine agus ortaipéideacha le fáil faoi SHEIRBHÍSÍ GAIRMIÚLA in 6.A.k).

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| D. Saincheadú<br>(ALT 8929) | Ceann ar bith. |
| 10. SEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS (seirbhísí a chistítear go príobháideach amháin) | |
| A. Seirbhísí bunoideachais<br>(ALT 921)<br>B. Seirbhísí meánoideachais<br>(ALT 922)<br>C. Seirbhísí ardoideachais<br>(ALT 923)<br>D. Seirbhísí oideachais aosaigh<br>(ALT 924) | AE: I gcás ina gceadaítear do sholáthraí eachtrach seirbhísí oideachais a sholáthar a chistítear go príobháideach, féadfaidh rannpháirtíocht oibreoirí príobháideacha sa chóras oideachais a bheith faoi réir lamháltas arna leithdháileadh ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.<br>In AT: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí ardoideachais agus i ndáil le scoileanna oideachais aosaigh trí bhíthin craolachán raidió nó teilifíse.<br>In BG: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí bunoideachais nó meánoideachais ag daoine nádúrtha eachtracha agus comhlachais eachtracha, agus i ndáil le soláthar seirbhísí ardoideachais.<br>In CZ, SK: Tá náisiúntacht ina ceanglas ar thromlach chomhaltaí an bhoird. Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí ardoideachais ach amháin i ndáil le seirbhísí oideachais theicniúil agus gairmoideachais iar-mheánscoile (ALT 92310).<br>In CY, FI, MT, RO, SE: Neamhcheangailte. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In HR: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí bunoideachais (ALT 921). I gcás seirbhísí meánoideachais: ceann ar bith i gcás daoine dlítheanacha.<br><br>In EL: Tá náisiúntacht ina ceanglas ar thromlach chomhaltaí an bhoird i mbunscoileanna agus i meánscoileanna. Neamhcheangailte i ndáil le hinstitiúidí ardoideachais a dheonaíonn dioplómaí stáit aitheanta.<br><br>In ES, IT: Tástáil riachtanas eacnamaíoch i ndáil le bunú ollscoileanna príobháideacha atá údaraithe chun dioplómaí nó céimeanna aitheanta a eisiúint. Tá comhairle ón bParlaimint i gceist leis an nós imeachta ábhartha. Príomhchritéir: an daonra agus dlús na mbunaíochtaí atá ann cheana.<br><br>In FR: Tá náisiúntacht Fhrancach nó AE ina ceanglas chun múineadh in institiúid oideachais a chistítear go príobháideach. Féadfaidh náisiúnaigh eachtracha údarú a fháil, áfach, ó na húdaráis inniúla ábhartha, áfach, chun múineadh in institiúidí bunoideachais, oideachais dara leibhéal agus ardoideachais. Féadfaidh náisiúnaigh eachtracha údarú a fháil freisin ó na húdaráis inniúla ábhartha chun múineadh in institiúidí bunoideachais, oideachais dara leibhéal agus ardoideachais a bhunú agus a oibriú. Deonaítear údarú den sórt sin ar bhonn roghnach.<br><br>In HU: Féadfaidh na húdaráis áitiúla (nó na húdaráis lárnacha i gcás ardscoileanna agus institiúidí ardoideachais eile) atá i gceannas ar cheadúnais a dheonú teorainn a chur leis an líon scoileanna atá á mbunú. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In SK: Féadfaidh na húdaráis teorainn a chur leis an líon scoileanna atá á mbunú.<br>In LV: Neamhcheangailte i ndáil le soláthar seirbhísí oideachais a bhaineann le seirbhísí oideachais theicniúil agus gairmoideachais de chineál meánscoile do mhic léinn faoi mhíchumas (ALT 9224).<br>In SI: Neamhcheangailte i ndáil le bunscoileanna. Tá náisiúntacht ina ceanglas ar thromlach chomhaltaí an bhoird i meánscoileanna agus in ardscoileanna. |
| E. Seirbhísí oideachais eile<br>(ALT 929) | In AT, BE, BG, CY, DE, DK, ES, EE, FI, FR, EL, HU, IE, IT, LV, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SI, SE: Neamhcheangailte.<br>In CZ, SK: Tá rannpháirtíocht oibreoirí príobháideacha sa líonra oideachais faoi réir lamháltais. Tá náisiúntacht ina ceanglas ar thromlach chomhaltaí an bhoird. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 11. SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL<br>A. Seirbhísí fuíolluisce<br>(ALT 9401)[1]<br>B. Bainistiú dramhaíola soladaí nó guaisí, gan iompar trasteorann dramhaíola guaisí san áireamh<br>a) Seirbhísí diúscartha dramhaíola<br>(ALT 9402)<br>(b) Seirbhísí sláintíochta agus seirbhísí comhchosúla<br>(ALT 9403)<br>C. Aer comhthimpeallach agus an aeráid a chosaint<br>(ALT 9404)[2] | Ceann ar bith. |

[1] Comhfhreagraíonn sé do sheirbhísí séarachais.
[2] Comhfhreagraíonn sé do sheirbhísí glantacháin gás sceite.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| D. Feabhsú agus glantachán ithreach agus uiscí<br>a) Cóireáil, feabhsú ithreach agus uisce éillithe/thruaillithe<br>(cuid de ALT 9406)[1]<br>E. Laghdú torainn agus creathaidh<br>(ALT 9405)<br>F. Cosaint na bithéagsúlachta agus an tírdhreacha<br>a) Seirbhísí cosanta dúlra agus tírdhreacha<br>(cuid de ALT 9406)<br>G. Seirbhísí comhshaoil agus coimhdeacha eile<br>(ALT 9409) | |

1 Comhfhreagraíonn sé do chodanna de sheirbhísí cosanta dúlra agus tírdhreacha.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 12. SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS | |
| A. Árachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas | In AT: Déanfar an ceadúnas le haghaidh oifigí brainse árachóirí ó Stát Sínithe MERCOSUR a dhiúltú mura bhfuil foirm dhlíthiúil ag an árachóir in MERCOSUR a chomhfhreagraíonn do chuideachta comhstoic nó do chomhlachas árachais fhrithpháirtigh nó atá inchomparáide leo.<br>In BG, ES: Sula mbunaítear brainse nó gníomhaireacht sa Bhulgáir nó sa Spáinn chun aicmí áirithe árachais a sholáthar, ní mór árachóir ó Stát Sínithe MERCOSUR a bheith údaraithe chun oibriú sna haicmí céanna árachais i Stát Sínithe MERCOSUR ar feadh 5 bliana ar a laghad. In ES: níl brainsí díreacha ceadaithe d'idirghabháil árachais, atá forchoimeádta do chuideachtaí arna mbunú i gcomhréir le dlí Ballstáit den Aontas. In ES: I gcás seirbhísí achtúireacha, tá cónaí agus 3 bliana de thaithí ábhartha ina gceanglas.<br>In EL: Ní chumhdaíonn an ceart chun bunaithe cruthú oifigí ionadaíocha ná láithreacht bhuan eile ag cuideachtaí árachais, ach amháin má tá na hoifigí sin bunaithe mar ghníomhaireachtaí, brainsí nó ceannoifigí. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In FI: Leathchuid ar a laghad de thionscnóirí agus comhaltaí den bhord stiúrthóirí agus den bhord maoirseachta, an stiúrthóir bainistíochta atá ag cuideachta árachais a sholáthraíonn árachas pinsin reachtúil, beidh a n-áit chónaithe acu in LEE, murab é go bhfuil díolúine deonaithe dóibh ag na húdaráis inniúla. Ní féidir le hárachóirí eachtracha ceadúnas a fháil san Fhionlainn mar bhrainse chun a bheith ag gabháil d'árachas pinsin reachtúil. Beidh buanáit chónaithe ag iniúchóir amháin ar a laghad in LEE.<br><br>In IT: Bunú brainsí a údarú, tá sé faoi réir meastóireacht ag údaráis mhaoirseachta ar deireadh.<br><br>In BG, PL: Tá corprú áitiúil (gan bhrainsí) ina cheanglas le haghaidh idirghabhálaithe árachais.<br><br>In PT: Chun brainse a bhunú sa Phortaingéil, ní mór do dhaoine dlítheanacha árachais ó Stát Sínithe MERCOSUR a léiriú go bhfuil 5 bliana ar a laghad de thaithí oibríochtúil roimhe seo acu. Níl brainsí díreacha ceadaithe d'idirghabháil árachais, atá forchoimeádta do chuideachtaí arna mbunú i gcomhréir le dlí Bhallstáit den Aontas Eorpach.<br><br>In SK: Féadfaidh náisiúnaigh de Stát Sínithe MERCOSUR cuideachta árachais a bhunú i bhfoirm cuideachta comhstoic nó féadfaidh siad gnó árachais a dhéanamh trína bhfochuideachtaí a bhfuil oifig chláraithe acu i bPoblacht na Slóvaice (gan bhrainsí). Sa dá chás, tá an t-údarú faoi réir measúnaithe faoi údarás maoirseachta. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In SI: Ní féidir le hinfheisteoirí coigríche a bheith rannpháirteach i gcuideachtaí árachais atá á bpríobháidiú. Tá ballraíocht san institiúid árachais fhrithpháirtigh teoranta do chuideachtaí atá bunaithe sa tSlóivéin (gan bhrainsí) agus do dhaoine nádúrtha intíre. Chun seirbhísí sainchomhairleoireachta agus socraíochta éileamh a sholáthar, ceanglaítear corprú mar eintiteas dlíthiúil (gan bhrainsí).<br><br>In SE: Is trí bhrainse amháin a fhéadfaidh gnóthais árachais nach bhfuil corpraithe sa tSualainn a bhunú. |
| B. Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile (seachas árachas) | AE: Ní fhéadfaidh ach comhlachtaí ag a bhfuil a n-oifig chláraithe san Aontas Eorpach gníomhú mar thaisclanna le haghaidh sócmhainní cistí infheistíochta. Bunú cuideachta bainistíochta speisialaithe, a bhfuil a ceannoifig agus a hoifig chláraithe sa Bhallstát céanna den Aontas Eorpach, tá sé ina cheangal chun gníomhaíochtaí bainistíochta iontaobhas aonad agus cuideachtaí infheistíochta a dhéanamh.<br><br>In BG: Cuirfear árachas pinsin chun feidhme trí rannpháirtíocht i gcuideachtaí corpraithe um árachas pinsin (gan bhrainsí). Tá buanchónaí sa Bhulgáir ina cheangal ar chathaoirleach an bhoird bainistíochta agus ar chathaoirleach an bhoird stiúrthóirí.<br><br>In HR: Ceann ar bith, cé is moite de sheirbhísí socraíochta agus imréitigh inarb í an Ghníomhaireacht Lárnach Taisclainne (dá ngairtear ‘CDA’ anseo feasta) an t-aon soláthróir amháin sa Chróit. Déanfar rochtain ar sheirbhísí CDA a dheonú do neamhchónaitheoirí ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In HU: Ní cheadaítear do bhrainsí d’institiúidí ó Stát Sínithe MERCOSUR seirbhísí bainistíochta sócmhainní le haghaidh cistí pinsin príobháideacha ná bainistiú caipitil fiontair a sholáthar. Ba cheart a áireamh ar bhord institiúide airgeadais 2 (beirt) chomhaltaí ar a laghad, ar saoránaigh Ungáracha iad, ar cónaitheoirí iad de réir bhrí na rialachán ábhartha maidir le malairt eachtrach agus a bhfuil buanchónaí orthu san Ungáir ar feadh 1 (aon) bhliain amháin ar a laghad.<br><br>In IE: I gcás scéimeanna comhinfheistíochta arb é atá iontu iontaobhais aonad agus cuideachtaí caipitil athraithigh (seachas gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe, dá ngairtear ‘GCUI’ anseo feasta), ceanglaítear ar an iontaobhaí/taisclann agus ar an gcuideachta bainistíochta a bheith corpraithe in Éirinn nó i mBallstát eile den Aontas Eorpach (gan bhrainsí). I gcás comhpháirtíocht theoranta infheistíochta, ní mór comhpháirtí ginearálta amháin ar a laghad a bheith corpraithe in Éirinn. Chun bheith ina chomhalta de stocmhalartán in Éirinn, ní mór d’eintiteas: (a) a bheith údaraithe in Éirinn, lena gceanglaítear air a bheith corpraithe nó ina chomhpháirtíocht, agus ceannoifig nó oifig chláraithe a bheith aige in Éirinn; nó (b) a bheith údaraithe i mBallstát eile den Aontas Eorpach i gcomhréir le Treoir 2004/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais lena leasaítear Treoracha 85/611/CEE agus 93/6/CEE ón gComhairle agus Treoir 2000/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 93/22/CEE ón gComhairle, IO L 145, 30.4.2004, lch. 1. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In IT: Chun bheith údaraithe chun an córas um shocrú urrús a bhainistiú le bunaíocht san Iodáil, ceanglaítear ar chuideachta bheith corpraithe san Iodáil (gan bhrainsí). Chun bheith údaraithe chun na seirbhísí lárnacha um thaiscí urrúis a bhainistiú le bunaíocht san Iodáil, ceanglaítear ar chuideachtaí a bheith corpraithe san Iodáil (gan bhrainsí). I gcás scéimeanna comhinfheistíochta seachas GCUI arna gcomhchuibhiú faoi reachtaíocht an Aontais, ceanglaítear ar an iontaobhaí nó ar an taisclann a bheith corpraithe san Iodáil nó i mBallstát eile den Aontas Eorpach agus bunaithe trí bhrainse san Iodáil. Tá sé ina cheangal freisin go mbeadh comhlachtaí bainistíochta GCUI nach bhfuil comhchuibhithe faoi reachtaíocht an Aontais corpraithe san Iodáil (gan bhrainsí). Ní fhéadfaidh ach bainc, comhlachtaí árachais, gnóthais agus comhlachtaí infheistíochta a dhéanann bainistíocht ar GCUI arna gcomhchuibhiú faoi reachtaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil a gceannoifig dhlíthiúil san Aontas, chomh maith le GCUI corpraithe san Iodáil bainistíocht a dhéanamh ar acmhainní chiste pinsin. Agus díol ag an doras á sholáthar acu, ní mór d'idirghabhálaithe úsáid a bhaint as díoltóirí airgeadais údaraithe a bhfuil cónaí orthu i gcríoch Bhallstáit den Aontas Eorpach. Ní féidir le hoifigí ionadaíocha idirghabhálaithe eachtracha gníomhaíochtaí a dhéanamh atá dírithe ar sheirbhísí infheistíochta a sholáthar.<br><br>In LT: Chun críche bainistíochta sócmhainní, tá corprú mar chuideachta bainistíochta speisialaithe ina cheangal (gan bhrainsí). Ní fhéadfaidh ach gnóthais a bhfuil a n-oifig chláraithe sa Liotuáin acu gníomhú mar thaisclanna le haghaidh na sócmhainní. Ní mór Liotuáinis a bheith ag ceannaire amháin ar a laghad de riarachán bainc. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In PT: I gcás bainistíocht cistí pinsin, ní fhéadfar í a sholáthar ach trí chuideachtaí atá corpraithe sa Phortaingéil agus speisialaithe chun na críche sin agus trí chuideachtaí árachais atá bunaithe sa Phortaingéil agus údaraithe chun gabháil do ghnó árachais saoil nó trí eintitis atá údaraithe chun cistí pinsin a bhainistiú i mBallstáit eile den Aontas Eorpach (neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad).<br><br>In RO: Ní cheadaítear do bhrainsí d'institiúidí eachtracha seirbhísí bainistíochta sócmhainní a sholáthar.<br><br>In SK: Maidir le seirbhísí infheistíochta i bPoblacht na Slóvaice, is féidir le bainc, cuideachtaí infheistíochta, cistí infheistíochta agus déileálaithe urrús iad a sholáthar, ar cuideachtaí iad a bhfuil foirm dhlíthiúil de chuideachta comhstoic acu agus a bhfuil caipiteal cothromais acu i gcomhréir leis an dlí (gan bhrainsí).<br><br>In SI: Neamhcheangailte i ndáil le rannpháirtíocht i mbainc atá á bpríobháidiú agus i ndáil le cistí pinsin príobháideacha (cistí pinsin neamhéigeantacha).<br><br>In SE: Beidh bunaitheoir bainc taisce ina dhuine nádúrtha a bhfuil cónaí air san Aontas. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 13. SEIRBHÍSÍ SLÁINTE AGUS SEIRBHÍSÍ SÓISIALTA<br>(Seirbhísí arna gcistiú go príobháideach amháin) | |
| A. Seirbhísí ospidéil<br>(ALT 9311)<br>B. Seirbhísí otharchairr<br>(ALT 93192)<br>C. Saoráidí cónaitheacha sláinte seachas seirbhísí ospidéil<br>(ALT 93193)<br>D. Seirbhísí sóisialta<br>(ALT 933) | AE: Tá rannpháirtíocht oibreoirí príobháideacha sa líonra sláinte agus sóisialta faoi réir lamháltais. Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a bheith i bhfeidhm. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann cheana agus an tionchar a d’imreofaí orthu, bonneagar iompair, dlús daonra, raon geografach, agus cruthú fostaíochta nua.<br>In AT: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí otharchairr.<br>In SI: Gach duine a sholáthraíonn seirbhísí go díreach d’othair nó a chuireann cóir leighis ar othair, ní mór ceadúnas agus údarú ón Aireacht Sláinte nó ón gCumann Liachta a bheith aige chun seirbhísí leighis a sholáthar.<br>In BG: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí ospidéil, i ndáil le seirbhísí otharchairr agus i ndáil le saoráidí sláinte cónaithe seachas seirbhísí ospidéil.<br>In CY, CZ, FI, MT, SE, SK, SI: Neamhcheangailte.<br>In FR: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí sóisialta seachas seirbhísí a bhaineann le tithe téarnaimh agus aíochta agus árais seanóirí. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In HR: Ceann ar bith, seachas go bhféadfadh bunú roinnt saoráidí cúraim shóisialta a bheith faoi réir teorainneacha bunaithe ar riachtanais i limistéir gheografacha áirithe. Ní mór ceadúnas ón gcomhlachas gairmiúil a bheith ag gach duine a sholáthraíonn seirbhísí go díreach d'othair nó a chuireann cóir leighis ar othair.<br><br>In HU: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí sóisialta.<br><br>In PL: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí otharchairr, i ndáil le saoráidí sláinte cónaithe seachas seirbhísí ospidéil, agus i ndáil le seirbhísí sóisialta.<br><br>In BE, DE, ES: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí otharchairr, i ndáil le saoráidí sláinte cónaithe seachas seirbhísí ospidéil, agus i ndáil le seirbhísí sóisialta seachas tithe téarnaimh agus aíochta agus árais seanóirí.<br><br>In DE: D'fhéadfadh seirbhísí tarrthála agus 'seirbhísí otharchairr cáilithe' a bheith forchoimeádta d'oibreoirí neamhbhrabúsacha. Féadfar an líon soláthraithe seirbhísí TFC a theorannú chun idir-inoibritheacht, comhoiriúnacht agus na caighdeáin sábháilteachta is gá a ráthú. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 14. SEIRBHÍSÍ TURASÓIREACHTA AGUS SEIRBHÍSÍ A BHAINEANN LE TAISTEAL | |
| A. Óstáin, bialanna agus lónadóireacht<br>(ALT 641, ALT 642 agus ALT 643)<br>gan lónadóireacht i seirbhísí aeriompair a áireamh[1] | In BG: Tá corprú ina cheanglas (gan brainsí).<br>In IT: Tá feidhm ag tástáil riachtanas eacnamaíoch maidir le beáir, caiféanna agus bialanna. Príomhchritéir: an daonra agus dlús na mbunaíochtaí atá ann cheana.<br>In HR: Lonnú sna limistéar faoi chosaint a mbaineann spéis staire agus ealaíne ar leith leo agus laistigh de pháirceanna náisiúnta nó tírdhreacha, tá sé faoi réir fhormheas Rialtas Phoblacht na Cróite, agus is féidir an formheas a dhiúltú. |
| B. Seirbhísí gníomhaireachtaí taistil agus tionscnóirí turais (bainisteoirí turais san áireamh)<br>(ALT 7471) | In BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach (tá corprú ina cheanglas).<br>In CY: Neamhcheangailte. |
| C. Seirbhísí treoraithe do thurasóirí<br>(ALT 7472) | Ceann ar bith.<br>In CY: Neamhcheangailte. |

1 Tá lónadóireacht i seirbhísí aeriompair le fáil in SEIRBHÍSÍ CÚNTA IOMPAIR faoi 17.E.a) Seirbhísí láimhseála ar an talamh.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 15. SEIRBHÍSÍ ÁINEASA, CULTÚRTHA AGUS SPÓIRT (seachas seirbhísí closamhairc) | |
| A. Seirbhísí siamsaíochta (lena n-áirítear amharclannaíocht, bannaí beo agus: seirbhísí dioscó)<br><br>(ALT 9619) | In CY, CZ, FI, MT, PL, RO, SI, SK: Neamhcheangailte.<br><br>In BG: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le seirbhísí arna gcur ar fáil ag léiritheoirí amharclainne, grúpaí amhránaíochta, bannaí agus ceolfhoirne (ALT 96191), seirbhísí arna gcur ar fáil ag údair, cumadóirí, dealbhóirí, siamsóirí agus ealaíontóirí aonair eile (ALT 96192) agus seirbhísí coimhdeachta amharclainne (ALT 96193).<br><br>In EE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí siamsaíochta eile (ALT 96199) cé is moite de sheirbhísí pictiúrlainne.<br><br>In LV: Neamhcheangailte ach amháin i ndáil le seirbhísí oibrithe pictiúrlainne (cuid de ALT 96199). |
| B. Seirbhísí gníomhaireachtaí preasa agus nuachta<br><br>(ALT 962) | In FR: An rannpháirtíocht eachtrach i gcuideachtaí atá ann faoi láthair a fhoilsíonn foilseacháin i bhFraincis, ní rachaidh sí thar 20 % (fiche faoin gcéad) de chaipiteal ná de chearta vótála na cuideachta. Tá bunú ghníomhaireachtaí preasa eachtracha faoi réir coinníollacha atá leagtha amach i rialachán intíre. I gcás ina mbunaíonn infheisteoirí eachtracha gníomhaireachtaí preasa, tá an bunú sin faoi réir cómhalartachta.<br><br>In BG, CY, CZ, HU, LT, RO, PL, SK: Neamhcheangailte.<br><br>In PT: Cuideachtaí nuachta atá corpraithe sa Phortaingéil san fhoirm dhlítheanach ‘Sociedade Anónima’ ní mór dóibh caipiteal sóisialta a bheith acu i bhfoirm stoc ainmniúla. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. Seirbhísí leabharlainne, cartlainne, músaeim agus seirbhísí cultúir eile | In BE, BG, CY, CZ, DE, DK, ES, EE, FI, FR, EL, HR, HU, IE, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SI, SE: Neamhcheangailte.<br><br>In AT, LT: Tá rannpháirtíocht oibreoirí príobháideacha i leabharlanna, cartlanna, músaeim agus i líonra na seirbhísí cultúrtha eile faoi réir lamhháltais nó ceadúnais. |
| D. Seirbhísí spóirt<br><br>(ALT 9641) | In AT, SI: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí scoile sciála agus seirbhísí treoraithe sléibhe.<br><br>In BG, CY, CZ, EE, LV, MT, PL, RO, SK: Neamhcheangailte. |
| E. Seirbhísí áineasa páirceanna agus trá<br><br>(ALT 96491) | Ceann ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 16. SEIRBHÍSÍ IOMPAIR | |
| A. Muiriompair | |
| a) Iompar idirnáisiúnta paisinéirí<br><br>(ALT 7211 lúide iompar cabatáiste náisiúnta[1])<br><br>b) Iompar idirnáisiúnta lasta<br><br>(ALT 7212 lúide iompar cabatáiste náisiúnta[2]) | In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, ES, EE, FI, FR, EL, HU, IE, IT, LT, LU, NL, PL, PT, RO, SK, SI, SE: Neamhcheangailte i ndáil le cuideachta chláraithe a bhunú chun cabhlach a oibriú faoi bhratach náisiúnta Stát na bunaíochta. |

1 Gan dochar do raon feidhme na ngníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a mheas mar chabatáiste faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha, ní áirítear leis na gealltanais an t-iompar cabatáiste náisiúnta, lena nglactar go gcumhdaítear leis iompar paisinéirí nó earraí idir calafort nó pointe atá suite i mBallstát den Aontas Eorpach agus calafort nó pointe eile atá suite sa Bhallstát céanna sin den Aontas Eorpach, a scairbh ilchríochach san áireamh, mar a fhoráiltear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, agus trácht a thosaíonn agus a chríochnaíonn sa chalafort nó sa phointe céanna atá suite i mBallstát den Aontas Eorpach.

2 Gan dochar do raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bhféadfar a mheas fúthu gur gníomhaíochtaí cabatáiste iad faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha, glactar leis go gclúdaíonn iompar cabatáiste náisiúnta iompar paisinéirí nó earraí idir port nó pointe atá suite i mBallstát den Aontas Eorpach agus port nó pointe eile atá suite sa Bhallstát céanna, lena n-áirítear ar a scairbh ilchríochach dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, agus trácht a thosaíonn agus a chríochnaíonn sa chalafort nó sa phointe céanna agus é suite i mBallstát den Aontas Eorpach.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| D. Iompar de bhóthar | |
| a) Iompar paisinéirí<br>(ALT 7121 agus ALT 7122) | AE: Ní féidir le hinfheisteoirí coigríche seirbhísí iompair a sholáthar laistigh de Bhallstát den Aontas Eorpach (cabatáiste), ach amháin i gcás seirbhísí neamhliostaithe- busanna a fháil ar cíos le hoibreoir.<br>AE: Tástáil ar riachtanais eacnamaíocha do sheirbhísí tacsaí. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar orthu, dlús daonra, raon geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus cruthú fostaíochta nua.<br>In AT, BG: Ní fhéadfar cearta eisiacha ná údarú a dheonú ach do náisiúnaigh Ballstáit den Aontas Eorpach agus do dhaoine dlítheanacha as an Aontas Eorpach a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas Eorpach.<br>In BG, CZ: Neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach (tá corprú ina cheanglas).<br>In FI, LV: Tá údarú ina cheanglas, ach ní leathnaítear é chuig feithiclí atá cláraithe i dtíortha eachtracha.<br>In LV agus SE: Ceanglas ar eintitis bhunaithe feithiclí a bhfuil clárú náisiúnta acu a úsáid.<br>In ES: Tástáil ar riachtanais eacnamaíocha maidir le ALT 7122. Príomhchritéir: éileamh áitiúil. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In IT, PT: Tástáil ar riachtanais eacnamaíocha maidir le seirbhísí limisín. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar orthu, dlús daonra, raon geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus cruthú fostaíochta nua.<br>In ES, IE, IT: Tástáil riachtanas eacnamaíoch maidir le seirbhísí bus idirchathrach. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar orthu, dlús daonra, raon geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus cruthú fostaíochta nua.<br>In FR: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí bus idirchathracha. |
| b) Iompar lasta<br>(ALT 7123, seachas ítimí poist agus cúiréireachta a iompar ar bhonn féinchuntais[1]) | In AT, BG: Ní fhéadfar cearta eisiacha ná údarú a dheonú ach do náisiúnaigh Ballstáit den Aontas Eorpach agus do dhaoine dlítheanacha as an Aontas Eorpach a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas Eorpach.<br>In ES: Féadfar údarú chun láithreacht tráchtála a bhunú sa Spáinn a dhiúltú do sholáthróirí seirbhíse, i gcás nach dtugann a dtír thionscnaimh rochtain éifeachtach ar an margadh do soláthróirí seirbhíse de chuid na Spáinne (ALT 7123).<br>In BG, CZ: Neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach (tá corprú ina cheanglas).<br>In FI, LV: Tá údarú ina cheanglas, ach ní leathnaítear é chuig feithiclí atá cláraithe i dtíortha eachtracha.<br>In LV agus SE: Ceanglas ar eintitis bhunaithe feithiclí a bhfuil clárú náisiúnta acu a úsáid.<br>In IT, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: éileamh áitiúil. |

1 Cuid de ALT 71235, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ CUMARSÁIDE faoi 7.A. Seirbhísí poist agus cúiréireachta.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| E. Iompar píblíne earraí seachas breosla[1]<br>(ALT 7139) | In AT: Ní fhéadfar cearta eisiacha a dheonú ach do náisiúnaigh Ballstáit den Aontas Eorpach agus do dhaoine dlítheanacha as an Aontas Eorpach a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas Eorpach. |
| 17. SEIRBHÍSÍ CÚNTA IOMPAIR[2] | |
| A. Seirbhísí cúnta muiriompair<br>a) seirbhísí láimhseála lasta muirí<br>b) Seirbhísí stórála agus ollstórála<br>(cuid de ALT 742)<br>c) Seirbhísí imréitigh custaim<br>d) Seirbhísí stáisiúin coimeádán agus iosta<br>e) Seirbhísí gníomhaireachta muirí | In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, ES, EE, FI, FR, EL, HU, IE, IT, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SI, SE: Neamhcheangailte i ndáil le cuideachta chláraithe a bhunú chun cabhlach a oibriú faoi bhratach náisiúnta stát na bunaíochta.<br>In IT: Tástáil ar riachtanas eacnamaíoch[3] maidir le seirbhísí láimhseála lasta muirí. Príomhchritéir: líon agus tionchar ar bhunaíochtaí reatha, dlús daonra, scaipeadh geografach agus cruthú fostaíochta nua.<br>In BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach (tá corprú ina cheanglas). Is féidir seirbhísí cúnta muiriompair a mbeidh gá le húsáid soithí ina leith a sholáthar ag soithí a oibríonn faoi bhrat na Bulgáire agus iad sin amháin. |

1 Tá iompar breoslaí trí phíblíne le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH faoi 19.B.
2 Ní áirítear leis seo seirbhísí cothabhála agus deisithe trealaimh iompair, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ GNÓ 6.F.l) 1. Cothabháil agus deisiú soithí go 6.F.l) 4. Cothabháil agus deisiú aerárthaí agus páirteanna díobh.
3 Cuirtear an beart sin i bhfeidhm ar bhealach neamh-idirdhealaitheach.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| f) Seirbhísí seolta lasta mhuirí<br>g) Soithí a ligean ar cíos le criú<br>(ALT 7213)<br>h) Seirbhísí brú agus tarraingthe<br>(ALT 7214)<br>i) Seirbhísí tacaíochta muiriompair<br>(cuid de ALT 745)<br>j) Seirbhísí cúnta eile (lena n-áirítear lónadóireacht)<br>(cuid de ALT 749) | In SI: Ní féidir ach le daoine dlítheanacha atá bunaithe sa tSlóivéin (gan bhrainsí) imréiteach custaim a dhéanamh.<br>In FI: Ní féidir ach le longa a oibríonn faoi bhratach na Fionlainne seirbhísí a sholáthar.<br>In HR: Neamhcheangailte i ndáil le c) seirbhísí imréitigh custaim, d) seirbhísí stáisiúin coimeádta agus seirbhísí iosta, e) seirbhísí gníomhaireachtaí muirí agus f) seirbhísí seolta lasta muirí. Le haghaidh a) seirbhísí láimhseála lasta muirí, b) seirbhísí stórála agus trádstórála, j) seirbhísí cúnta eile (lena n-áirítear lónadóireacht), h) seirbhísí brú agus tarraingthe agus i) seirbhísí tacaíochta le haghaidh muiriompair: Ceann ar bith, seachas nach mór do dhuine dlítheanach eachtrach cuideachta a bhunú sa Chróit agus ní mór go ndeonófaí lamháltas dóibh ag an údarás poirt tar éis nóis imeachta um thairiscint phoiblí. Féadfar teorainn a chur le líon na soláthróirí seirbhíse sna calafoirt de réir acmhainneacht na gcalafort. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. Seirbhísí cúnta iompair d’iarnród<br>a) Seirbhísí láimhseála lasta<br>(cuid de ALT 741)<br>b) Seirbhísí stórála agus stórais<br>(cuid de ALT 742)<br>c) Seirbhísí ghníomhaireacht iompair lasta<br>(cuid de ALT 748)<br>d) Seirbhísí brú agus tarraingthe<br>(ALT 7113)<br>e) Seirbhísí tacaíochta le haghaidh seirbhísí iompair iarnróid<br>(ALT 743)<br>f) Seirbhísí tacaíochta agus cúnta eile<br>(cuid de ALT 749) | In BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach (tá corprú ina cheanglas). Tá teorann 49 % (daichead a naoi faoin gcéad) le rannpháirtíocht i gcuideachta Bhulgárach.<br>In CZ: Neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach (tá corprú ina cheanglas).<br>In SI: Ní féidir ach le daoine dlítheanacha atá bunaithe sa tSlóivéin (gan bhrainsí) imréiteach custaim a dhéanamh.<br>In HR: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí brú agus tarraingthe. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| D. Seirbhísí cúnta iompair de bhóthar<br>a) Seirbhísí láimhseála lasta<br>(cuid de ALT 741)<br>b) Seirbhísí stórála agus stórais<br>(cuid de ALT 742)<br>c) Seirbhísí ghníomhaireacht iompair lasta<br>(cuid de ALT 748)<br>d) Feithiclí tráchtála de bhóthar ar cíos le hoibreoirí<br>(ALT 7124)<br>e) Seirbhísí tacaíochta le haghaidh iompar de bhóthar<br>(ALT 744)<br>f) Seirbhísí tacaíochta agus cúnta eile<br>(cuid de ALT 749) | In AT: I gcás feithiclí bóthair tráchtála le hoibreoirí a ligean ar cíos, ní fhéadfar údarú a dheonú ach do náisiúnaigh Ballstáit den Aontas Eorpach agus do dhaoine dlítheanacha as an Aontas Eorpach a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas Eorpach.<br>In BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach (tá corprú ina cheanglas). Tá teorann 49 % (daichead a naoi faoin gcéad) le rannpháirtíocht i gcuideachta Bhulgárach.<br>In CZ: Neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach (tá corprú ina cheanglas).<br>In FI: Maidir le feithiclí bóthair tráchtála le hoibreoirí a ligean ar cíos, tá údarú ina cheanglas, ach ní leathnaítear é chuig feithiclí atá cláraithe i dtíortha eachtracha.<br>In SI: Ní féidir ach le daoine dlítheanacha atá bunaithe sa tSlóivéin (gan bhrainsí) imréiteach custaim a dhéanamh.<br>In HR, CY: Neamhcheangailte i ndáil le feithiclí tráchtála bóthair a ligean ar cíos le hoibreoirí. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| E. Seirbhísí cúnta do sheirbhísí aeriompair | |
| a) Seirbhísí láimhseála ar an talamh (lena n-áirítear lónadóireacht) | In AE: Neamhcheangailte, seachas le haghaidh rochtain ar an margadh. Braitheann catagóirí na ngníomhaíochtaí ar mhéid an aerfoirt. Féadfar líon na soláthraithe i ngach aerfort a theorannú mar gheall ar shrianta ar an méid spáis atá ar fáil, agus do nach lú ná 2 sholáthraí (dhá sholáthraí) ar chúiseanna eile.<br><br>In BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach (tá corprú ina cheanglas). |
| b) Seirbhísí stórála agus stórais<br><br>(cuid de ALT 742) | In BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach (tá corprú ina cheanglas).<br><br>In PL: Le haghaidh seirbhísí stórála d'earraí reoite nó cuisnithe agus seirbhísí bulcstórála do leachtanna nó gháis, braitheann catagóirí na ngníomhaíochtaí ar mhéid an aerfoirt. Féadfar líon na soláthraithe i ngach aerfort a theorannú do nach lú ná do dhá sholáthraí mar gheall ar shrianta ar an méid spáis atá ar fáil agus ar chúiseanna eile. |
| c) Seirbhísí ghníomhaireacht iompair lasta<br><br>(cuid de ALT 748) | In CY, CZ, HU, MT, PL, RO, SK: Neamhcheangailte.<br><br>In BG: Ní féidir le daoine eachtracha seirbhísí a sholáthar ach amháin trí rannpháirtíocht i gcuideachtaí Bulgáracha a bhfuil teorannú 49 % (daichead a naoi faoin gcéad) ar rannpháirtíocht cothromais acu agus trí bhrainsí.<br><br>In SI: Ní féidir ach le daoine dlítheanacha atá bunaithe sa tSlóivéin (gan bhrainsí) imréiteach custaim a dhéanamh. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| F. Seirbhísí cúnta iompair earraí seachas breosla trí phíblíne[1]<br><br>a) Seirbhísí stórála agus stórais earraí seachas breosla a iompraítear trí phíblínte<br><br>(cuid de ALT 742) | Ceann ar bith. |
| 18. SEIRBHÍSÍ IOMPAIR EILE | |
| Seirbhís iompair traschórais a sholáthar | I ngach Ballstát den Aontas Eorpach, cé is moite de AT, BG, CY, CZ, EE, HR, HU, LT, LV, MT, PL, RO, SE, SI, SK: Ceann ar bith, gan dochar do na teorainneacha atá inscríofa sa liosta seo a dhéanann difear d'aon mhodh iompair ar leith.<br><br>In AT, BG, CY, CZ, EE, HR, HU, LT, LV, MT, PL, RO, SE, SI, SK: Neamhcheangailte. |

1 Tá seirbhísí cúnta d'iompar breoslaí trí phíblíne le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH faoi 19.C Stóráil agus seirbhísí trádstórais le haghaidh breoslaí arna n-iompar trí phíblínte.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 19. SEIRBHÍSÍ FUINNIMH | |
| A. Seirbhísí a bhaineann leis an mianadóireacht<br>(ALT 883)[1] | In CY: Neamhcheangailte.<br>In SI: Taiscéalaíocht agus saothrú acmhainní mianraí, lena n-áirítear seirbhísí mianadóireachta rialaithe, tá siad faoi réir bunaíocht sna háiteanna a leanas nó saoránacht dá gcuid: LEE, Cónaidhm na hEilvéise, Comhalta de chuid ECFE, nó tríú tír ar choinníoll na cómhalartachta ábhartha. Is í an Aireacht atá freagrach as mianadóireacht a fhíoraíonn go bhfuil coinníoll na cómhalartachta á chomhlíonadh. |
| B. Iompar breoslaí trí phíblíne<br>(ALT 7131) | In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, ES, EE, FI, FR, EL, IE, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SI, SE: Neamhcheangailte. |

[1] Áirítear orthu sin na seirbhísí seo a leanas arna ndéanamh ar bhonn táille nó conartha: seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin a bhaineann le mianadóireacht, ullmhú láithreáin ar talamh, suiteáil rige ar talamh, druileáil, seirbhísí béalmhíreanna druileála, seirbhísí cásála agus feadánra, innealtóireacht láibe agus soláthar láibe, rialú ábhar soladach, iascaireacht agus oibríochtaí speisialta poill, geolaíocht veilsíte agus rialú druileála, tógáil croíleacán, tástáil toibreacha, seirbhísí sreanglíne, soláthar agus oibriú sreabhán (sáile) tar éis críochnú, soláthar agus suiteáil gaireas tar éis críochnú, stroighniú (brúchaidéalú), seirbhísí spreagtha (fracáil, aigéadú agus brúchaidéalú), seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin toibreacha agus líonadh agus tréigean toibreacha.
Ní áirítear orthu sin rochtain dhíreach ar acmhainní nádúrtha ná saothrú na n-acmhainní sin.
Ní áirítear orthu sin obair ullmhaithe láithreáin le haghaidh mianadóireacht acmhainní seachas ola agus gás (ALT 5115), atá le fáil faoi 8. SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA AGUS SEIRBHÍSÍ A BHAINEANN LE hINNEALTÓIREACHT.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. Seirbhísí stórála agus trádstórála breoslaí arna n-iompar trí phíblínte<br><br>(cuid de ALT 742) | In CY, CZ, MT, PL, SK: Féadfar toirmeasc a chur ar infheisteoirí ó thíortha ar soláthróirí fuinnimh iad smacht a fháil ar an ngníomhaíocht. Neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach (tá corprú ina cheanglas).<br><br>In FI: Neamhcheangailte i ndáil le húinéireacht nó rialú chríochfort gáis nádúrtha leachtaithe (dá ngairtear 'GNL' anseo feasta) (lena n-áirítear na codanna sin den chríochfort GNL a úsáidtear le haghaidh stóráil nó athghásáil GNL) ag daoine nó fiontair eachtracha ar chúiseanna shlándáil fuinnimh. |
| D. Seirbhísí trádála mórdhíola breoslaí soladacha, leachtacha agus gásacha agus táirgí gaolmhara<br><br>(ALT 62271)<br><br>agus seirbhísí trádála mórdhíola leictreachais, gaile agus uisce the | AE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí trádála mórdhíola leictreachais, gaile agus uisce the.<br><br>In FI: Neamhcheangailte i ndáil le hallmhairiú, mórdhíol agus miondíol leictreachais. Tá feidhm ag srianta cainníochtúla i bhfoirm monaplachtaí nó ceart eisiach le haghaidh allmhairiú gáis nádúrtha agus le haghaidh táirgeadh agus dáileadh gaile agus uisce the.<br><br>In SK: Neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach (tá corprú ina cheanglas) i gcás breoslaí leachtacha agus gásacha. |
| E. Seirbhísí trádála miondíola breosla d'fheithiclí<br><br>(ALT 613)<br><br>F. Miondíol ola breosla, gáis bhuidéalaithe, guail agus adhmaid<br><br>(ALT 63297)<br><br>agus seirbhísí miondíola leictreachais, gáis (neamhbhuidéalaithe), gaile agus uisce the | AE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí miondíola breosla mótair, leictreachais, gáis (neamhbhuidéalaithe), gaile agus uisce the.<br><br>In BE, BG, DK, FR, IT, MT, PT: Maidir le miondíol ola breosla, gáis bhuidéalaithe, guail agus adhmaid, tá údarú le haghaidh siopaí ilrannacha (i gcás FR agus PT le haghaidh siopaí móra amháin) faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: líon na siopaí atá ann faoi láthair agus an tionchar orthu, dlús daonra, scaipeadh geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus fostaíocht nua a chruthú. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| G. Seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh<br>(ALT 887) | In AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, ES, EE, FI, FR, EL, IE, HU, IT, LU, LT, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SE: Neamhcheangailte ach amháin i ndáil le seirbhísí sainchomhairleoireachta agus níl aon cheann acu i ndáil le seirbhísí sainchomhairleoireachta.<br>In SI: Neamhcheangailte ach amháin i ndáil le seirbhísí a bhaineann le dáileadh gáis, agus gan aon cheann i ndáil le dáileadh gáis. |
| 20. SEIRBHÍSÍ EILE NACH BHFUIL SAN ÁIREAMH AON ÁIT EILE | |
| a) Seirbhísí níocháin, glantacháin agus ruaimnithe<br>(ALT 9701) | Ceann ar bith. |
| b) Seirbhísí gruagaireachta<br>(ALT 97021) | In CY: Neamhcheangailte.<br>In IT: Tá feidhm le tástáil riachtanas eacnamaíoch ar bhonn cóir náisiúnta. Príomhchritéir: an daonra agus dlús na ngnólachtaí atá ann cheana. |
| c) Seirbhísí cóireála cosmaidí, lámh-mhaisithe agus cosmhaisithe<br>(ALT 97022) | In IT: Tá feidhm le tástáil riachtanas eacnamaíoch ar bhonn cóir náisiúnta. Príomhchritéir: an daonra agus dlús na ngnólachtaí atá ann cheana.<br>In CY: Ceanglas náisiúntachta. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| d) Seirbhísí eile cóireála áilleachta nach n-aicmítear in áit ar bith eile.<br>(ALT 97029) | In IT: Tá feidhm le tástáil riachtanas eacnamaíoch ar bhonn cóir náisiúnta. Príomhchritéir: an daonra agus dlús na ngnólachtaí atá ann cheana.<br>In CY: Tá feidhm ag an gceanglas náisiúntachta. |
| e) Seirbhísí spá agus suathaireacht neamhtheiripeach, a mhéid a sholáthraítear iad mar sheirbhísí scíthe folláine coirp seachas chun críoch leighis nó athshlánaithe[1]<br>(ALT leagan 1.0 97230) | In CY: Tá feidhm ag an gceanglas náisiúntachta. |
| f) Seirbhísí nasctha teileachumarsáide<br>(ALT 7543) | Ceann ar bith. |

---

1 Tá suathaireacht theiripeach agus seirbhísí míochaine theirmigh le fáil faoi 6.A.h) Seirbhísí leighis agus fiaclóireachta, 6.A.j) 2. Seirbhísí a sholáthraíonn altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine, agus seirbhísí sláinte (13.A Seirbhísí ospidéil agus 13.C Saoráidí sláinte cónaitheacha seachas seirbhísí ospidéil).

AN tAONTAS EORPACH

LIOSTA TEORAINNEACHA I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAIL 10.3, 10.4, 10.8 AGUS 10.9 (PRÍOMHPHEARSANRA, CÉIMITHE FAOI OILIÚINT AGUS DÍOLTÓIRÍ GNÓ)

1. Léirítear sa liosta teorainneacha san Iarscríbhinn seo na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a léirscaoileadh de bhun Airteagail 10.3 agus 10.4 agus sonraítear ann, trí bhíthin forchoimeádas, na teorainneacha a bhfuil feidhm acu maidir le príomhphearsanra, céimithe faoi oiliúint agus díoltóirí gnó i gcomhréir le hAirteagail 10.8 agus 10.9. Tá dhá cholún ina bhfuil na heilimintí seo a leanas, faoi seach, sa liosta san Iarscríbhinn seo:

   (a) an earnáil nó an fho-earnáil ina bhfuil feidhm ag teorainneacha; agus

   (b) tuairisc ar na teorainneacha is infheidhme.

   Ní thugann an tAontas Eorpach aon ghealltanas do phríomhphearsanra ná do chéimithe faoi oiliúint i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach dtugann sé gealltanais maidir le bunaíocht ina leith i gcomhréir le hIarscríbhinn 10-B, ná ní thugann sé aon ghealltanas do dhíoltóirí gnó i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach nglacann sé aon ghealltanas maidir le soláthar trasteorann seirbhísí ina leith i gcomhréir le hIarscríbhinní 10-A agus 10-B.

2. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, i gcás sainaithint earnálacha aonair agus fo-earnálacha:

   (a) Ciallaíonn 'ALT' an tAicmiú Lárnach Táirgí mar a shainmhínítear in Airteagal 1.3(c);

(b) Ciallaíonn 'ALT leagan 1.0' an tAicmiú Lárnach Táirgí mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, ALT leagan 1.0, 1998; agus

(c) Ciallaíonn 'ISIC leagan 3.1' an Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch mar atá leagtha amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M Uimh. 4, ISIC REV 3.1, 2002.

3. Ní bheidh feidhm ag gealltanais do phríomhphearsanra ná do chéimithe faoi oiliúint más é aidhm nó éifeacht a bhfanacht sealadaigh cur isteach ar thoradh aon díospóide nó idirbheartaíochta saothair nó bainistíochta, nó difear a dhéanamh dóibh ar shlí eile.

4. Ní áirítear ar an liosta atá san Iarscríbhinn seo bearta maidir le ceanglais agus nósanna imeachta um cháiliú, caighdeáin theicniúla agus ceanglais agus nósanna imeachta um cheadúnú i gcás nach teorannú iad de réir bhrí Airteagal 10.3 nó Airteagal 10.4. Tá feidhm ag na bearta sin (mar shampla, an gá ceadúnas a fháil, an gá aitheantas a fháil ar cháilíochtaí in earnálacha rialaithe, pas a fháil i scrúduithe sonracha, lena n-áirítear scrúduithe teanga, agus seoladh poist a bheith acu sa chríoch ina ndéantar an ghníomhaíocht eacnamaíoch) fiú mura liostaítear iad thíos, tá feidhm acu in aon chás maidir le príomhphearsanra agus céimithe faoi oiliúint de chuid Stát Sínithe MERCOSUR.

5. A mhéid nach ndéantar gealltanais i gCaibidil 10, tá feidhm fós ag gach ceanglas eile de chuid dhlíthe agus rialachán gach Páirtí maidir le teacht isteach agus fanacht sealadach, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an tréimhse fanachta.

6. D'ainneoin fhorálacha na Caibidle seo, beidh feidhm fós ag gach ceanglas de chuid dhlíthe agus rialachán gach Páirtí maidir le bearta fostaíochta agus bearta slándála sóisialta, lena n-áirítear rialacháin a bhaineann le híosphá agus comhaontuithe comhchoiteanna pá.

7. Tá an liosta atá san Iarscríbhinn seo gan dochar do mhonaplachtaí poiblí agus cearta eisiacha, mar a leagtar amach ag an Aontas Eorpach in Iarscríbhinn 10-B.

8. Sna hearnálacha ina gcuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm, is iad na príomhchritéir go ndéanfar measúnú ar staid ábhartha an mhargaidh i mBallstát den Aontas Eorpach nó sa réigiún ina soláthraítear an tseirbhís, lena n-áirítear maidir le líon na soláthraithe seirbhísí atá ann faoi láthair agus an tionchar orthu.

9. Tugann an tAontas Eorpach gealltanais maidir le rochtain ar an margadh mar a leagtar amach in Airteagal 10.3(1), arna ndifreáil ag a Bhallstáit, más infheidhme.

10. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le hoibleagáid an Aontais Eorpaigh chun cóir náisiúnta a dheonú, ní chumhdaítear an ceanglas maidir leis an gcóir chéanna a dheonaítear i mBallstát den Aontas Eorpach a leathnú chuig daoine nádúrtha nó dlítheanacha de chuid Stáit sínithe MERCOSUR de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ná maidir le haon bheart a ghlactar de bhun an Chonartha sin, lena n-áirítear cur chun feidhme an Chonartha sin nó bearta den sórt sin i mBallstáit den Aontas Eorpach, a leathnú chuig:

    (a) daoine nádúrtha nó cónaitheoirí de Bhallstát den Aontas Eorpach; nó

    (b) daoine dlítheanacha atá comhdhéanta nó a eagraítear faoi dhlí Ballstáit eile den Aontas Eorpach nó an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu i mBallstát den Aontas Eorpach.

Deonaítear an chóir náisiúnta sin do dhaoine dlítheanacha atá comhdhéanta nó eagraithe faoi dhlí Ballstáit den Aontas Eorpach nó faoi dhlí an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu i mBallstát den Aontas Eorpach, lena n-áirítear iad siúd atá faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine nádúrtha nó dlítheanacha de Stát Sínitheoir MERCOSUR.

11. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas sa liosta atá san Iarscríbhinn seo:

– AE An tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh
– LEE An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
– AT An Ostair
– BE An Bheilg
– BG An Bhulgáir
– CY An Chipir
– CZ An tSeicia
– DE An Ghearmáin
– DK An Danmhairg
– EE An Eastóin
– EL An Ghréig
– ES An Spáinn
– FI An Fhionlainn
– FR An Fhrainc
– HR An Chróit
– HU An Ungáir
– IE Éire
– IT An Iodáil
– LV An Laitvia

– LT An Liotuáin
– LU Lucsamburg
– MT Málta
– NL an Ísiltír
– PL An Pholainn
– PT An Phortaingéil
– RO An Rómáin
– SK Poblacht na Slóvaice
– SI An tSlóivéin
– SE An tSualainn

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Gach earnáil | Raon feidhme aistrithe ionchorparáideacha<br><br>In BG: Ní rachaidh líon na n-aistrithe ionchorparáideacha thar 10 % (deich faoin gcéad) de mheánlíon bliantúil shaoránaigh an Aontais atá fostaithe ag an duine dlítheanach Bulgárach faoi seach. Má bhíonn níos lú ná 100 (céad) duine fostaithe, féadfaidh líon na n-aistrithe ionchorparáideacha, faoi réir údaraithe, a bheith níos mó ná 10 % (deich faoin gcéad) de líon na bhfostaithe iomlána.<br><br>In HU: Tá catagóir na n-aistrithe ionchorparáideacha neamhcheangailte i ndáil le duine nádúrtha a bhí ina chomhpháirtí i nduine dlítheanach de chuid Stáit sínithe MERCOSUR. |
| Gach earnáil | Speisialtóirí[1]<br><br>AE: Agus measúnú á dhéanamh ar an eolas sin, cuirfear san áireamh ní hamháin eolas a bhaineann go sonrach leis an bhfiontar, ach cibé acu atá nó nach bhfuil ardleibhéal cáilíochta ag an duine freisin, lena n-áirítear taithí ghairmiúil leormhaith, ina dtagraítear do chineál oibre nó ceirde a éilíonn eolas teicniúil sonrach, lena n- áirítear comhaltacht fhéideartha i ngairm chreidiúnaithe. |

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, d'fhéadfadh sé go n- iarrfaí ar bhainisteoirí nó ar fheidhmeannaigh agus speisialtóirí a léiriú go bhfuil na cáilíochtaí gairmiúla agus an taithí is gá acu san fhiontar a n- aistrítear chuige iad.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Gach earnáil | Céimithe faoi oiliúint<br><br>In BG, HU: Tástáil riachtanas eacnamaíoch le haghaidh céimithe faoi oiliúint[1].<br><br>In AT, DE, ES, FR, HU, LT, SK: Ní mór an oiliúint a bheith nasctha leis an gcéim ollscoile a fuarthas. |
| Gach earnáil | Stiúrthóirí bainistíochta agus iniúchóirí<br><br>In AT: Ní mór do stiúrthóirí bainistíochta brainsí de dhaoine dlítheanacha a bheith ina gcónaí san Ostair. Ní mór sainchónaí a bheith san Ostair ar dhaoine nádúrtha laistigh de dhuine dlítheanach nó de bhrainse atá freagrach as Acht Trádála na hOstaire a urramú.<br><br>In FI: Ní mór cead trádála a bheith ag eachtrannach a dhéanann trádáil mar fhiontraí príobháideach agus ní mór cead buanchónaithe a bheith aige san Aontas. I gcás gach earnála cé is moite de sheirbhísí teileachumarsáide, tá feidhm ag ceanglais náisiúntachta agus chónaitheachta le haghaidh stiúrthóirí bainistíochta chuideachta teoranta. I gcás seirbhísí teileachumarsáide, tá buanchónaí de dhíth ar an stiúrthóir bainistíochta.<br><br>In FR: Ní mór údarú sonrach a bheith ag stiúrthóir bainistíochta ar ghníomhaíocht tráchtála, thionsclaíoch nó cheardaíochta, mura bhfuil cead cónaithe aige nó aici.<br><br>In RO: Saoránaigh den Rómáin a bheidh i dtromlach iniúchóirí na gcuideachtaí tráchtála agus i dtromlach a n-ionadaithe.<br><br>In SE: Beidh cónaí sa tSualainn ar stiúrthóir bainistíochta duine dhlítheanaigh nó bhrainse. |

[1] Maidir le hearnálacha seirbhísí, ní théann na teorainneacha sin thar na teorainneacha a léirítear sna gealltanais GATS atá ann cheana.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Gach earnáil | An cineál fiontair<br><br>In AT, CZ, SK: Is gá aistrithe ionchorparáideacha, céimithe faoi oiliúint agus díoltóirí gnó a bheith fostaithe ag fiontar seachas ag eagraíocht neamhbhrabúis; seachas sin neamhcheangailte.<br><br>In FI: Is gá pearsanra sinsearach a bheith fostaithe ag fiontar nach eagraíocht neamhbhrabúis é. |
| Gach earnáil | Aitheantas<br><br>AE: Treoracha an Aontais maidir le haitheantas frithpháirteach dioplómaí, níl feidhm acu ach amháin maidir le saoránaigh an Aontais. Leis an gceart chun seirbhís ghairmiúil rialaithe a chleachtadh i mBallstát amháin den Aontas Eorpach, ní dheonaítear an ceart chun cleachtadh i mBallstát eile den Aontas Eorpach[1]. |

[1] Chun gur féidir le náisiúnaigh tríú tír aitheantas a fháil ar fud an Aontais dá gcáilíochtaí, tá gá le comhaontú um aitheantas frithpháirteach, arna chaibidliú laistigh den chreat a shainítear in Airteagal 10.11.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 1. TALMHAÍOCHT, SEALGAIREACHT, FORAOISEACHT | |
| A. Talmhaíocht, sealgaireacht<br><br>(ISIC rev 3.1: 011, 012, 013, 014, 015) gan seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a áireamh[1] | In AT, DE, DK, HU, LT, MT, RO: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí talmhaíochta.<br><br>In CY: Ní cheadaítear rannpháirtíocht infheisteoirí MERCOSUR ach suas le 49 % (daichead a naoi faoin gcéad).<br><br>In FR: Tá údarú roimh ré ina cheangal chun bheith mar bhall de chomharchumann talmhaíochta nó gníomhú mar stiúrthóir air.<br><br>In FI: ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh Bhallstát LEE a bhfuil cónaí orthu sa limistéar tréadaíochta réinfhia bheith ina n-úinéir réinfhia agus feirmeoireacht réinfhianna a chleachtadh. Féadfar cearta eisiacha a dheonú.<br><br>In IE: Tá bunú gníomhaíochtaí muilleoireachta plúir ag cónaitheoirí de Stát Sínithe MERCOSUR faoi réir údarú. |

1 Tá seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann le talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht agus iascaireacht le fáil i SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.f).

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| B. Foraoiseacht agus lománaíocht<br><br>(ISIC rev 3.1: 020) gan seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a áireamh[1] | In BG, DE, LT: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí lománaíochta. |
| 2. IASCAIREACHT AGUS DOBHARSHAOTHRÚ<br><br>(ISIC leagan 3.1: 0501, 0502) gan seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a áireamh[2] | Neamhcheangailte. |

1 Tá seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann le talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht agus iascaireacht le fáil i SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.f).

2 Tá seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann le talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht agus iascaireacht le fáil i SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.f).

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 3. Mianadóireacht agus cairéalú[1]<br><br>A. Mianadóireacht ar ghual agus ligníte; baint móna<br><br>(ISIC rev 3.1: 10)<br><br>B. Eastóscadh peitriliam amh agus gáis nádúrtha[2]<br><br>(ISIC rev 3.1: 1110)<br><br>C. Mianadóireacht ar mhianraí miotail<br><br>(ISIC rev 3.1: 13)<br><br>D. Mianadóireacht agus cairéalú eile<br><br>(ISIC rev 3.1: 14) | AE: Neamhcheangailte i ndáil le daoine dlítheanacha atá faoi rialú daoine nádúrtha nó dlítheanacha as tír nach tír den Aontas Eorpach í, lena mbaineann breis agus 5 % (cúig faoin gcéad) d'allmhairí ola nó gáis nádúrtha an Aontais. Neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach (tá corprú ina cheanglas). Neamhcheangailte i ndáil le heastóscadh peitriliam amh agus gáis nádúrtha.<br><br>In CY: Neamhcheangailte. |

1 Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí.

2 Ní áirítear leis seo seirbhísí a bhaineann le mianadóireacht arna soláthar ar bhonn táille nó conartha ag olacheantair agus gáscheantair, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH faoi 19.A.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 4. MONARAÍOCHT[1] | |
| H. Foilsitheoireacht, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta<br>(ISIC rev 3.1: 22), seachas foilsitheoireacht agus priontáil ar bhonn táille nó conartha[2] | In IT: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh foilsitheoirí.<br>In PL: Coinníoll náisiúntachta do phríomheagarthóir nuachtán agus irisí.<br>In SE: Ceanglas cónaithe ar fhoilsitheoirí agus úinéirí cuideachtaí foilsitheoireachta agus clódóireachta. |

1 Ní áirítear san earnáil sin seirbhísí comhairleacha a bhaineann le monaraíocht, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.h).
2 Tá foilsitheoireacht agus priontáil ar bhonn táille nó conartha le fáil i SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.p.) Priontáil agus foilsitheoireacht.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 6. SEIRBHÍSÍ GNÓ | |
| A. Seirbhísí gairmiúla | |
| a) Seirbhísí dlí<br>(ALT 861)[1]<br>seachas seirbhísí comhairleacha dlí agus doiciméadachta dlí agus seirbhísí deimhniúcháin arna soláthar ag gairmithe dlí a gcuirtear feidhmeanna poiblí de chúram orthu, amhail nótairí, '*huissiers de justice*' nó '*officiers publics et ministériels*' eile | In AT, ES, EL, LT, MT, RO, SK: Tá glaoch iomlán chun an Bharra, atá ina cheanglas chun dlí intíre (an Aontais agus Ballstáit den Aontas Eorpach) a chleachtadh, faoi réir ceanglas náisiúntachta. In ES, féadfaidh na húdaráis inniúla tarscaoileadh a dheonú. In SK, tá sé nasctha le ceanglas cónaithe.<br>In CY, FI: Ceanglas náisiúntachta agus ceanglas cónaithe. Tá glaoch iomlán chun an Bharra ina cheanglas chun seirbhísí dlí a sholáthar. Tá glaoch chun an Bharra faoi réir ceanglas náisiúntachta, in éineacht le ceanglas cónaithe. Ní fhéadfaidh ach abhcóidí atá cláraithe leis an mBarra a bheith ina gcomhpháirtithe, ina scairshealbhóirí nó ina mbaill den bhord stiúrthóirí i gcuideachta dlí sa Chipir. |

[1] Áirítear leis sin seirbhísí comhairleacha dlí, seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla, seirbhísí eadrána dlíthiúla agus idir-réitigh nó idirghabhála, agus seirbhísí doiciméadachta agus deimhniúcháin dlí. Ní údaraítear soláthar seirbhísí dlí ach amháin i gcomhlíonadh an dlí idirnáisiúnta poiblí, dhlí an Aontais agus dhlí aon dlínse ina bhfuil an soláthróir seirbhíse nó a phearsanra cáilithe chun cleachtadh mar dhlíodóir, agus, mar atá soláthar seirbhísí eile, tá sé faoi réir ceanglais cheadúnúcháin agus nósanna imeachta is infheidhme i mBallstáit an Aontais Eorpaigh. I gcás dlíodóirí a sholáthraíonn seirbhísí dlí i ndáil leis an dlí idirnáisiúnta poiblí agus leis an dlí eachtrach, d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu sin, i measc nithe eile, na cóid eitice áitiúla a chomhlíonadh, teideal baile a úsáid (mura bhfuarthas aitheantas leis an teideal óstach), ceanglais árachais, clárú simplí le Barra na tíre óstaí nó glaoch simplithe chuig Barra na tíre óstaí trí thástáil inniúlachta agus sainchónaí dlíthiúil nó gairmiúil sa tír óstach. I bprionsabal, cuirfidh dlíodóir lánch√°ilithe a glaodh chun an Bharra i mBallstát den Aontas Eorpach, ag gníomhú dó go pearsanta, seirbhísí dlí i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh i gcrích nó cuirfidh sé i gcrích iad, i bprionsabal, trí dhlíodóir lánch#áilithe a glaodh chun an Bharra sa Bhallstát sin, ag gníomhú dó go pearsanta. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le glaoch iomlán chun an Bharra i mBallstát ábhartha an Aontais Eorpaigh chun ionadaíocht a dhéanamh os comhair na gcúirteanna agus údaráis inniúla eile san Aontas, ós rud é go mbaineann sé le cleachtas dhlí nós imeachta an Aontais agus cleachtadh an dlí nós imeachta náisiúnta. I roinnt Ballstát den Aontas Eorpach, áfach, ceadaítear do dhlíodóirí eachtracha nár tugadh glaoch iomlán chun an Bharra dóibh ionadaíocht a dhéanamh in imeachtaí sibhialta ar páirtí é ar náisiúnach den Stát é nó ar leis an Stát é ina bhfuil an dlíodóir i dteideal cleachtadh.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In BE: Tá glaoch iomlán chun an Bharra, atá ina cheanglas le haghaidh seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla, faoi réir ceanglas náisiúntachta. Is féidir díolúine a dheonú faoi choinníollacha sonracha (i measc coinníollacha eile, ceanglas cónaithe agus cómhalartacht). Tá feidhm ag cuótaí maidir le hionadaíocht os comhair 'Cour de cassation' i gcásanna neamh-choiriúla.<br><br>In BG: Ní féidir le dlíodóirí MERCOSUR ach seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla a sholáthar le náisiúnach de Stát sínithe MERCOSUR agus faoi réir cómhalartachta agus comhair le dlíodóir Bulgárach. Tá buanchónaí ina cheanglas le haghaidh seirbhísí idirghabhála dlí.<br><br>In CZ: Tá glaoch iomlán chun an Bharra ina cheanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Beidh feidhm ag ceanglais maidir le foirm dhlíthiúil neamh-idirdhealaitheach. Chun seirbhísí dlí a chleachtadh i ndáil leis an dlí náisiúnta (dlí an Aontais Eorpaigh agus dlí Bhallstát den Aontas), lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna, tá náisiúntacht LEE nó na hEilvéise agus cónaí i bPoblacht na Seice ina gceanglas.<br><br>In DK: Ní cheadaítear ach do dhlíodóirí a bhfuil ceadúnas Danmhargach acu chun dlí a chleachtadh seirbhísí dlí a dhéanamh faoin teideal 'Advokat'. I gcoitinne, is do dhlíodóirí a bhfuil ceadúnas Danmhargach acu chun an dlí a chleachtadh a fhorchoimeádtar an ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Daoine eile seachas dlíodóirí a bhfuil ceadúnas Danmhargach acu chun dlí a chleachtadh, féadfaidh siad seirbhísí dlí a dhéanamh i gcomhréir le hAcht na Danmhairge um Sheirbhísí Dlí, ach ní cheadaítear dóibh an teideal 'Advokat' a úsáid. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In ES: Tá náisiúntacht LEE nó na hEilvéise ina ceanglas chun seirbhísí gníomhaireachta maoine tionsclaíche a chleachtadh.<br><br>In HR: Tá glaoch iomlán chun an Bharra, atá ina cheangal le haghaidh seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla, faoi réir ceanglais náisiúntachta (náisiúntacht Bhallstát den Aontas Eorpach).<br><br>In FI: Ní mór cónaí a bheith ar ghníomhaire paitinne in LEE chun go mbeadh sé taifeadta i gClár na nGníomhairí Paitinne, rud atá riachtanach chun an ghairm a chleachtadh.<br><br>In FR: Tá glaoch iomlán chun an Bharra ina cheanglas chun seirbhísí dlí a chleachtadh i dtaobh dhlí na Fraince, lena n-áirítear ionadaíocht os comhair na gcúirteanna. Tá cónaitheacht (láithreacht tráchtála) ina cheanglas chun glaoch iomlán chun an Bharra a fháil. Chun seirbhísí dlí a sholáthar i dtaobh dhlí tíre (dlí an Aontais agus dlí Bhallstáit den Aontas), d’fhéadfadh go mbeadh láithreacht tráchtála ina ceangal chun ceann de na foirmeacha dlí a thógáil atá ceadaithe faoin dlí náisiúnta ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Féadfar cineálacha áirithe d’fhoirmeacha dlí a fhorchoimeád go heisiach do dhlíodóirí arna nglao chun an bharra, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach freisin. Tá ionadaíocht os comhair ‘*Cour de Cassation*’ agus ‘*Conseil d’État*’ faoi réir cuótaí. I ngnólacht dlí a sholáthraíonn seirbhísí i ndáil le dlí na Fraince nó dlí an Aontais, féadfaidh scairshealbhaíocht agus cearta vótála a bheith faoi réir srianta cainníochtúla a bhaineann le gníomhaíocht ghairmiúil na gcomhpháirtithe. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In HU: Tá glaoch iomlán chun an Bharra faoi réir ceanglas náisiúntachta, in éineacht le ceanglas cónaithe. Le haghaidh dlíodóirí eachtracha, tá raon feidhm na ngníomhaíochtaí dlí teoranta do sholáthar comhairle dlí, nach mór go dtarlódh sé ar bhonn chonradh comhoibrithe arna chur i gcrích le haturnae nó comhlacht dlí Ungárach.<br><br>In LV: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh aturnaetha faoi mhionn agus is dóibh atá ionadaíocht dhlíthiúil in imeachtaí coiriúla forchoimeádta.<br><br>In PT: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh rochtain ar an ngairm ‘solicitadores’ agus le haghaidh gníomhairí maoine tionsclaíche.<br><br>In SI: tá ionadaíocht a íoctar ar chliaint os comhair na cúirte faoin gcoinníoll maidir le láithreacht tráchtála sa tSlóivéin. Dlíodóir eachtrach a bhfuil sé de cheart aige an dlí a chleachtadh i dtír eachtrach, féadfaidh sé seirbhísí dlí a sholáthar nó an dlí a chleachtadh faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 34a d’Acht na nAturnaetha, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníoll na cómhalartachta iarbhír. Is é an Aireacht Dlí agus Cirt a fhíoraíonn go bhfuil coinníoll na cómhalartachta á chomhlíonadh. Tá láithreacht tráchtála d’aturnaetha ceaptha ag Comhlachas Barra na Slóivéine srianta do dhílseánacht aonair, gnólacht dlí faoi dhliteanas teoranta (comhpháirtíocht) nó do ghnólacht dlí faoi dhliteanas neamhtheoranta (comhpháirtíocht) amháin. Srianfar gníomhaíochtaí gnólachta dlí do chleachtadh an dlí. Ní fhéadfaidh ach aturnaetha a bheith ina gcomhpháirtithe i ngnólacht dlí.<br><br>In SE: Tá glaoch iomlán chun an Bharra, nach bhfuil ina cheanglas ach amháin chun an teideal Sualannach ‘advokat’ a úsáid, faoi réir ceanglas cónaithe. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| b) 1. Seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta<br>(ALT 86212 seachas ‘seirbhísí iniúchóireachta’, ALT 86213, ALT 86219 agus ALT 86220) | In AT: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh ionadaíocht os comhair na n-údarás inniúil.<br>In FR: Tá soláthar seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta ag soláthraí eachtrach mar choinníoll do chinneadh ag an Aire Eacnamaíochta, Airgeadais agus Tionscail, i gcomhaontú leis an Aire Gnóthaí Eachtracha.<br>In CY: Deonaítear ceadúnas speisialta do ghairmithe tríú tír, faoi réir coinníollacha ar leith. |
| b) 2. Seirbhísí iniúchóireachta<br>(ALT 86211 agus 86212 cé is moite de sheirbhísí cuntasaíochta) | In AT: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh ionadaíocht os comhair na n-údarás inniúil agus chun iniúchtaí a dhéanamh dá bhforáiltear i ndlíthe sonracha na hOstaire (ina measc, dlí na gcuideachtaí comhstoic, dlí an stocmhalartáin, agus an dlí baincéireachta).<br>In DK: Ceanglas cónaithe.<br>In ES: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh iniúchóirí reachtúla, riarthóirí, stiúrthóirí agus comhpháirtithe cuideachtaí seachas iad siúd a chumhdaítear le Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla de chuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle, IO L 157, 9.6.2006, lch. 87. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In FI: Ceanglas cónaithe le haghaidh duine amháin ar a laghad d'iniúchóirí cuideachta dliteanais Fionlannaí.<br>In HR: Ní féidir ach le hiniúchóirí deimhnithe a bhfuil ceadúnas acu atá aitheanta go foirmiúil ag Comhlachas Iniúchóirí na Cróite seirbhísí iniúchóireachta a sholáthar.<br>In IT: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh riarthóirí, stiúrthóirí agus comhpháirtithe cuideachtaí seachas iad siúd a chumhdaítear le Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla de chuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle, IO L 157, 9.6.2006, lch. 87. Ceanglas cónaithe d'iniúchóirí ar daoine nádúrtha iad.<br>In SE: Ní fhéadfaidh ach iniúchóirí arna bhformheas sa tSualainn seirbhísí iniúchóireachta dlíthiúla a dhéanamh in eintitis dhlíthiúla áirithe, i measc nithe eile, i ngach cuideachta theoranta. Tá cónaitheacht ina ceanglas le haghaidh formheasa.<br>In CY: Deonaítear ceadúnas speisialta d'iniúchóirí tríú tír, faoi réir coinníollacha áirithe. |
| c) Seirbhísí comhairleacha cánachais<br>(ALT 863)[1] | In AT: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh ionadaíocht os comhair na n-údarás inniúil.<br>In BG: Ceanglas náisiúntachta ar speisialtóirí.<br>In HU: Ceanglas cónaithe.<br>In CY: Deonaítear ceadúnas speisialta do ghairmithe tríú tír, faoi réir coinníollacha ar leith. |

1 Ní áirítear leis seirbhísí comhairleacha dlíthiúla ná seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla maidir le cúrsaí cánach, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ DLÍ faoi 6.A.a).

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| d) Seirbhísí ailtireachta<br>agus<br>e) Seirbhísí pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha<br>(ALT 8671 agus ALT 8674) | In EE: Ní mór duine freagrach amháin ar a laghad (bainisteoir tionscadail nó comhairleoir) a bheith ina chónaí san Eastóin.<br>In BG: Ní mór taithí 2 bhliain (dhá bhliain) ar a laghad a bheith ag speisialtóirí eachtracha i réimse na foirgníochta. Ceanglas náisiúntachta le haghaidh seirbhísí pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha.<br>In CZ, EL, HR, HU: Ceanglas cónaithe.<br>In CY: Tá feidhm ag an gceanglas náisiúntachta.<br>In SK: Ceanglas cónaithe agus ceanglas náisiúntachta. |
| f) Seirbhísí innealtóireachta<br>agus<br>g) Seirbhísí innealtóireachta comhtháite<br>(ALT 8672 agus ALT 8673) | In EE: Ní mór duine freagrach amháin ar a laghad (bainisteoir tionscadail nó comhairleoir) a bheith ina chónaí san Eastóin.<br>In BG: Ní mór taithí 2 bhliain (dhá bhliain) ar a laghad a bheith ag speisialtóirí eachtracha i réimse na foirgníochta.<br>In HR: Ceanglas cónaithe.<br>In EL, HU: Ceanglas cónaithe (i gcás ALT 8673, níl feidhm ag ceanglas cónaithe ach i ndáil le céimithe faoi oiliúint).<br>In CY: Tá feidhm ag an gceanglas náisiúntachta.<br>In SK: Ceanglas cónaithe agus ceanglas náisiúntachta. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| h) Seirbhísí leighis (síceolaithe san áireamh) agus seirbhísí fiaclóireachta<br><br>ALT 9312 agus cuid de ALT 85201 | In CZ, IT, LT, SK: Ceanglas cónaithe.<br><br>In CZ, SK: Ceanglaítear údarú a fháil ó na húdaráis inniúla le haghaidh daoine nádúrtha eachtracha.<br><br>In BE, LU, SI: I gcás na gcéimithe faoi oiliúint, ceanglaítear údarú a fháil ó na húdaráis inniúla le haghaidh daoine nádúrtha eachtracha.<br><br>In BG, CY, MT: Ceanglas náisiúntachta.<br><br>In DK: Is féidir údarú teoranta a thabhairt chun feidhm shonrach a chomhlíonadh ar feadh suas le 18 mí (ocht mí dhéag) agus baineann ceanglas cónaithe leis.<br><br>In FR: Ceanglas náisiúntachta. Mar sin féin, féadtar rochtain a fháil laistigh de chuótaí a bhunaítear go bliantúil.<br><br>In HR: Ní mór ceadúnas ón gcomhlachas gairmiúil a bheith ag gach duine a sholáthraíonn seirbhísí go díreach d'othair nó a chuireann cóir leighis ar othair.<br><br>In LV: Tástálacha riachtanas eacnamaíoch do dhochtúirí agus d'fhiaclóirí i réigiún ar leith.<br><br>In PL: Tá cead chun gairm na míochaine a chleachtadh ina cheanglas le haghaidh eachtrannaigh. Tá cearta toghcháin teoranta ag dochtúirí leighis eachtracha laistigh de na cláir gairmiúla.<br><br>In PT: Ceanglas cónaithe le haghaidh síceolaithe. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| i) Seirbhísí tréidliachta<br>(ALT 932) | In BG, CY, DE, EL, FR, HR, HU: Ceanglas náisiúntachta (in FR: teoranta do shaoránaigh AE agus LEE).<br>In CZ, SK: Ceanglas náisiúntachta agus ceanglas cónaithe.<br>In DK, IT: Ceanglas cónaithe.<br>In PL: Ceanglas náisiúntachta. Féadfaidh daoine eachtracha iarratas a dhéanamh ar chead chun cleachtadh. |
| j) 1. Seirbhísí cnáimhseachais<br>(cuid de ALT 93191) | In BE, LU: I gcás na gcéimithe faoi oiliúint, ceanglaítear údarú a fháil ó na húdaráis inniúla le haghaidh daoine nádúrtha eachtracha.<br>In DK: Is féidir údarú teoranta chun feidhm shonrach a chomhlíonadh a thabhairt ar feadh 18 mí (ocht mí dhéag) ar a mhéad agus baineann ceanglas cónaithe leis.<br>In FR: Ceanglas náisiúntachta. Mar sin féin, féadtar rochtain a fháil laistigh de chuótaí a bhunaítear go bliantúil.<br>In HR: Ní mór ceadúnas ón gcomhlachas gairmiúil a bheith ag gach duine a sholáthraíonn seirbhísí go díreach d’othair nó a chuireann cóir leighis ar othair.<br>In CY, HU: Ceanglas náisiúntachta.<br>In CZ: Neamhcheangailte.<br>In DK: Is féidir údarú teoranta a thabhairt chun feidhm shonrach a chomhlíonadh ar feadh suas le 18 mí (ocht mí dhéag) agus baineann ceanglas cónaithe leis. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In IT, SK: Ceanglas cónaithe.<br>In LV: Faoi réir tástálacha riachtanas eacnamaíoch, arna gcinneadh de réir líon iomlán na gcnáimhseach i réigiún ar leith, arna n-údarú ag údaráis sláinte áitiúla.<br>In LT: Ceanglaítear údarú a fháil ó na húdaráis inniúla le haghaidh daoine nádúrtha eachtracha.<br>In PL: Ceanglas náisiúntachta. Féadfaidh daoine eachtracha iarratas a dhéanamh ar chead chun cleachtadh. |
| j) 2. Seirbhísí a sholáthraíonn altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine<br>(cuid de ALT 93191) | In BE, FR, LU: I gcás na gcéimithe faoi oiliúint, ceanglaítear údarú a fháil ó na húdaráis inniúla le haghaidh daoine nádúrtha eachtracha.<br>In RO, SK: Ceanglaítear údarú a fháil ó na húdaráis inniúla le haghaidh daoine nádúrtha eachtracha.<br>In DK: Is féidir údarú teoranta a thabhairt chun feidhm shonrach a chomhlíonadh ar feadh suas le 18 mí (ocht mí dhéag) agus baineann ceanglas cónaithe leis.<br>In HR: Ní mór ceadúnas ón gcomhlachas gairmiúil a bheith ag gach duine a sholáthraíonn seirbhísí go díreach d’othair nó a chuireann cóir leighis ar othair.<br>In HU, CY: Ceanglas náisiúntachta.<br>In LV: Faoi réir tástálacha riachtanas eacnamaíoch, arna gcinneadh de réir líon iomlán na n-altraí i réigiún ar leith, arna n-údarú ag údaráis sláinte áitiúla.<br>In LT: Ceanglaítear údarú a fháil ó na húdaráis inniúla le haghaidh daoine nádúrtha eachtracha.<br>In SK: Ceanglas cónaithe. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| k) Miondíol earraí cógaisíochta agus miondíol earraí leighis agus ortaipéideacha<br><br>(ALT 63211)<br><br>agus seirbhísí eile a sholáthraíonn cógaiseoirí[1] | In FR: Tá náisiúntacht LEE nó na hEilvéise ina ceanglas chun cógaslann a oibriú. Féadfar cead a thabhairt do chógaiseoirí eachtracha bunú laistigh de chuótaí bunaithe.<br><br>In DE, EL, SK, CY: Ceanglas náisiúntachta.<br><br>In HU: Ceanglas náisiúntachta ach amháin maidir le miondíol earraí cógaisíochta agus miondíol earraí leighis agus ortaipéideacha (ALT 93191).<br><br>In IT, PT, SK: Ceanglas cónaithe. |
| D. Seirbhísí maoine réadaigh[2] | |
| a) A bhaineann le réadmhaoin an duine féin nó réadmhaoin ar léas<br><br>(ALT 821) | In FR, HU, IT, PT: Ceanglas cónaithe.<br><br>In SI: Ceanglas náisiúntachta. |
| b) Ar bhonn táille nó conartha<br><br>(ALT 822) | In DK: Ceanglas cónaithe mura ndéanann Údarás Gnó na Danmhairge é a tharscaoileadh.<br><br>In FR, HU, IT, PT: Ceanglas cónaithe.<br><br>In SI: Ceanglas náisiúntachta. |

1 Tá soláthar cógas don phobal i gcoitinne, mar atá soláthar seirbhísí eile, faoi réir ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnaithe agus cáilíochta is infheidhme i mBallstáit an Aontais Eorpaigh. Mar riail ghinearálta, forchoimeádtar an ghníomhaíocht sin do chógaiseoirí. I roinnt Ballstát, ní fhorchoimeádtar do chógaiseoirí ach soláthar drugaí ar oideas.

2 Is le gairm an ghníomhaire eastáit a bhaineann an tseirbhís lena mbaineann agus ní dhéanann sí difear d’aon cheart ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha, ná d’aon srian orthu, réadmhaoin a cheannach.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| E. Seirbhísí cíosa/léasaithe gan oibreoirí | |
| e) A bhaineann le hearraí pearsanta agus tí<br>(ALT 832) | AE: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí agus céimithe faoi oiliúint. |
| f) Trealamh teileachumarsáide a fháil ar cíos<br>(ALT 7541) | AE: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí agus céimithe faoi oiliúint. |
| F. Seirbhísí gnó eile | |
| e) Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla<br>(ALT 8676) | In IT, PT: Ceanglas cónaithe le haghaidh bitheolaithe agus anailísithe ceimiceacha. |
| f) Seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann le talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht<br>(cuid de ALT 881) | In IT: Ceanglas cónaithe d'agranamaithe ('*periti agrari*'). |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| j) 2. Seirbhísí slándála<br><br>(ALT 87302, ALT 87303, ALT 87304 agus ALT 87305) | In BE: Ceanglas náisiúntachta agus ceanglas cónaithe le haghaidh pearsanra bainistíochta.<br><br>In BG, CY, CZ, EE, LV, LT, MT, PL, RO, SI, SK: Ceanglas náisiúntachta agus ceanglas cónaithe.<br><br>In DK: Ceanglas náisiúntachta agus ceanglas cónaithe ar bhainisteoirí agus ar sheirbhísí garda aerfoirt.<br><br>In PT: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh pearsanra speisialaithe.<br><br>In FR: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh stiúrthóirí bainistíochta agus stiúrthóirí.<br><br>In IT: Ceanglais náisiúntachta agus ceanglas cónaithe chun an t-údarú a fháil a bhfuil gá leis chun seirbhísí garda slándála a sholáthar, chomh maith le hiompar nithe luachmhara.<br><br>In ES: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh pearsanra slándála. |
| k) Seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíochta agus teicniúla<br><br>(ALT 8675) | In BG: Ceanglas náisiúntachta ar speisialtóirí.<br><br>In DE: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh suirbhéirí a cheaptar go poiblí.<br><br>In FR: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh oibríochtaí 'suirbhéireachta' a bhaineann le cearta maoine a bhunú agus le dlí na talún.<br><br>In IT, PT: Ceanglas cónaithe. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| l) 1. Cothabháil agus deisiú soithí<br><br>(cuid de ALT 8868) | In MT: Ceanglas náisiúntachta. |
| l) 2. Cothabháil agus deisiú trealaimh iompair d'iarnród<br><br>(cuid de ALT 8868) | In LV: Ceanglas náisiúntachta. |
| l) 3. Cothabháil agus deisiú mótarfheithiclí, gluaisrothar, mótar sneachta agus trealamh iompair de bóthair<br><br>(ALT 6112, ALT 6122, cuid de ALT 8867 agus cuid de ALT 8868) | AE: I gcás cothabháil agus deisiú mótarfheithiclí, gluaisrothar agus mótar sneachta, ceanglas náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí agus céimithe faoi oiliúint. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| l) 5. Cothabháil agus deisiú táirgí miotail, innealra (neamh-oifige), trealaimh (neamh-iompair agus neamh-oifige) agus earraí pearsanta agus tí[1]<br><br>(ALT 633, ALT 7545, ALT 8861, ALT 8862, ALT 8864, ALT 8865 agus ALT 8866) | AE: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh céimithe faoi oiliúint, cé is moite de:<br>– BE, DE, DK, ES, FR, EL, HU, IE, IT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SE le haghaidh ALT 633, 8861, 8866;<br>– In BG le haghaidh seirbhísí deisithe earraí pearsanta agus tí (cé is moite de sheodra): ALT 63301, 63302, cuid de 63303, 63304, 63309;<br>– AT le haghaidh ALT 633, 8861-8866;<br>– EE, FI, LV, LT le haghaidh ALT 633, 8861-8866;<br>– CZ, SK le haghaidh ALT 633, 8861-8865; agus<br>– SI le haghaidh ALT 633, 8861, 8866. |
| m) Seirbhísí glantacháin foirgneamh<br><br>(ALT 874) | In CY, EE, HR, MT, PL, RO, SI: Ceanglas náisiúntachta ar speisialtóirí. |
| n) Seirbhísí fótagrafaíochta<br><br>(ALT 875) | In HR, LV: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh seirbhísí speisialta fótagrafaíochta.<br><br>In PL: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh soláthar sheirbhísí aer-ghrianghrafadóireachta. |

[1] Seirbhísí cothabhála agus deisithe trealaimh iompair (ALT 6112, 6122, 8867 agus ALT 8868) le fáil faoi 6.F.l) 1. Cothabháil agus deisiú soithí go 6.F.l) 3. Cothabháil agus deisiú mótarfheithiclí, gluaisrothar, mótar sneachta agus trealamh iompair de bóthair.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| p) Priontáil agus Foilsitheoireacht<br>(ALT 88442) | In SE: Ceanglas cónaithe ar fhoilsitheoirí agus úinéirí cuideachtaí foilsitheoireachta agus clódóireachta.<br>In HR: Ceanglas cónaithe le haghaidh foilsitheoirí. |
| q) Seirbhísí coinbhinsiúin<br>(cuid de ALT 87909) | In SI: Ceanglas náisiúntachta. |
| r) 1. Seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta<br>(ALT 87905) | In FI: Ceanglas cónaithe le haghaidh aistritheoirí deimhnithe.<br>In CY: Ceanglas náisiúntachta agus ceanglas cónaithe. |
| r) 3. Seirbhísí gníomhaireachta bailiúcháin<br>(ALT 87902) | In BE, EL, IT: Ceanglas náisiúntachta. |
| r) 4. Seirbhísí tuairiscithe creidmheasa<br>(ALT 87901) | In BE, EL, IT: Ceanglas náisiúntachta. |
| r) 5. Seirbhísí cóipeála<br>(ALT 87904)[1] | AE: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí agus céimithe faoi oiliúint. |

1 Ní áirítear leis seo seirbhísí priontála, a thagann faoi ALT 88442 agus atá le fáil faoi 6.F.p) Priontáil agus foilsitheoireacht.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 8. SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA AGUS SEIRBHÍSÍ A BHAINEANN LE hINNEALTÓIREACHT<br>(ALT 511, ALT 512, ALT 513, ALT 514, ALT 515, ALT 516, ALT 517 agus ALT 518) | In BG: Ní mór taithí 2 bhliain (dhá bhliain) ar a laghad a bheith ag speisialtóirí eachtracha i réimse na foirgníochta.<br>In CY: Tá feidhm ag coinníollacha sonracha agus is gá údarú a fháil. |
| 9. SEIRBHÍSÍ DÁILEACHÁIN<br>(seachas dáileadh arm, muinisean agus ábhar cogaidh) | In CY: Ceanglas náisiúntachta agus ceanglas cónaithe le haghaidh dáileadh fuinnimh. |
| C. Seirbhísí trádála miondíola[1] | In CY: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh earraí cógaisíochta, leighis agus ortaipéideacha agus seirbhísí eile arna soláthar ag cógaiseoirí. |
| c) Seirbhísí miondíola bia<br>(ALT 631) | In FR: Tá náisiúntacht ina ceanglas ar thobacadóirí (‘buraliste’). |

1 Ní áirítear leis seo seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.l) 1, 2, 3 agus 5.
Ní áirítear leis seo seirbhísí miondíola táirgí fuinnimh atá le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH faoi 19.A.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 10. SEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS (seirbhísí a chistítear go príobháideach amháin) | |
| A. Seirbhísí bunoideachais<br>(ALT 921) | In FR: Tá náisiúntacht AE ina ceangal chun múineadh in institiúid oideachais arna maoiniú go príobháideach. Féadfaidh náisiúnaigh eachtracha údarú a fháil ó na húdaráis inniúla ábhartha, áfach, chun múineadh in institiúidí bunoideachais. Féadfaidh náisiúnaigh eachtracha údarú a fháil freisin ó na húdaráis inniúla ábhartha chun institiúidí bunoideachais a bhunú agus a oibriú nó a bhainistiú. Deonaítear údarú den sórt sin ar bhonn roghnach.<br>In IT: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh soláthraithe seirbhísí atá údaraithe chun dioplómaí Stát-aitheanta a eisiúint.<br>In EL: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh múinteoirí. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. Seirbhísí meánoideachais<br>(ALT 922) | In FR: Tá náisiúntacht AE ina ceangal chun múineadh in institiúid oideachais arna maoiniú go príobháideach. Féadfaidh náisiúnaigh eachtracha údarú a fháil ó na húdaráis inniúla ábhartha, áfach, chun múineadh in institiúidí meánoideachais. Féadfaidh náisiúnaigh eachtracha údarú a fháil freisin ó na húdaráis inniúla ábhartha chun institiúidí meánoideachais a bhunú agus a oibriú nó a bhainistiú. Deonaítear údarú den sórt sin ar bhonn roghnach.<br>In IT: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh soláthraithe seirbhísí atá údaraithe chun dioplómaí Stát-aitheanta a eisiúint.<br>In EL: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh múinteoirí.<br>In LV: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh seirbhísí oideachais teicniúla agus gairmiúla de chineál meánscoile le haghaidh daltaí atá faoi mhíchumas (ALT 9224). |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. Seirbhísí ardoideachais<br>(ALT 923) | In FR: Tá náisiúntacht AE ina ceangal chun múineadh in institiúid oideachais arna maoiniú go príobháideach. Féadfaidh náisiúnaigh eachtracha údarú a fháil ó na húdaráis inniúla ábhartha, áfach, chun múineadh in institiúidí ardoideachais. Féadfaidh náisiúnaigh eachtracha údarú a fháil freisin ó na húdaráis inniúla ábhartha chun institiúidí oideachais ardleibhéil a bhunú agus a oibriú nó a bhainistiú. Deonaítear údarú den sórt sin ar bhonn roghnach.<br>In CZ, SK: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh seirbhísí ardoideachais, seachas seirbhísí iar-mheánscoile teicniúla agus gairmoideachais (ALT 92310).<br>In IT: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh soláthraithe seirbhísí atá údaraithe chun dioplómaí Stát-aitheanta a eisiúint.<br>In DK: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh ollúna. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 12. SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS | |
| A. Árachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas | In AT: Ní mór go gcuimseodh bainisteoirí oifige brainse ar a laghad (2) beirt nádúrtha a bhfuil cónaí orthu san Ostair.<br><br>In EE: I gcás árachais dhírigh, ní fhéadfar náisiúnaigh de stát sínithe MERCOSUR a áireamh i gcomhlacht bainistíochta cuideachta comhstoic árachais ag a bhfuil rannpháirtíocht chaipitil ach amháin i gcomhréir le rannpháirtíocht MERCOSUR agus in aon chás, ní fhéadfar níos mó ná leath de chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta a áireamh. Ní mór cead buanchónaithe san Eastóin a bheith ina cheann bainistíochta ar fhochuideachta nó ar chuideachta neamhspleách.<br><br>In ES: Ceanglas cónaithe le haghaidh gairm na hachtúireachta (nó de rogha air sin 2 bhliain (dhá bhliain) de thaithí)<br><br>In IT: Ceanglas cónaithe le haghaidh gairm na hachtúireachta.<br><br>In HR: Ceanglas cónaithe.<br><br>In FI: Leathchuid ar a laghad de chomhaltaí den bhord stiúrthóirí agus den bhord maoirseachta, beidh a n-áit chónaithe acu in LEE, murab é go bhfuil díolúine deonaithe dóibh ag na húdaráis inniúla. Beidh buanáit chónaithe ag iniúchóir amháin ar a laghad in LEE. Ní mór don ghníomhaire ginearálta cuideachta árachais MERCOSUR a áit chónaithe a bheith aige san Fhionlainn, mura bhfuil ceannoifig na cuideachta san Aontas Eorpach. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile (seachas árachas) | In BG: Tá buanchónaí sa Bhulgáir ina cheangal ar na stiúrthóirí feidhmiúcháin agus ar an ngníomhaire bainistíochta.<br>In FI: Beidh a n-áit chónaithe san Aontas ag stiúrthóir bainistíochta agus iniúchóir amháin ar a laghad ar institiúidí creidmheasa, ach amháin má tá díolúine deonaithe ag an Údarás um Maoirseacht Airgeadais. Beidh a áit chónaithe ag an mbróicéir (duine nádúrtha) ar mhalartú díorthach san Aontas.<br>In IT: Ceanglas cónaithe laistigh de chríoch Ballstáit den Aontas Eorpach le haghaidh '*promotori di servizi finanziari*' (díoltóirí airgeadais).<br>In LT: Ní mór Liotuáinis a bheith ag ceannaire amháin ar a laghad de riarachán bainc.<br>In PL: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh ceann amháin ar a laghad de na feidhmeannaigh bhainc.<br>In HR: Ceanglas cónaithe. Stiúrfaidh an bord bainistíochta gnó institiúide creidmheasa ó chríoch na Cróite. Ní mór do chomhalta amháin ar a laghad den bhord bainistíochta a bheith líofa sa Chróitis. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 13. SEIRBHÍSÍ SLÁINTE AGUS SEIRBHÍSÍ SÓISIALTA<br>(Seirbhísí arna gcistiú go príobháideach amháin)<br>A. Seirbhísí ospidéil<br>(ALT 9311)<br>B. Seirbhísí otharchairr<br>(ALT 93192)<br>C. Saoráidí cónaitheacha sláinte seachas seirbhísí ospidéil<br>(ALT 93193)<br>E. Seirbhísí sóisialta<br>(ALT 933) | In FR: Le haghaidh seirbhísí ospidéil agus otharchairr, saoráidí sláinte cónaithe (seachas saoráidí ospidéil) agus seirbhísí sóisialta, tá údarú riachtanach chun feidhmeanna bainistíochta a chleachtadh. Cuirtear san áireamh sa phróiseas údarúcháin bainisteoirí áitiúla a bheith ar fáil.<br>In LV: Tástálacha riachtanas eacnamaíoch le haghaidh dochtúirí, fiaclóirí, cnáimhsigh, altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimíochaine.<br>In PL: Tá cead gairm na míochaine a chleachtadh ina cheanglas le haghaidh eachtrannaigh. Tá cearta toghcháin teoranta ag dochtúirí leighis eachtracha laistigh de na cláir gairmiúla.<br>In HR: Ní mór ceadúnas ón gcomhlachas gairmiúil a bheith ag gach duine a sholáthraíonn seirbhísí go díreach d'othair nó a chuireann cóir leighis ar othair.<br>In SI: Tá ceadúnas agus údarú ón Aireacht Shláinte ag teastáil ó gach duine a sholáthraíonn seirbhísí go díreach d'othair nó a chuireann cóir leighis ar othair chun seirbhísí sláinte a sholáthar. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 14. SEIRBHÍSÍ TURASÓIREACHTA AGUS SEIRBHÍSÍ A BHAINEANN LE TAISTEAL | |
| A. Óstáin, bialanna agus lónadóireacht<br>(ALT 641, ALT 642 agus ALT 643)<br>gan lónadóireacht i seirbhísí aeriompair san áireamh | In BG: An líon bainisteoirí eachtracha, ní sháróidh sé an líon bainisteoirí ar náisiúnaigh Bhulgáracha iad, más mó sciar an phobail (sciar stáit nó bardasach) i gcaipiteal cothromais cuideachta Bulgáraí ná 50 % (caoga faoin gcéad).<br>In HR: Ceanglas náisiúntachta do sheirbhísí fáilteachais agus lónadóireachta i dteaghlaigh agus i dtithe tuaithe. |
| B. Seirbhísí gníomhaireachtaí taistil agus tionscnóirí turais (bainisteoirí turais san áireamh)<br>(ALT 7471) | In BG: An líon bainisteoirí eachtracha, ní sháróidh sé an líon bainisteoirí ar náisiúnaigh Bhulgáracha iad, más mó sciar an phobail (sciar stáit nó bardasach) i gcaipiteal cothromais cuideachta Bulgáraí ná 50 % (caoga faoin gcéad).<br>In HR: Ceadú na hAireachta Turasóireachta le haghaidh post bainisteora oifige. |
| C. Seirbhísí treoraithe do thurasóirí<br>(ALT 7472) | In BG, CY, ES, HR, HU, IT, LT, MT, PL, SK: Ceanglas náisiúntachta.<br>In EL: Tá dioplóma ó Scoileanna Treoraithe Turasóireachta Aireacht Thurasóireachta na Gréige ina cheanglas. Is féidir é a tharscaoileadh má dheimhnítear nach ann do threoraí turasóireachta le haghaidh teanga ar leith.<br>In FR: Forchoimeádann an Fhrainc an ceart náisiúntacht AE a cheangal chun seirbhísí treoraithe turasóireachta a sholáthar ina críoch. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 15. SEIRBHÍSÍ ÁINEASA, CULTÚRTHA AGUS SPÓIRT<br>(seachas seirbhísí closamhairc) | |
| A. Seirbhísí siamsaíochta (lena n-áirítear seirbhísí amharclainne, bannaí beo, sorcais agus dioscó)<br>(ALT 9619) | In FR: Tá gá le húdarú chun rochtain a fháil ar fheidhmeanna bainistíochta. Tá an t-údarú faoi réir ceanglas náisiúntachta má tá gá le húdarú ar feadh níos mó ná 2 bhliain (dhá bhliain). |
| 16. IOMPAR<br>SEIRBHÍSÍ | |
| A. Muiriompair | |
| a) Iompar idirnáisiúnta paisinéirí<br>(ALT 7211 lúide iompar cabatáiste náisiúnta).<br>b) Iompar idirnáisiúnta lasta<br>(ALT 7212 lúide iompar cabatáiste náisiúnta) | AE: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh criú loinge.<br>In AT: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh fhormhór na stiúrthóirí bainistíochta. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| D. Iompar de bhóthar | |
| a) Iompar paisinéirí<br>(ALT 7121 agus ALT 7122) | In AT: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh daoine agus scairshealbhóirí atá i dteideal ionadaíocht a dhéanamh do dhuine dlítheanach nó do chomhpháirtíocht.<br>In DK, HR: Ceanglas náisiúntachta agus ceanglas cónaithe le haghaidh bainisteoirí.<br>In BG, MT, CY: Ceanglas náisiúntachta. |
| b) Iompar lasta<br>(ALT 7123, seachas míreanna poist agus cúiréireachta a iompar ar a chuntas féin) | In AT: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh daoine agus scairshealbhóirí atá i dteideal ionadaíocht a dhéanamh do dhuine dlítheanach nó do chomhpháirtíocht.<br>In BG, MT: Ceanglas náisiúntachta.<br>In HR: Ceanglas náisiúntachta agus ceanglas cónaithe le haghaidh bainisteoirí. |
| E. Iompar píblíne earraí seachas breosla[1]<br>(ALT 7139) | In AT: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh stiúrthóirí bainistíochta. |

[1] Tá iompar breoslaí trí phíblíne le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH faoi 19.B.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 17. SEIRBHÍSÍ CÚNTA IOMPAIR[1] | |
| A. Seirbhísí cúnta muiriompair<br>a) Seirbhísí láimhseála lasta mhuirí<br>b) Seirbhísí stórála agus ollstórála<br>(cuid de ALT 742)<br>c) Seirbhísí imréitigh custaim<br>d) Stáisiún coimeádán agus seirbhísí iosta<br>e) Seirbhísí gníomhaireachta muirí | In AT: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh fhormhór na stiúrthóirí bainistíochta.<br>In BG, MT: Ceanglas náisiúntachta.<br>In DK: Ceanglas cónaithe le haghaidh seirbhísí imréitigh custaim.<br>In EL: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh seirbhísí imréitigh custaim.<br>In IT: Ceanglas cónaithe le haghaidh 'raccomandatorio marittimo' (gníomhaire loingseoireachta). |

1 Ní áirítear leis seo seirbhísí cothabhála agus deisithe trealaimh iompair, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.l) 1. Cothabháil agus deisiú soithí go 6.F.l) 3. Cothabháil agus deisiú mótarfheithiclí, gluaisrothar, mótar sneachta agus trealamh iompair de bóthair.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| f) Seirbhísí seolta lasta mhuirí<br><br>g) Soithí a ligean ar cíos le criú<br><br>(ALT 7213)<br><br>h) Seirbhísí brú agus tarraingthe<br><br>(ALT 7214)<br><br>i) Seirbhísí tacaíochta muiriompair<br><br>(cuid de ALT 745)<br><br>j) Seirbhísí cúnta eile (seachas lónadóireacht)<br><br>(cuid de ALT 749) | |
| D. Seirbhísí cúnta iompair de bhóthar<br><br>d) Feithiclí tráchtála de bhóthar ar cíos le hoibreoirí<br><br>(ALT 7124) | In AT: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh daoine agus scairshealbhóirí atá i dteideal ionadaíocht a dhéanamh do dhuine dlítheanach nó do chomhpháirtíocht.<br><br>In BG, MT, Ceanglas náisiúntachta.<br><br>In CY: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh tiománaithe tacsaí. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| F. Seirbhísí cúnta iompair earraí seachas breosla trí phíblíne[1]<br><br>a) Seirbhísí stórála agus stórais earraí seachas breosla a iompraítear trí phíblínte<br><br>(cuid de ALT 742) | In AT: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh stiúrthóirí bainistíochta. |

1 Tá seirbhísí cúnta d'iompar breoslaí trí phíblíne le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH faoi 19.A.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 19. SEIRBHÍSÍ FUINNIMH | |
| A. Seirbhísí a bhaineann leis an mianadóireacht<br><br>(ALT 883)[1] | In SK: Ceanglas cónaithe.<br><br>In CY: Neamhcheangailte. |
| 20. SEIRBHÍSÍ EILE NACH BHFUIL SAN ÁIREAMH AON ÁIT EILE | |
| a) Seirbhísí níocháin, glantacháin agus ruaimnithe<br><br>(ALT 9701) | AE: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí agus céimithe faoi oiliúint. |
| b) Seirbhísí gruagaireachta<br><br>(ALT 97021) | AE: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí agus céimithe faoi oiliúint. |

[1] Áirítear leis na seirbhísí seo a leanas arna soláthar ar bhonn táille nó conartha: seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann le mianadóireacht, ullmhú láithreáin talún, suiteáil rige talún, druileáil, seirbhísí giotáin druileála, seirbhísí cásála agus feadánacha, innealtóireacht láibe agus soláthar láibe, rialú solad, oibríochtaí speisialta iascaireachta agus i bpoll an tobair, rialú geolaíochta agus druileála láithreáin tobair, tógáil croíleacáin, tástáil tobair, seirbhísí sreanglíne, soláthar agus oibriú sreabhán críochnaithe (sáile), soláthar agus suiteáil feistí críochnaithe, stroighniú (brúchaidéalú), seirbhísí spreagtha (fracáil, aigéadú agus brúchaidéalú), seirbhísí foroibriúcháin agus deisithe tobair, stopadh nó tréigean tobair.
Ní áirítear orthu sin rochtain dhíreach ar acmhainní nádúrtha ná saothrú na n-acmhainní sin.
Ní áirítear orthu sin obair ullmhaithe láithreáin le haghaidh mianadóireacht acmhainní seachas ola agus gás (ALT 5115), atá le fáil faoi 8.
Seirbhísí foirgníochta agus seirbhísí a bhaineann le hinnealtóireacht.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| c) Seirbhísí cóireála cosmaidí, lámh-mhaisithe agus cosmhaisithe<br><br>(ALT 97022) | AE: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí agus céimithe faoi oiliúint. |
| d) Seirbhísí eile cóireála áilleachta nach n-aicmítear in áit ar bith eile.<br><br>(ALT 97029) | AE: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí agus céimithe faoi oiliúint. |
| e) Seirbhísí spá agus suathaireacht neamhtheiripeach, a mhéid a sholáthraítear iad mar sheirbhísí scíthe folláine coirp seachas chun críoch leighis nó athshlánaithe[1]<br><br>(ALT leagan 1.0 97230) | AE: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí agus céimithe faoi oiliúint. |

________________

[1] Tá suathaireacht theiripeach agus seirbhísí leighis theirmigh le fáil faoi 6.A.h) Seirbhísí leighis (lena n-áirítear síceolaithe) agus fiaclóireachta, 6.A.j) 2. Seirbhísí a sholáthraíonn altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine, agus seirbhísí sláinte (13.A Seirbhísí ospidéil agus 13.C Saoráidí sláinte cónaitheacha seachas seirbhísí ospidéil.

**IARSCRÍBHINN 10-D**

AN tAONTAS EORPACH

LIOSTA GEALLTANAS MAIDIR LE SOLÁTHRÓIRÍ SEIRBHÍSÍ CONARTHACHA AGUS GAIRMITHE NEAMHSPLEÁCHA I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAIL 10.3 AGUS 10.4

1. Léirítear i liosta na ngealltanas san Iarscríbhinn seo na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a léirscaoileadh de bhun Airteagail 10.3 agus 10.4 le haghaidh na gcatagóirí soláthróirí seirbhísí conarthacha agus gairmithe neamhspleácha, agus sonraítear ann na teorainneacha a bhfuil feidhm acu trí bhíthin forchoimeádas. Tá dhá cholún sa liosta atá san Iarscríbhinn seo, mar a leanas:

   (a) sa chéad cholún sonraítear an earnáil nó an fho-earnáil dá bhfuil an chatagóir de sholáthróirí seirbhísí conarthacha agus de ghairmithe neamhspleácha léirscaoilte; agus

   (b) déantar tuairisc sa dara colún ar na teorainneacha is infheidhme.

   Ní thugann an tAontas Eorpach aon ghealltanas do sholáthróirí seirbhísí conarthacha i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach liostaítear sa chéad cholún den liosta.

2. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, i gcás sainaithint earnálacha aonair agus fo-earnálacha:

   (a) Ciallaíonn 'ALT' an tAicmiú Lárnach Táirgí mar a shainmhínítear in Airteagal 1.3(c); agus

(b) Ciallaíonn 'ALT leagan 1.0' an tAicmiú Lárnach Táirgí mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, ALT leagan 1.0, 1998.

3. Ní bheidh feidhm ag gealltanais do sholáthraithe seirbhísí conarthacha ná do ghairmithe neamhspleácha i gcásanna inarb é aidhm nó éifeacht a fhanachta shealadaigh cur isteach ar thoradh aon díospóide nó idirbheartaíochta saothair nó bainistíochta, nó difear a dhéanamh dóibh ar shlí eile.

4. Ní áirítear ar liosta na ngealltanais san Iarscríbhinn seo bearta maidir le ceanglais agus nósanna imeachta um cháiliú, caighdeáin theicniúla agus ceanglais agus nósanna imeachta um cheadúnú i gcás nach teorannú iad de réir bhrí Airteagal 10.3 nó Airteagal 10.4. Na bearta sin (mar shampla, an gá ceadúnas a fháil, an gá aitheantas a fháil ar cháilíochtaí in earnálacha rialáilte, pas a fháil i scrúduithe sonracha, lena n-áirítear scrúduithe teanga, agus seoladh poist a bheith acu sa chríoch ina ndéantar an ghníomhaíocht eacnamaíoch), fiú mura liostaítear iad san Iarscríbhinn seo, tá feidhm acu in aon chás maidir le príomhphearsanra agus céimithe faoi oiliúint de chuid Stát Sínithe MERCOSUR.

5. A mhéid nach ndéanann an tAontas Eorpach gealltanais, tá feidhm fós ag gach ceanglas eile de chuid dhlíthe gach Páirtí maidir le teacht isteach agus fanacht sealadach, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an tréimhse fanachta.

6. D'ainneoin fhorálacha na Caibidle seo, beidh feidhm fós ag gach ceanglas de chuid dhlíthe agus rialachán gach Páirtí maidir le bearta fostaíochta agus bearta slándála sóisialta, lena n-áirítear rialacháin a bhaineann le híosphá agus comhaontuithe comhchoiteanna pá.

7. Tá liosta na ngealltanais atá san Iarscríbhinn seo gan dochar do mhonaplachtaí poiblí agus cearta eisiacha sna hearnálacha ábhartha, de réir an chur síos in Iarscríbhinn 10-B.

8. Sna hearnálacha ina gcuirtear tástáil riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm, is iad na príomhchritéir go ndéanfar measúnú ar staid ábhartha an mhargaidh i mBallstát den Aontas Eorpach nó i réigiún dá chuid ina soláthraítear an tseirbhís, lena n-áirítear i ndáil le líon na soláthraithe seirbhísí atá ann faoi láthair agus an tionchar orthu.

9. Níl aon éifeacht fhéin-fhorghníomhach ag na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as liosta na ngealltanas san Iarscríbhinn seo agus dá réir sin, ní thugann siad aon chearta go díreach do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha.

10. Tá dul isteach agus fanacht sealadach soláthróirí seirbhíse conarthacha faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) ní gníomhaireacht chun seirbhísí pearsanra a lonnú agus a sholáthar é an duine dlítheanach a fhostaíonn an duine nádúrtha ná ní ghníomhaíonn sé trí ghníomhaireacht den sórt sin;

(b) go dtairgeann na daoine nádúrtha a thagann isteach san Aontas Eorpach seirbhísí den sórt sin mar fhostaithe de chuid an duine dhlítheanaigh a sholáthraíonn na seirbhísí ar feadh 1 bhliain (bliain amháin) ar a laghad díreach roimh an dáta a chuirtear isteach iarratas ar theacht isteach agus, ina theannta sin, a bhfuil taithí ghairmiúil 3 bliana (trí bliana) ar a laghad acu[1] in earnáil na gníomhaíochta is ábhar don chonradh, ar an dáta a chuirtear isteach iarratas ar theacht isteach san Aontas Eorpach;

---

1 Ní mór an taithí ghairmiúil sin a fháil tar éis lán-aois a bhaint amach, mar a shainítear faoi na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme.

(c) na daoine nádúrtha a thiocfaidh isteach san Aontas Eorpach, beidh an méid seo a leanas acu:

(i) céim ollscoile nó cáilíocht lena léirítear eolas ar leibhéal coibhéiseach[1]; agus

(ii) cáilíochtaí gairmiúla, má tá gá le cáilíochtaí den sórt sin chun gníomhaíocht a fheidhmiú de bhun dhlíthe nó rialacháin Bhallstát an Aontais Eorpaigh ina soláthraítear an tseirbhís;

(d) ní mó an líon daoine a chumhdaítear leis an gconradh seirbhíse ná mar is gá chun an conradh a chomhlíonadh, i gcomhréir le dlíthe agus rialúcháin an Bhallstáit den Aontas Eorpach ina soláthraítear an tseirbhís;

(e) i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 10.10(1), is é a bheidh i dteacht isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha laistigh den Aontas Eorpach tréimhse charnach nach faide ná 6 mhí (sé mhí) in aon tréimhse 12 mhí (dhá mhí dhéag) nó ar feadh ré an chonartha, cibé acu is lú; agus

(f) baineann an conradh seirbhíse le ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

– seirbhísí comhairleacha dlí maidir leis an dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí tíre nach Ballstát den Aontas Eorpach í;
– seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta;
– seirbhísí comhairleacha cánachais;
– seirbhísí ailtireachta, pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha;

---

1 I gcás nach i mBallstát den Aontas Eorpach ina soláthraítear an tseirbhís a fuarthas an chéim nó an cháilíocht, féadfaidh an Ballstát den Aontas Eorpach a mheas an bhfuil sé sin coibhéiseach leis an gcéim ollscoile atá ag teastáil ina chríoch.

– seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite;
– seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara;
– seirbhísí taighde agus forbartha;
– fógraíocht;
– seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta;
– seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bainistíochta;
– seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla;
– seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla;
– cothabháil agus deisiú trealaimh;
– seirbhísí aistriúcháin;
– seirbhísí foirgníochta;
– obair imscrúdaithe suímh;
– seirbhísí ardoideachais;
– seirbhísí comhshaoil;
– gníomhaireachtaí taistil agus seirbhísí oibreora turas; agus
– seirbhísí siamsaíochta.

11. Tá teacht isteach agus fanacht sealadach gairmithe neamhspleácha faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) nach ndéanfar conradh an duine nádúrtha chun seirbhísí a sholáthar le tomhaltóir deiridh ar chríoch an Aontais Eorpaigh a thabhairt i gcrích trí ghníomhaireacht mar a shainmhínítear in ALT 872;

(b) ní mór do dhaoine nádúrtha a thiocfaidh isteach san Aontas taithí ghairmiúil 6 bliana (sé bliana) ar a laghad a bheith acu san earnáil gníomhaíochta is ábhar don chonradh, ar an dáta a chuirfear isteach iarratas ar theacht isteach san Aontas;

(c) na daoine nádúrtha a thiocfaidh isteach san Aontas Eorpach, beidh an méid seo a leanas acu:

   (i) céim ollscoile nó cáilíocht lena léirítear eolas ar leibhéal coibhéiseach[1]; agus

   (ii) cáilíochtaí gairmiúla, má tá gá le cáilíochtaí den sórt sin chun gníomhaíocht a fheidhmiú de bhun dhlíthe nó rialacháin Bhallstát an Aontais Eorpaigh ina soláthraítear an tseirbhís;

(d) i gcomhréir le pointe (d) d’Airteagal 10.10(1), beidh teacht isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha laistigh den Aontas Eorpach ar feadh tréimhse charnach nach faide ná 6 mhí (sé mhí) in aon tréimhse 12 mhí (dhá mhí dhéag) nó ar feadh ré an chonartha, cibé acu is lú; agus

(e) baineann an conradh seirbhíse le ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

   – seirbhísí ailtireachta, pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha;
   – seirbhísí innealtóireachta agus seirbhísí innealtóireachta comhtháite;
   – seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara;
   – seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta;
   – seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bainistíochta; agus
   – seirbhísí aistriúcháin.

---

1 I gcás nach i mBallstát den Aontas Eorpach ina soláthraítear an tseirbhís a fuarthas an chéim nó an cháilíocht, féadfaidh an Ballstát den Aontas Eorpach a mheas an bhfuil sé sin coibhéiseach leis an gcéim ollscoile atá ag teastáil ina chríoch.

12. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le hoibleagáid an Aontais Eorpaigh chun cóir náisiúnta a dheonú, ní chumhdaítear an ceanglas maidir leis an gcóir chéanna a dheonaítear i mBallstát den Aontas Eorpach a leathnú chuig daoine nádúrtha nó dlítheanacha de chuid Stáit sínithe MERCOSUR de bhun an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ná maidir le haon bheart a ghlactar de bhun an Chonartha sin, lena n-áirítear cur chun feidhme an Chonartha sin nó bearta den sórt sin i mBallstáit den Aontas Eorpach, a leathnú chuig:

(a) daoine nádúrtha nó cónaitheoirí de Bhallstát den Aontas Eorpach; nó

(b) daoine dlítheanacha atá comhdhéanta nó a eagraítear faoi dhlí Ballstáit eile den Aontas Eorpach nó an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu i mBallstát den Aontas Eorpach.

Deonaítear cóir náisiúnta den sórt sin do dhaoine dlítheanacha atá comhdhéanta nó a eagraítear faoi dhlí Ballstáit eile den Aontas Eorpach nó dhlí an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu i mBallstát den Aontas Eorpach, lena n-áirítear daoine dlítheanacha atá faoi úinéireacht daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha de chuid stát sínithe MERCOSUR nó atá á rialú acu.

13. Tugann an tAontas Eorpach gealltanais mar a leagtar amach in Airteagail 10.3, 10.4, agus 10.10, arna ndifreáil de réir Ballstáit den Aontas Eorpach, más infheidhme.

14. Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas sna liostaí thíos:

– AE An tAontas Eorpach, agus a Bhallstáit uile san áireamh
– LEE An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
– AT An Ostair

– BE An Bheilg
– BG An Bhulgáir
– CY An Chipir
– CZ An tSeicia
– DE An Ghearmáin
– DK An Danmhairg
– EE An Eastóin
– EL An Ghréig
– ES An Spáinn
– FI An Fhionlainn
– FR An Fhrainc
– HR An Chróit
– HU An Ungáir
– IE Éire
– IT An Iodáil
– LV An Laitvia
– LT An Liotuáin
– LU Lucsamburg
– MT Málta
– NL an Ísiltír
– PL An Pholainn
– PT An Phortaingéil
– RO An Rómáin
– SK Poblacht na Slóvaice
– SI An tSlóivéin
– SE An tSualainn

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| GACH EARNÁIL | Aitheantas<br>AE: Níl feidhm ag treoracha an Aontais maidir le haitheantas frithpháirteach dioplómaí ach amháin maidir le daoine nádúrtha a bhfuil náisiúntacht Bhallstáit den Aontas Eorpach acu. Leis an gceart chun seirbhís ghairmiúil rialaithe a chleachtadh i mBallstát amháin den Aontas Eorpach, ní dheonaítear an ceart chun cleachtadh i mBallstát eile den Aontas Eorpach[1]. |
| Seirbhísí comhairleacha dlí maidir leis an dlí idirnáisiúnta poiblí agus an dlí eachtrach (dlí tíre nach Ballstát den Aontas Eorpach í)<br>(cuid de ALT 861)[2] | Soláthraithe seirbhísí conarthacha:<br>In AT, BE, DE, EE, EL, ES, IE, IT, LU, NL, PL, PT, SE: Ceann ar bith.<br>In BG, CZ, DK, FI, HU, LT, LV, MT, RO, SI, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br>In DK: Tá margaíocht ar sheirbhísí comhairleacha dlí srianta do dhlíodóirí a bhfuil ceadúnas Danmhargach chun cleachtadh acu. Tá scrúdú dlí Danmhargach ina cheanglas chun ceadúnas Danmhargach a fháil.<br>In FR: Ceanglaítear ar dhaoine glaoch iomlán (simplithe) chun an Bharra a fháil trí thriail inniúlachta. Tá rochtain dlíodóirí ar ghairmeacha '*avocat auprès de la Cour de cassation*' et '*avocat auprès du Conseil d'Etat*' faoi réir cuótaí agus ceanglas náisiúntachta. |

[1] Chun go bhféadfaidh daoine nádúrtha de Stáit Sínithe MERCOSUR aitheantas a fháil ar fud an Aontais dá gcáilíochtaí, is gá comhaontú um aitheantas frithpháirteach a chaibidliú laistigh den chreat a shainítear de bhun Airteagal 10.11.

[2] Tá seirbhísí dlí, mar atá soláthar seirbhísí eile, faoi réir ceanglais cheadúnúcháin agus nósanna imeachta is infheidhme i mBallstáit an Aontais Eorpaigh. I gcás dlíodóirí a sholáthraíonn seirbhísí dlí i ndáil leis an dlí idirnáisiúnta poiblí agus leis an dlí eachtrach, d'fhéadfadh sé gurb é a bheadh iontu *inter alia* cóid eitice áitiúla a chomhlíonadh, teideal baile a úsáid (ach amháin má tá aitheantas leis an teideal óstach faighte) ceanglais árachais, clárú simplí le Barra na tíre óstaí nó cead isteach simplithe i mBarra na tíre óstaí trí thástáil inniúlachta agus sainchónaí dlíthiúil nó gairmiúil sa tír óstach. Tá feidhm maidir leis an Iarscríbhinn seo ag forchoimeádas le haghaidh seirbhísí dlí a liostaítear in Iarscríbhinní 10-A agus 10-B ag Ballstát den Aontas Eorpach le haghaidh 'dlí náisiúnta' mar fhorchoimeádas lena gcumhdaítear 'dlí an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát'.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | In HR: Tá glaoch iomlán chun an Bharra, atá ina cheanglas le haghaidh seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla, faoi réir ceanglas náisiúntachta.<br><br>In CY: Ceanglas náisiúntachta agus ceanglas cónaithe. Tá glaoch iomlán chun an Bharra ina cheanglas chun seirbhísí dlí a sholáthar, in éineacht le ceanglas cónaithe. Ní fhéadfaidh ach abhcóidí atá cláraithe leis an mBarra a bheith ina gcomhpháirtithe, ina scairshealbhóirí nó ina mbaill den bhord stiúrthóirí i gcuideachta dlí sa Chipir.<br><br>Gairmithe neamhspleácha:<br><br>AE: Neamhcheangailte. |
| Seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta<br><br>(ALT 86212 seachas ‘seirbhísí iniúchóireachta’, ALT 86213, ALT 86219 agus ALT 86220) | Soláthraithe seirbhísí conarthacha:<br><br>In BE, DE, EE, ES, IE, IT, LU, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith.<br><br>In BG, CZ, CY, DK, EL, FI, FR, HU, LT, LV, MT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br><br>In AT: Ní mór go mbeadh an fostóir ina bhall den chomhlacht gairmiúil ábhartha ina dtír dhúchais, más ann do chomhlacht den sórt sin agus má tá ceanglas náisiúntachta i ndáil le hionadaíocht os comhair na n-údarás inniúil.<br><br>In CY: Deonaítear ceadúnas speisialta do náisiúnaigh tríú tír, faoi réir coinníollacha ar leith.<br><br>In FI: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar. Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí leabharchoimeádta.<br><br>In FR: Ceanglas údarúcháin. Tá soláthar seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta ag brath ar chinneadh ón Aire Eacnamaíochta, Airgeadais agus Tionscail, i gcomhaontú leis an Aire Gnóthaí Eachtracha.<br><br>In HR: Ceanglas cónaithe.<br><br>Gairmithe neamhspleácha:<br><br>AE: Neamhcheangailte. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Seirbhísí comhairleacha cánachais<br>(ALT 863)[1] | Soláthraithe seirbhísí conarthacha:<br>In BE, DE, EE, ES, FR, IE, IT, LU, NL, PL, SI, SE: Ceann ar bith.<br>In CZ, CY, DK, EL, FI, HU, LT, LV, MT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br>In AT: Ní mór go mbeadh an fostóir ina bhall den chomhlacht gairmiúil ábhartha ina dtír dhúchais, más ann do chomhlacht den sórt sin agus má tá ceanglas náisiúntachta i ndáil le hionadaíocht os comhair na n-údarás inniúil.<br>In BG: Ceanglas náisiúntachta.<br>In HU, HR: Ceanglas cónaithe.<br>In CY: Deonaítear ceadúnas speisialta do ghairmithe tríú tír, faoi réir coinníollacha ar leith.<br>In PT: Neamhcheangailte.<br>Gairmithe neamhspleácha:<br>AE: Neamhcheangailte. |
| Seirbhísí ailtireachta<br>agus<br>seirbhísí pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha<br>(ALT 8671 agus ALT 8674) | Soláthraithe seirbhísí conarthacha:<br>In EE, ES, EL, FR, IE, IT, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith.<br>In BG, CZ, DE, HU, LT, LV, RO: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br>In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí sholáthróirí seirbhísí conarthacha suas le 3 mhí (trí mhí).<br>In AT: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le seirbhísí ar seirbhísí pleanála go huile agus go hiomlán iad, a bhfuil tástáil riachtanas eacnamaíoch ann ina leith.<br>In BG, CY, SK: Neamhcheangailte.<br>In FI: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar.<br>In HU, HR: Ceanglas cónaithe. |

[1] Ní áirítear seirbhísí comhairleacha dlí ná seirbhísí ionadaíochta dlí i ndáil le cúrsaí cánach, a liostaítear faoi sheirbhísí comhairleacha dlí maidir le dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí eachtrach.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | Gairmithe neamhspleácha:<br>In DE, EE, EL, FR, IE, LU, LV, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith.<br>In FI: Ceann ar bith, seachas nach mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar.<br>In BE, CZ, DK, ES, HU, IT, LT, RO: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br>In AT: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le seirbhísí ar seirbhísí pleanála go huile agus go hiomlán iad, a bhfuil tástáil riachtanas eacnamaíoch ann ina leith.<br>In BG, CY, SK: Neamhcheangailte.<br>In HU, HR, SK: Ceanglas cónaithe. |
| Seirbhísí innealtóireachta<br>agus<br>seirbhísí innealtóireachta comhtháite<br>(ALT 8672 agus ALT 8673) | Soláthraithe seirbhísí conarthacha:<br>In BE, EE, ES, EL, FR, IE, LU, NL, PT, SI, SE: Ceann ar bith.<br>In CZ, DE, HU, MT, RO: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br>In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí sholáthróirí seirbhísí conarthacha suas le 3 mhí (trí mhí).<br>In AT: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le seirbhísí ar seirbhísí pleanála go huile agus go hiomlán iad, a bhfuil tástáil riachtanas eacnamaíoch ann ina leith.<br>In BG, CY, LT, LV, SK: Neamhcheangailte.<br>In CZ, HR, HU, IT, PL: Ceanglas cónaithe.<br>In FI: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar.<br>Gairmithe neamhspleácha:<br>In DE, EE, EL, FR, IE, LU, LV, NL, PT, SI, SE: Ceann ar bith.<br>In BE, CZ, DK, ES, HU, IT, MT, RO: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br>In AT: Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le seirbhísí ar seirbhísí pleanála go huile agus go hiomlán iad, a bhfuil tástáil riachtanas eacnamaíoch ann ina leith.<br>In BG, CY, LT, SK: Neamhcheangailte.<br>In CZ, HR, HU, IT, PL: Ceanglas cónaithe.<br>In FI: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara<br>(ALT 84) | Soláthraithe seirbhísí conarthacha:<br>In BE, DE, EE, EL, ES, FR, IE, IT, LU, LV, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith.<br>In AT, BG, CZ, HU, MT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br>In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí sholáthróirí seirbhísí conarthacha suas le 3 mhí (trí mhí).<br>In CY, LT: Neamhcheangailte.<br>In FI: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar.<br>In HR: Ceanglas cónaithe.<br>Gairmithe neamhspleácha:<br>In DE, EE, EL, FR, IE, LU, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith.<br>In FI: Ceann ar bith, ach amháin: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar.<br>In AT, BE, BG, CZ, DK, ES, HU, IT, MT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br>In CY, HR, LT, LV: Neamhcheangailte. |
| Seirbhísí taighde agus forbartha<br>(ALT 851, 852 seachas seirbhísí síceolaithe[1], 853) | Soláthraithe seirbhísí conarthacha:<br>AE ach amháin in BE: Is gá comhaontú óstála le heagraíocht taighde fhormheasta ([2]).<br>AE ach amháin in BE, CZ, DK, HR, SK: Ceann ar bith.<br>In CZ, DK, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br>In HR: Ceanglas cónaithe.<br>In BE: Neamhcheangailte.<br>Gairmithe neamhspleácha:<br>AE: Neamhcheangailte. |

[1] Cuid de ALT 85201, a thagann faoi sheirbhísí míochaine agus fiaclóireachta.

[2] I gcás gach Ballstáit, ach amháin DK, ní mór formheas na heagraíochta taighde agus an chomhaontaithe óstála na coinníollacha a leagtar amach i dTreoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016, maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnaigh ó thríú tíortha chun críche taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus au pair (IO L 132, 21.5.2016, lch. 21), a chomhlíonadh.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Fógraíocht<br>(ALT 871) | Soláthraithe seirbhísí conarthacha:<br>In BE, DE, EE, ES, FR, HR, IE, IT, LU, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith.<br>In AT, BG, CZ, DK, EL, FI, HU, MT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br>In CY, LT, LV: Neamhcheangailte.<br>Gairmithe neamhspleácha:<br>AE: Neamhcheangailte. |
| Seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta<br>(ALT 865) | Soláthraithe seirbhísí conarthacha:<br>In BE, DE, EE, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith.<br>In AT, BG, CZ, HU, MT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br>In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí sholáthróirí seirbhísí conarthacha suas le 3 mhí (trí mhí).<br>In LT, CY : Neamhcheangailte.<br>Gairmithe neamhspleácha:<br>In DE, EE, EL, FI, FR, IE, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith.<br>In AT, BE, BG, CZ, DK, ES, HR, HU, IT, MT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br>In LT, CY: Neamhcheangailte. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bainistíochta<br><br>(ALT 866) | Soláthraithe seirbhísí conarthacha:<br><br>In BE, DE, EE, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith.<br><br>In AT, BG, CZ, MT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br><br>In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí sholáthróirí seirbhísí conarthacha suas le 3 mhí (trí mhí).<br><br>In HU: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin le haghaidh seirbhísí eadrána agus idir-réitigh (ALT 86602), atá neamhcheangailte.<br><br>In CY, LT: Neamhcheangailte.<br><br>Gairmithe neamhspleácha:<br><br>In BE, DE, EE, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith.<br><br>In AT, BG, CZ, MT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br><br>In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí sholáthróirí seirbhísí conarthacha suas le 3 mhí (trí mhí).<br><br>In HU: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin le haghaidh seirbhísí eadrána agus idir-réitigh (ALT 86602), atá neamhcheangailte.<br><br>In CY, LT: Neamhcheangailte. |
| Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla<br><br>(ALT 8676) | Soláthraithe seirbhísí conarthacha:<br><br>In BE, DE, EE, EL, ES, FR, HR, IE, IT, LU, NL, PL, SI, SE: Ceann ar bith.<br><br>In AT, BG, FI, HU, MT, PT, RO: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br><br>In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí sholáthróirí seirbhísí conarthacha suas le 3 mhí (trí mhí)<br><br>In CY, CZ, LT, LV, SK: Neamhcheangailte.<br><br>Gairmithe neamhspleácha:<br><br>AE: Neamhcheangailte. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Seirbhísí gaolmhara sainchomhairleoireachta eolaíche agus teicniúla<br><br>(ALT 8675) | Soláthraithe seirbhísí conarthacha:<br><br>In BE, EE, EL, ES, HR, IE, IT, LU, NL, PL, SI, SE: Ceann ar bith.<br><br>In AT, CZ, CY, DE, DK, FI, HU, LT, LV, MT, PT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br><br>In DE: Ceann ar bith, cé is moite de shuirbhéirí arna gceapadh go poiblí, atá neamhcheangailte.<br><br>In FI: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta acu atá ábhartha don tseirbhís atá á soláthar.<br><br>In FR: Ceann ar bith, cé is moite d'oibríochtaí suirbhéireachta a bhaineann le cearta maoine a bhunú agus le dlí na talún, atá neamhcheangailte.<br><br>In BG: Neamhcheangailte.<br><br>Gairmithe neamhspleácha:<br><br>AE: Neamhcheangailte. |
| Cothabháil agus deisiú táirgí miotail, innealra (neamh-oifige), trealaimh (neamh-iompair agus neamh-oifige) agus earraí pearsanta agus tí[1]<br><br>(ALT 633, ALT 7545, ALT 8861, ALT 8862, ALT 8864, ALT 8865 agus ALT 8866) | Soláthraithe seirbhísí conarthacha:<br><br>In BE, EE, EL, ES, FR, HR, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith.<br><br>In BG, CZ, CY, DE, DK, HU, IE, LT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br><br>In AT, FI: Neamhcheangailte, seachas i gcomhthéacs conartha iardhíolacháin nó iar-léasa, a bhfuil tástáil riachtanas eacnamaíoch ann ina leith.<br><br>Gairmithe neamhspleácha:<br><br>AE: Neamhcheangailte. |

[1] Liostaítear seirbhísí cothabhála agus deisithe innealra agus trealaimh oifige, lena n-áirítear ríomhairí (ALT 845), faoi sheirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Seirbhísí aistriúcháin<br>(ALT 87905, seachas gníomhaíochtaí oifigiúla nó deimhnithe) | Soláthraithe seirbhísí conarthacha:<br>In BE, DE, EE, EL, ES, FR, HR, IT, LU, NL, PT, SI, SE: Ceann ar bith.<br>In AT, BG, CZ, DK, FI, HU, IE, LV, MT, PL, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br>In CY, LT: Neamhcheangailte.<br>In DK: Aistritheoirí agus ateangairí poiblí údaraithe: ceanglas cónaithe mura ndéanann Gníomhaireacht Tráchtála agus Cuideachtaí na Danmhairge é a tharscaoileadh.<br>In FI: Ceanglas cónaithe le haghaidh aistritheoirí deimhnithe.<br>Gairmithe neamhspleácha:<br>In DE, EE, FR, LU, NL, PT, SI, SE: Ceann ar bith.<br>In AT, BE, BG, CZ, DK, EL, ES, FI, HU, IE, IT, MT, PL, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br>In CY, HR, LT, LV: Neamhcheangailte.<br>In DK: Aistritheoirí agus ateangairí poiblí údaraithe: ceanglas cónaithe mura ndéanann Gníomhaireacht Tráchtála agus Cuideachtaí na Danmhairge é a tharscaoileadh.<br>In FI: Ceanglas cónaithe le haghaidh aistritheoirí deimhnithe. |
| Obair foirgníochta<br>(ALT 51) | Soláthraithe seirbhísí conarthacha:<br>AE ach amháin in FR, NL: Neamhcheangailte.<br>In FR: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. Seachadtar an cead oibre ar feadh tréimhse nach faide ná 6 mhí (sé mhí).<br>In NL: Ceann ar bith.<br>Gairmithe neamhspleácha:<br>AE: Neamhcheangailte. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Obair imscrúdaithe láithreáin<br><br>(ALT 5111) | Soláthraithe seirbhísí conarthacha:<br><br>In BE, DE, EE, EL, ES, FR, HR, IE, IT, LU, MT, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith.<br><br>In CZ, CY, HU, LT, LV, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br><br>In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí sholáthróirí seirbhísí conarthacha suas le 3 mhí (trí mhí).<br><br>In AT, BG, FI: Neamhcheangailte.<br><br>Gairmithe neamhspleácha:<br><br>AE: Neamhcheangailte. |
| Seirbhísí ardoideachais<br><br>(ALT 923) | Soláthraithe seirbhísí conarthacha:<br><br>AE ach amháin in LU: Neamhcheangailte.<br><br>In LU: Neamhcheangailte ach amháin maidir le teacht isteach sealadach ollúna, nach bhfuil: ceann ar bith ina leith.<br><br>Gairmithe neamhspleácha:<br><br>AE: Neamhcheangailte. |
| Seirbhísí comhshaoil<br><br>(ALT 9401[1], ALT 9402, ALT 9403, ALT 9404[2], cuid de ALT 94060[3], ALT 9405, cuid de ALT 9406, ALT 9409) | Soláthraithe seirbhísí conarthacha:<br><br>In BE, EE, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LU, NL, PL, PT, SI, SE: Ceann ar bith.<br><br>In AT, BG, CZ, DE, DK, EL, HU, LV, MT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch.<br><br>In CY, LT: Neamhcheangailte.<br><br>In SK: Ceanglas cónaithe le haghaidh próiseáil agus athchúrsáil ceallraí agus taisc-cheallraí caite, dramholaí, seanghluaisteán agus dramhaíola ó threalamh leictreach agus leictreonach.<br><br>Gairmithe neamhspleácha:<br><br>AE: Neamhcheangailte. |

1 Comhfhreagraíonn sé do sheirbhísí séarachais.
2 Comhfhreagraíonn sé do sheirbhísí glantacháin gás sceite.
3 Comhfhreagraíonn sé do chodanna de sheirbhísí cosanta dúlra agus tírdhreacha.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Seirbhísí gníomhaireachtaí taistil agus tionscnóirí turais (bainisteoirí turais san áireamh[1]) (ALT 7471) | Soláthraithe seirbhísí conarthacha: In AT, CZ, DE, EE, ES, FR, IT, LU, NL, PL, SI, SE: Ceann ar bith. In BG, EL, FI, HU, LT, LV, MT, PT, RO, SK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí sholáthróirí seirbhísí conarthacha suas le 3 mhí (trí mhí). In BE, IE: Neamhcheangailte, seachas i gcás bainisteoirí turas (daoine a bhfuil sé d'fheidhm acu grúpa turais de 10 (deichniúr) ar a laghad a thionlacan, gan gníomhú mar threoraithe in áiteanna sonracha), nach bhfuil: ceann ar bith ina leith. In HR: Ceanglas cónaithe. In CY: Neamhcheangailte. Gairmithe neamhspleácha: AE: Neamhcheangailte. |
| Seirbhísí siamsaíochta, seachas seirbhísí closamhairc (lena n-áirítear seirbhísí amharclannaíochta, bannaí beo, sorcais agus dioscó) (ALT 9619) | Soláthraithe seirbhísí conarthacha: In AE, cé is moite de BE, DE, FR: Tástáil riachtanas eacnamaíoch. In BE, DE, FR: Neamhcheangailte. In SI: Tá fad an fhanachta teoranta do 7 lá (seacht lá) in aghaidh na himeachta. I gcás sheirbhísí sorcais agus páirc shiamsaíochta, tá fad an fhanachta teoranta do 30 lá (tríocha lá) in aghaidh na bliana féilire. Gairmithe neamhspleácha: AE: Neamhcheangailte. |

________________

[1] Soláthróirí seirbhísí a bhfuil sé d'fheidhm acu grúpa turais de dheich (10) nduine nádúrtha ar a laghad a thionlacan, gan gníomhú mar threoraithe in áiteanna sonracha.